dlr

Comhairle Contae County Council

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012



# Clár


| | |
|---|---|
| Réamhrá 2012 | 2 |
| Dún Laoghaire-Rathdown County Council<br>Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth An Dúin | 3 |
| Comhdhálacha/Seimineáir<br>Oiliúna ar ar freastalíodh in 2012 | 5 |
| Comhaltas Comhairleoirí ar Chomhlachtaí Eile | 6 |
| Comhaltas An Choiste ar Bheartas Straitéiseach (CBS) | 9 |
| Tuarascálacha na gCoistí ar Bheartas Straitéiseach | 11 |
| An Freastal A Rinne Comhairleoirí ar Chruinnithe in 2012 | 13 |
| Liosta Comhdhálacha/Cúrsaí Oiliúna ar ar<br>Freastalaíodh i rith 2012 | 14 |
| Iniúchadh ar Rúin curtha i láthair ag Comhairleoirí agus Aontaithe ag Cruinnithe Comhairle in 2012 | 16 |
| An Rannóg Ailtirí | 21 |
| An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus TF | 24 |
| An Rannóg Comhshaoil, Cultúir agus Pobail | 28 |
| An Rannóg Airgeadais | 32 |
| An Rannóg Tithíochta | 35 |
| An Rannóg Acmhainní Daonna agus<br>An Bord Forbartha Contae | 39 |
| An Rannóg Seirbhísí Dlí | 46 |
| An Rannóg Pleanála | 47 |
| An Rannóg Iompair | 51 |
| Seirbhísí Uisce agus Dramhaíola | 56 |
| Clár Comhardaithe na Bliana Dar Críoch 31 Nollaig 2012 | 62 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais na<br>Bliana Dar Críoch 31 Nollaig 2012 | 63 |

# Réamhrá 2012



**An Comhairleoir Tom Joyce**

An Cathaoirleach



**Owen P. Keegan**

An Bainisteoir Contae

Is mór againn Tuarascáil Bhliantúil 2012 na Comhairle a chur i láthair, tuarascáil ina dtugtar breac-chuntas ar obair na Comhairle i ndáil le seirbhísí tábhachtacha poiblí agus raon tionscadal bonneagair a chur i gcrích i gcaitheamh na bliana, seirbhísí agus tionscadail a chuireann tuilleadh fós le tarraingteacht Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin mar áit le bheith ag obair, ag maireachtáil agus i mbun gnó ann.

Sa bhliain 2012, b'éigean don Chomhairle déileáil le hiarmhairtí na laige a bhain fós leis an ngeilleagair intíre agus leis an gcoigeartú leanúnach san airgeadas poiblí. Ba laghdú suntasach an laghdú ar ár leithdháileadh don bhliain 2012 as Ciste an Rialtais Áitiúil, i gcomparáid le laghdú na bliana 2011, (díreach faoi 11%) ach lena chois sin tháinig rátaí tráchtála agus gach foinse eile ioncaim a bhí ag an gComhairle faoi bhrú freisin. B'éigean don Chomhairle déileáil freisin leis an drochthionchar ó thaobh airgeadais de a bhain leis an athluacháil a rinne an Oifig Luachála ar a bonnráta tráchtála agus rinne sí caillteanas €2.2 milliún eile sna rátaí ioncaim i gcaitheamh 2012 – le cois an chaillteanais €3.5 milliún a rinne sí in 2011 – de thoradh na n-achomharc luachála.

Is fiú a lua mar sin féin, agus an t-ualach fíordhúshlánach sin sa mhullach uirthi, go raibh ar chumas na Comhairle an raon leathan seirbhísí a sholáthraíonn sí a choinneáil ar bun sa bhliain 2012.

D'ainneoin dálaí airgeadais a bheith corrach, ghlac an Chomhairle Clár Caipitil ardaidhmeannach ag an gcruinniú a bhí aici i mí na Bealtaine 2012. Clúdaíonn an clár an tréimhse ceithre bliana 2012 go 2015 agus rinneadh foráil €113.1 milliún ann do na tionscadail chaipitil reatha agus foráil €52.1 milliún do thionscadail nua sna réimsí seo - iompar, seirbhísí uisce agus dramhaíola, comhshaol, cultúr agus saoráidí pobail. Is as acmhainní na Comhairle féin a thiocfaidh an chuid is mó den chistiú le haghaidh an Chláir. Tugadh Ionad Cóireála Fuíolluisce Sheangánaí, tionscadal shruth Dhún Charúin/ Maretimo agus linn snámha Bhaile Uí Lachnáin chun críche go héifeachtach sa bhliain 2012.

D'ísligh líon foirne na Comhairle arís sa bhliain 2012. San iomlán, d'fhág 36 ball foirne (coibhéis lánaimseartha) fostaíocht na Comhairle i gcaitheamh na bliana. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2012, bhí fostaíocht na Comhairle d'uireasa 403 duine (coibhéis lánaimseartha) rud ab ionann is titim 28% ón ráta ab airde fostaíochta mar a bhí an 31 Nollaig 2003.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do cheannaireacht na gComhaltaí Tofa go léir agus buíochas a ghlacadh le foireann na Comhairle as a saothar i rith na bliana.



**An Comhairleoir Tom Joyce**

An Cathaoirleach



**Owen P Keegan**

An Bainisteoir Contae

# Dún Laoghaire-Rathdown County Council
# Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth An Dúin

Mar atá an 31/12/2012

## Toghcheantar an Bhaile Bhric

**BAILEY, Maria (F.G.)**
An Choill Mhór, Bóthar Chill Iníon Léinín, Cill Iníon Léinín, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-1019750
**Facs:** 2854129
**Ríomhphost:** mbailey@cllr.dlrcoco.ie

**LEWIS, Hugh (P.B.P.)**
179 Páirc Phlásóg na Fuinseoige, An Baile Breac, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-7814523
**Ríomhphost:** hlewis@cllr.dlrcoco.ie

**MARREN, Donal (F.G.)**
17 Lóiste na Carraige, Cill Iníon Léinín, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-6078195
**Teil:** 2853160 (Baile)
**Ríomhphost:** dmarren@cllr.dlrcoco.ie

**O'CALLAGHAN, Denis (L.OIBRE)**
49 Páirc Ráth Salach, Seanchill, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-2785609
**Teil/Facs:** 2822436 (Baile)
**Ríomhphost:** denisoc@cllr.dlrcoco.ie

**SMYTH, Carrie (L. OIBRE)**
Inislachan, Bóthar Ghort na Mara, Cill Iníon Léinín, Co. Bhaile Átha Cliath
**Fón Póca:** 086-3835051
**Ríomhphost:** carriesmyth@cllr.dlrcoco.ie

## Toghcheantar na Carraige Duibhe

**BAKER, Marie (F.G.)**
38 Plásóg Avondale, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-8186704
**Teil:** 2887713 (Baile)
**Ríomhphost:** mbaker@cllr.dlrcoco.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.mariebaker.net

**BHREATHNACH, Niamh, (L. OIBRE)**
12 Ascaill Anglesea, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-6078193
**Teil:** 2889321 (Baile) **Facs:** 2835918
**Ríomhphost:** nbhreathna@cllr.dlrcoco.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.labour.ie/niamhbhreathnach/

**BOYHAN, Victor (Neamhspleách)**
25 Corrán na Gráinsí, Cill na Gráinsí,
Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-2350382
**Teil:** 2369888 (Baile)
**Ríomhphost:** vboyhan@cllr.dlrcoco.ie

**WARD, Barry (F.G)**
c/o CCDLR, Halla an Chontae, Bóthar na Mara,
Dún Laoghaire.
**Fón Póca:** 085-1578000
**Ríomhphost:** bward@cllr.dlrcoco.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.barryward.ie

## Toghcheantar Dhún Laoghaire

**BAILEY, John (F.G.)**
An Choill Mhór, Bóthar Chill Iníon Léinín, Cill Iníon Léinín, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-8324523
**Facs:** 2854129
**Ríomhphost:** jbailey@cllr.dlrcoco.ie

**DEVLIN, Cormac (F.F.)**
St. Michael's, 117 Ascaill Ghleann na gCaorach, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-8186814
**Teil:** 2750786
**Ríomhphost:** cdevlin@cllr.dlrcoco.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.cormacdevlin.ie

**DILLON-BYRNE, Jane (L.OIBRE)**
Teach Silchester, Bóthar Silchester, Gleann na gCaorach, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-6078150
**Teil:** 2801624 (Baile)

**FITZPATRICK, Stephen (L.OIBRE)**
9 Páirc Silchester, Gleann na gCaorach, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-7814519
**Ríomhphost:** sfitzpatrick@cllr.dlrcoco.ie

**HALPIN, Melisa (PBP)**
91 Sráid Sheoirse Íochtarach, Dún Laoghaire,
Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-3805793
**Ríomhphost:** mhalpin@cllr.dlrcoco.ie

**STEWART, Patricia (F.G.)**
7 Lána na Stáblaí, Ardán Crofton,
Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-8291002
**Ríomhphost:** pstewart@cllr.dlrcoco.ie

## Toghcheantar Dhún Droma

**BRENNAN, Aoife (F.F.)**
31 Páirc Finsbury, Baile an Teampaill, Baile Átha Cliath 14.
**Fón Póca:** 086-7814516
**Ríomhphost:** abrennan@cllr.dlrcoco.ie

**FOX, Tony (Neamhspleách)**
93 Páirc Radharc an tSléibhe,
Baile an Teampaill, Baile Átha Cliath 14.
**Fón Póca:** 086-6086903
**Teil:** 2980816 (Baile)
**Ríomhphost:** tonyfox@cllr.dlrcoco.ie

**HAND, Pat (F.G.)**
25 Garrán an Chrainn Chnó Capaill,
Baile an tSaoir, Baile Átha Cliath 16.
**Fón Póca:** 086-6078181
**Teil:** 4945905 (Baile)
**Ríomhphost:** phand@cllr.dlrcoco.ie

**O'Dea, Jim (F.G.)**
8 Garrán Ghleann na Giúise,
Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16.
**Fón Póca:** 087-7677722
**Ríomhphost:** jimodea@cllr.dlrcoco.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.jimodea.ie

**TALLON, Grace (L. Oibre)**
5 Ascaill Dhroim Meala, Dún Droma, Baile Átha Cliath 14.
**Fón Póca:** 086-2492837
**Ríomhphost:** gtallon@cllr.dlrcoco.ie

## Toghcheantar Ghleann Cuilinn / Áth an Ghainimh

**JOYCE, Tom (F.G.)**
2 Fearann an Teampaill, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18.
**Fón Póca:** 086-3881530
**Ríomhphost:** tjoyce@cllr.dlrcoco.ie

**McCARTHY, Lettie (L.OIBRE)**
23 Arda Chill Ghobáin, An Chéim, Baile Átha Cliath 18.
**Fón Póca:** 086-8186718
**Ríomhphost:** lmccarthy@cllr.dlrcoco.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.lettie.net

**MURPHY, Tom (F.F.)**
Tree Tops, Barr na Coille, Áth an Ghainimh,
Baile Átha Cliath 18.
**Fón Póca:** 086-7814515
**Teil:** 2956006 (Oifig)
**Ríomhphost:** tmurphy@cllr.dlrcoco.ie

**RICHMOND, Neale (F.G.)**
23 Arda Bhaile an Rí, Baile an tSaoir,
Baile Átha Cliath 16.
**Fón Póca:** 086-7814514
**Ríomhphost:** nrichmond@cllr.dlrcoco.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.nealerichmond.com

## Toghcheantar Stigh Lorgan

**HORKAN, Gerry (FF)**
7 Páirc Choill an Chuilinn, Baile na nGabhar,
Baile Átha Cliath 14.
**Fón Póca:** 086-3881531
**Ríomhphost:** ghorkan@cllr.dlrcoco.ie

**HUMPHREYS, An Dr. Richard (L.OIBRE)**
34 Bóthar an tSeiceamair,
Cnoc Mhuirfean, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-7814518
**Ríomhphost:** rhumphreys@cllr.dlrcoco.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.richardhumphreys.ie

**O'KEEFFE, Gearóid (Neamhspleách)**
13 Rocwood, Carraig an tSionnaigh, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-8186727
**Ríomhphost:** gokeeffe@cllr.dlrcoco.ie

**SAUL, Barry (F.G.)**
3 Bóthar Mather Thuaidh,
Cnoc Mhuirfean, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-7814517
**Ríomhphost:** bsaul@cllr.dlrcoco.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.barrysaul.ie

# Comhdhálacha/Seimineáir Oiliúna ar ar freastalíodh in 2012

| Ainm an Chomhairleora | Coiste Limistéir Dhún Laoghaire | Coiste Limistéir Dhún Droma | An Coiste Eagrúcháin, Nósanna Imeachta agus Prótacail |
|---|---|---|---|
| Bailey, An Clr. John | ✔ | | |
| Bailey, An Clr. Maria | ✔ | | |
| Baker, An Clr. Marie | ✔ | | ✔ |
| Bhreathnach, An Clr. Niamh | ✔ | | ✔ |
| Boyhan, An Clr. Victor | ✔ | | ✔ |
| Brennan, An Clr. Aoife | | ✔ | |
| Devlin, An Clr. Cormac | ✔ | | |
| Dillon-Byrne, An Clr. Jane | ✔ | | |
| Fitzpatrick, An Clr. Stephen | ✔ | | |
| Fox, An Clr. Tony | | ✔ | |
| Halpin, An Clr. Melisa | ✔ | | |
| Hand, An Clr. Pat | | ✔ | ✔ |
| Horkan, An Clr. Gerry | | ✔ | ✔ |
| Humphreys, An Clr. Richard | | ✔ | ✔ |
| Joyce, An Clr. Tom | | ✔ | ✔ |
| Lewis, An Clr. Hugh | ✔ | | ✔ |
| Marren, An Clr. Donal | ✔ | | ✔ |
| McCarthy, An Clr. Lettie | | ✔ | |
| Murphy, An Clr. Tom | | ✔ | ✔ |
| O'Callaghan, An Clr. Denis | ✔ | | ✔ |
| O'Dea, An Clr. Jim | | ✔ | |
| O'Keeffe, An Clr. Gearóid | | ✔ | |
| Richmond, An Clr. Neale | | ✔ | |
| Saul, An Clr. Barry | | ✔ | ✔ |
| Smyth, An Clr. Carrie | ✔ | | ✔ |
| Stewart, An Clr. Patricia | ✔ | | |
| Tallon, An Clr. Grace | | ✔ | |
| Ward, An Clr. Barry | ✔ | | ✔ |

# Comhaltas Comhairleoirí ar Chomhlachtaí Eile

| Ainm an Chomhairleora | Cumann Comhairlí Contae is Cathrach [Ardchomhairle na gComhairlí Contae mar a bhíodh] | An Coiste Iniúchta | CGO Chontae Bhaile Átha Cliath | Cuideachta Bhaile Oidhreachta Dheilginse | Maoine DLR | An Tascfhórsa ar Dhrugaí | An Grúpa ar Bheartas Straitéiseach do Chomhaontú Fostaíochta Átha Cliath | Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath | Coiste Oibriúcháin A.E. Údarás Réigiúnach Átha Cliath | Cumann Fiontar Pobail Dhún Laoghaire | Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | Seirbhísí Fóillíochta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Clr. J. Bailey | | ✔ | | ✔ | | | | | | | | | |
| An Clr. M. Bailey | | | | | | | | | | | | | |
| An Clr. M. Baker | | | | | ✔ | | | | | | ✔ | | |
| An Clr. N. Bhreathnach | | | | | | *Éirithe as an 13/2/12* | ✔ | | | | | | |
| An Clr. V. Boyhan | | | | | | | | | | | | | |
| An Clr. A. Brennan | | | | | | | | | | | | | |
| An Clr. C. Devlin | | | | | | | | | | | | | |
| An Clr. J. Dillon-Byrne | | | | | | | | | | | | | |
| An Clr. S. Fitzpatrick | | | | | | | | ✔ | | | | | ✔ |
| An Clr. T. Fox | | | | | | | | | | | ✔ | | |
| An Clr. M. Halpin | | | | | | | | | | | | | |
| An Clr. P. Hand | ✔ | | ✔ | | | | | | | | ✔ | | |
| An Clr. G. Horkan | | ✔ | | | ✔ | | | ✔ | | ✔ | | | |
| An Clr. An Dr. R. Humphreys | | ✔ | | | | | | | | | | | |
| An Clr. T. Joyce | | | | | | | | | | | | ✔ | |
| An Clr. H. Lewis | | | | | | | | | | | | | |
| An Clr. D. Marren | | | | | | | | | | | | ✔ | |
| An Clr. L. McCarthy | | | | | ✔ | | | ✔ | | | ✔ | | |
| An Clr. T. Murphy | | | | | | ✔ | | | | | | | |
| An Clr. D. O'Callaghan | ✔ | | | | | *Ceaptha an 12/3/12* | | | | | | ✔ | |
| An Clr. G. O'Keeffe | | | | | | | | | | | | | |
| An Clr. O'Dea Jim | | | | | | | | | | | | | |
| An Clr. N. Richmond | | | | | | | | ✔ | ✔ | | | ✔ | |
| An Clr. B. Saul | | | | | ✔ | | | ✔ | | | | | ✔ |
| An Clr. C. Smyth | | | ✔ | | | | | | | | | | |
| An Clr. P Stewart | | | | ✔ | | | | | | | | | |
| An Clr. G Tallon | | | | | | | | | | | | | |
| An Clr. B. Ward | ✔ | | | | | | | | | | | | |

| Ainm an Chomhairleora | Cuideachta Amharclainne Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire | Údarás Abhantrach an Oirthir | Comhar-Árachais Comhairlí Éireann Teo. | An Comhchoiste Póilíneachta | Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil | Coiste Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil maidir le Treoirlínte do Phleanáil Straitéiseach do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath | An Fóram Áitiúil Póilíneachta | An Fóram Áitiúil Póilíneachta do Limistéar Áth an Ghainimh/na Céime | An Coiste Comhairliúcháin Áitiúil arna bhunú faoi Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 | Ciste Cuimhneacháin An Tiarna Edward Fitzgerald |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cllr. J. Bailey | | ✔ | | | | | | | | | |
| Cllr. M. Bailey | | ✔ | | | | | | | | | |
| Cllr. M. Baker | | | | | ✔ | | | | | | ✔ |
| Cllr. N. Bhreathnach | | ✔ | | | ✔ | | ✔ | | | | |
| Cllr. V. Boyhan | | | | | | | | | | | |
| Cllr. A. Brennan | | | | | ✔ | | | | | | |
| Cllr. C. Devlin | ✔ | ✔ | | | ✔ | | | | | | |
| Cllr. J. Dillon-Byrne | ✔ | ✔ | ✔ | | ✔ | | | | | | |
| Cllr. S. Fitzpatrick | | ✔ | | | | | | | | | |
| Cllr. T. Fox | | | | | | | | | | | |
| Cllr. M. Halpin | | | | | | | | | | | |
| Cllr. P. Hand | | | | | | | | | | | |
| Cllr. G. Horkan | | *Ceaptha an 10/12/12* | | | | | | | | | |
| Cllr. Dr. R. Humphreys | | | | | ✔ | | | | | | ✔ |
| Cllr. T. Joyce | | | | | ✔ | | ✔ | | | | |
| Cllr. H. Lewis | | | | | ✔ | | | | | | |
| Cllr. D. Marren | ✔ | ✔ | | | | ✔ | | | | | |
| Cllr. L. McCarthy | | | | | ✔ | | | | ✔ | | |
| Cllr. T. Murphy | | *Éirithe as Noll 2012* | | | | | | | | ✔ | |
| Cllr. D. O'Callaghan | | | | | | | | | | *Éirithe as Meitheamh 2012* | |
| Cllr. G. O'Keeffe | | | | | | | | | | | |
| Cllr. O'Dea Jim | | | | | ✔ | | | | | ✔ | |
| Cllr. N. Richmond | | | | | | | | | | | |
| Cllr. B. Saul | | | ✔ | | ✔ | | | | | | |
| Cllr. C. Smyth | | | | | ✔ | | | ✔ | | | |
| Cllr. P. Stewart | | *Ceaptha an 10/12/12* | | | ✔ | | | | | | |
| Cllr, G. Tallon | | | | | | | | | | *Ceaptha an 11/06/12* | |
| Cllr. B. Ward | | *Éirithe as Noll 2012* | | ✔ | ✔ | | | | | | ✔ |

Comhaltas Comhairleoirí ar Chomhlachtaí Eile (ar lean)

| Comhairleoir/Comhalta | Coiste Faireacháin an Phlean Chomhtháite Limistéir do Lár Dhún Laoghaire | Saoráid Phobail Bhaile an Chnoic | An Fóram Sláinte Réigiúnach | Comhaontas Cheantar Gnó Áth an Ghainimh | Fochoiste SIMS/Grúpa Faireacháin RAPID an Chontae | Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir | Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath dlr |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Clr. J. Bailey | | ✔ | | | | | |
| An Clr. M. Bailey | | | ✔ | | | | |
| An Clr. M. Baker | | | | | | | |
| An Clr. N. Bhreathnach | | | | | | | |
| An Clr. V. Boyhan | | | | | | | |
| An Clr. A. Brennan | | | | | | | |
| An Clr. C. Devlin | | ✔ | | | | | |
| An Clr. J. Dillon-Byrne | | | ✔ | | | | |
| An Clr. S. Fitzpatrick | ✔ | ✔ | | | | | ✔ |
| An Clr. T. Fox | | | ✔ | | ✔ | | ✔ Éirithe as Meitheamh 2012 |
| An Clr. M. Halpin | | | | | | | |
| An Clr. P. Hand | | | ✔ | | | | |
| An Clr. G. Horkan | | | ✔ | | | | |
| An Clr. An Dr. R. Humphreys | | | | | | | |
| An Clr. T. Joyce | ✔ | | | ✔ | | | |
| An Clr. H. Lewis | | | | | | | ✔ |
| An Clr. D. Marren | | | | | ✔ | | |
| An Clr. L. McCarthy | | | | ✔ | | ✔ | |
| An Clr. T. Murphy | | | | | | | |
| An Clr. D. O'Callaghan | | | ✔ | | | | |
| An Comh. J. O'Dea | | | | | | | |
| An Clr. G. O'Keeffe | | | | | | | |
| An Clr. N. Richmond | | | | | | | |
| An Clr. B. Saul | | | | | | ✔ | ✔ Ceaptha an 02/07/12 |
| An Clr. C. Smyth | | | | | ✔ | | |
| An Clr. P Stewart | | | | | | | |
| An Clr. G. Tallon | | | | | | | |
| An Clr. B. Ward | | | | | | | |

# Comhaltas An Choiste ar Bheartas Straitéiseach (CBS)

* Léiríonn an Tábla an comhaltas mar a bhí in 2012

| Comhairleoir/Comhalta | An CBS don Chomhshaol, Cultúr agus Pobal | An CBS do Sheirbhísí Uisce agus Dramhaíola | An CBS don Tithíocht | An CBS don Phleanáil | An CBS don Iompar |
|---|---|---|---|---|---|
| Bailey, An Clr. John | | | ✔ | ✔ | |
| Bailey, An Clr. Maria | | | | ✔ | ✔ |
| Baker, An Clr. Marie | | ✔ | | | ✔ |
| Bhreathnach, An Clr. Niamh | | | | *Cathaoirleach* | ✔ |
| Boyhan, An Clr. Victor | | | | ✔ | ✔ |
| Brennan, An Clr. Aoife | ✔ | | ✔ | | |
| Devlin, An Clr. Cormac | ✔ | | | | ✔ |
| Dillon-Byrne, An Clr. Jane | | ✔ | ✔ | | |
| Fitzpatrick, An Clr. Stephen | ✔ | ✔ | | | |
| Fox, An Clr. Tony | ✔ | | | | ✔ |
| Halpin, An Clr. Melisa | | | ✔ | ✔ | |
| Hand, An Clr. Pat | | ✔ | | | *Cathaoirleach* |
| Horkan, An Clr. Gerry | | *Cathaoirleach* | | | ✔ |
| Humphreys, An Clr. An Dr. Richard | | ✔ | | | ✔ |
| Joyce, An Clr. Tom | | | ✔ | ✔ | |
| Lewis, An Clr. Hugh | ✔ | ✔ | | | |
| Marren, An Clr. Donal | ✔ | | *Cathaoirleach* | | |
| McCarthy, An Clr. Lettie | | | ✔ | ✔ | |
| Murphy, An Clr. Tom | | ✔ | | ✔ | |
| O'Callaghan, An Clr. Denis | *Cathaoirleach* | | ✔ | | |
| O'Dea, An Clr. Jim | ✔ | | | ✔ | |
| O'Keeffe, An Clr. Gearóid | | ✔ | ✔ | | |
| Richmond, An Clr. Neale | | ✔ | ✔ | | |
| Saul, An Clr. Barry | ✔ | ✔ | | | |
| Smyth, An Clr. Carrie | ✔ | | | | ✔ |
| Stewart, An Clr. Patricia | ✔ | | | ✔ | |
| Tallon, An Clr. Grace | | | ✔ | ✔ | |
| Ward, An Clr. Barry | ✔ | | | | ✔ |

## Comhaltas An Choiste ar Bheartas Straitéiseach (CBS) ar lean

| Ionadaithe Ó Na Hearnálacha | An CBS don Chomhshaol, Cultúr agus Pobal | An CBS do Sheirbhísí Uisce agus Dramhaíola | An CBS don Tithíocht | An CBS don Phleanáil | An CBS don Iompar |
|---|---|---|---|---|---|
| Cumann Chomhlachais Lucht Tráchtála na hÉireann | | *(Folamh)* | *(Folamh)* | | *(Folamh x 2)* |
| Coleman, Matthew | | | | | ✔ |
| Crowe, Michael | | | ✔ | | |
| Fóram Pobail Chontae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin | *(Folamh)* | | | | |
| Ferris, Liz | ✔ | | | | |
| Fitzgerald, Orla | | | | ✔ | |
| Fitzpatrick, Séamus | | | ✔ | | |
| Fitzsimons, Ken | | | | | ✔ |
| Fitzsimons, Robert | | | | | ✔ |
| Gallagher, Matt | | | | ✔ | |
| Heywood, Veronica | | | | ✔ | |
| Humphreys, Orlaith | | | | ✔ | |
| Keogh, Chris | ✔ | | | | |
| Kirker, Roger | ✔ | | | | |
| Kivlehan Thomas | | ✔ | | | |
| Merrigan, Michael | ✔ | | | | |
| Morley, Catherine | | | ✔ | | |
| Nolan, Tom | | | | | ✔ |
| O'Connor, Noel | | | ✔ | | |
| O'Callaghan, Paul | | | | ✔ | |
| O'Donnell, Martin | | | | ✔ | |
| O'Hanlon, John | | ✔ | | | |
| O'Neill, Hugh | | ✔ | | | |
| O'Neill, Séamas | | | ✔ | | |
| O'Shea, Stephen | | ✔ | | | |
| O'Sullivan, Damien | ✔ | | | | |
| Sanfey, Michael | | ✔ | | | |

# Tuarascálacha na gCoistí ar Bheartas Straitéiseach

## An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Chomhshaol, don Chultúr agus don Phobal

Tionóladh 4 chruinniú in 2012.
Ba iad seo a leanas na príomh-shaincheisteanna a breithníodh:

- An Dréacht de na Fodhlíthe Trá 2012
- An Dréachtphlean Oidhreachta 2013-2018
- An Dréachtbheartas maidir le Gairdíní Pobail
- Athbhreithniú ar an mBeartas Súgartha, 2003.
- Tuairiscí chun dáta ar Chur i nGníomh Bheartas na nEalaíon Poiblí
- Tuairiscí chun dáta ar ionad don Saothar 'Gateway'
- Plean DLR maidir le Feidhmiú an Bheartais d'Fhorbairt na nEalaíon 2012

## An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Tithíocht

Tionóladh 4 chruinniú in 2012.
Is achoimre an méid seo a leanas ar na saincheisteanna a pléadh:

- Cur i láthair ar dheontais le haghaidh Oiriúnuithe Tithíochta do Dhaoine Míchumasaithe/Daoine Scothaosta
- Tuairisc ar an athbhreithniú ar an Scéim Leithdháilte Tithíochta
- Cur i láthair ó Chumann Tithíochta Sonas maidir lena bhféadfaí tearmann a sholáthar i limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin do dhaoine a fhulaingíonn ó Fhoréigean Teaghlaigh
- Tuairisc ar Úinéireacht i bPáirt agus ar an Scéim Tithíochta Incheannaithe
- Cur i láthar ar Ról na hEarnála Deonaí – ó Chomhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta
- Tuairisc ar Chumainn Tithíochta/Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTC) faoi Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992
- Achoimre ar an nGníomhaíocht a rinne an Rannóg Tithíochta in 2012

## An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Phleanáil

Tionóladh 4 chruinniú in 2012.
Is achoimre an méid seo a leanas ar na saincheisteanna a pléadh:

- Dréacht den Chlár Oibre do 2012
- Cur i láthair ar Bheartas an Rialtais ar an Ailtireacht
- Tuairisc agus Cur i láthair ar an Dréachtscéim Pleanála do Chrios Forbartha Straitéisí Choill na Silíní
- Cuairt suímh ar Choill na Silíní, Dé Céadaoin, an 6 Meitheamh 2012
- Tuairisc ar na Pleananna Limistéir Áitiúil atá beartaithe don Charraig Dhubh agus do Dhún Laoghaire
- Tuairisc ar Phleananna Limistéir Áitiúil – Dréacht-treoirlínte d'Údaráis Áitiúla
- Cur i láthair ar Dhaonáireamh 2011
- Tuairisc ar an Treoirdhoiciméad maidir le Rialacháin Phleanála a Chur i nGníomh
- Forbairtí Tithíochta nach bhfuil críochnaithe – Tuairisc ar Dhul chun cinn
- Cur i láthair ar www.myplan.ie

## An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Iompar

Tionóladh 4 chruinniú in 2012.
Bhreithnigh an Coiste na nithe seo a leanas:

- Tuarascáil Bhliantúil ar Chur i nGníomh na Rialachán Páirceála
- Scéim Feabhsúcháin Bhóthar na Potaireachta
- Staidéar ar an Líonra Rothaíochta
- Meastóireacht ar an bPlean um Shábháilteacht ar Bhóithre do 2011
- Scéim Deontais i ndáil le Feithicil Oiriúnach do Chathaoir Rothaí
- Aighneacht CCDLR chuig an ÚNI maidir le comhairliúchán i dtaobh córas busanna poiblí faoin gConradh i gcomhair Seirbhísí Poiblí, Busanna, 2014
- Seachtain na Rothar (16 Meitheamh - 24 Meitheamh)
- An Máistirphlean Poirt de chuid Chuideachta Poirt Bhaile Átha Cliath go 2040
- An tIarnród in 2030
- Aighneacht CCDLR chuig an bPróiseas Comhairliúcháin i dtaca le Forbairt na Straitéise um Shábháilteacht ar na Bóithre Náisiúnta 2013
- Tuairisc chun dáta ar staitisticí rothaíochta
- Tuarascáil Bhliantúil an Rannáin Tráchta do 2011 agus léargas ginearálta ar na hoibreacha do 2012
- Tuairisc ar Rialú Páirceála 2012
- Tuairisc chun dáta ar Thaisteal Níos Cliste Áth an Ghainimh - Suirbhé ar an gComhaireamh Tráchta
- Seachtain Réthaistil na hEorpa – Imeachtaí beartaithe
- Saincheisteanna páirceála, lena n-áirítear sonraí Payzone agus sonraí an Chonraitheora nua
- Cur i láthair ar MapRoad
- Tuairisc chun dáta ar an bPlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn – Ullmhúchán agus Scála Ama
- Tuairisc ar Imeachtaí bainteach le Sábháilteacht ar Bhóithre
- Lána Gasta do Bhaile Átha Cliath (Tuarascáil ÚNI)
- Taisteal Níos Cliste Áth an Ghainimh – Margaíocht agus Bolscaireacht

## An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Uisce agus don Dramhaíl

Tionóladh 4 chruinniú in 2012.
Breithníodh na saincheisteanna seo a leanas:

- Uisce Éireann
- Ionad Cóireála Fuíolluisce Sheangánaí
- Cur i nGníomh na Rialachán Comhshaoil
- An Beartas Náisiúnta Dramhaíola

# An Freastal A Rinne Comhairleoirí ar Chruinnithe in 2012

| Comhairleoir | Cruinnithe ar a bhféadfadh Comhairleoir Freastal | Líon Cruinnithe ar ar Fhreastail an Comhairleoir | An Ráta Freastail de réir % |
|---|---|---|---|
| John Bailey | 42 | 39 | 93% |
| Maria Bailey | 40 | 38 | 95% |
| Marie Baker | 48 | 46 | 96% |
| Niamh Bhreathnach | 48 | 45 | 94% |
| Victor Boyhan | 45 | 42 | 93% |
| Aoife Brennan | 46 | 24 | 52% |
| Cormac Devlin | 43 | 32 | 74% |
| Jane Dillon Byrne | 43 | 39 | 91% |
| Stephen Fitzpatrick | 41 | 39 | 95% |
| Tony Fox | 43 | 39 | 91% |
| Melisa Halpin | 40 | 34 | 85% |
| Pat Hand | 47 | 43 | 91% |
| Gerry Horkan | 44 | 44 | 100% |
| Richard Humphreys | 47 | 35 | 74% |
| Tom Joyce | 49 | 37 | 76% |
| Hugh Lewis | 47 | 39 | 83% |
| Donal Marren | 44 | 42 | 95% |
| Lettie McCarthy | 45 | 44 | 98% |
| Tom Murphy | 44 | 35 | 80% |
| Denis O'Callaghan | 44 | 43 | 98% |
| Jim O'Dea | 46 | 43 | 93% |
| Gearóid O'Keeffe | 40 | 12 | 30% |
| Neale Richmond | 43 | 33 | 77% |
| Barry Saul | 47 | 36 | 77% |
| Carrie Smyth | 47 | 47 | 100% |
| Patricia Stewart | 43 | 42 | 98% |
| Grace Tallon | 43 | 27 | 63% |
| Barry Ward | 48 | 35 | 73% |

# Liosta Comhdhálacha/Cúrsaí Oiliúna ar ar Freastalaíodh i rith 2012

| Dáta | Sonraí Comhdhála | Láthair | Líon Comhairleoirí dlr a d'fhreastail |
|---|---|---|---|
| 20ú – 22ú Eanáir 2012 | Ceardlann Oiliúna do Chomhairleoirí: An Duine Cruthaitheach ag teacht chun cinn, Bunstraitéisí chun an bhuaic ghairmiúil a shroicheadh in 2012 | Laois | 1 |
| 20ú – 22ú Eanáir 2012 | Ceartas Aisiríoch d'Éirinn | Ciarraí | 1 |
| 27ú – 29ú Eanáir 2012 | Seimineár Rialtais Áitiúil do Chomhairleoirí | Luimneach | 4 |
| 27ú – 29ú Eanáir 2012 | Tuiscint ar Chistiú agus ar Fheidhmeanna an AE | Corcaigh Thiar | 1 |
| 3ú – 5ú Feabhra 2012 | Na Rialacháin Um Rialú Foirgníochta (Leasú) 2009 | Cathair na Gaillimhe | 1 |
| 10ú – 11ú Feabhra 2012 | Seimineár Earraigh CÚBÉ 2012 | An Cabhán | 3 |
| 11ú Feabhra 2012 | Comhdháil ar Athbhreithniú Breithiúnach | Baile Átha Cliath | 1 |
| 16ú – 17ú Feabhra 2012 | Údarás Réigiúnach an Iarthair Láir, 17ú Comhdháil Bhliantúil, 'Forbairt Eacnamaíoch sna Réigiúin: An Bealach chun Cinn' | An Clár | 3 |
| 17ú – 19ú Feabhra 2012 | An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 | Ciarraí | 2 |
| 23ú – 26ú Feabhra 2012 | An 21ú Comhdháil Bhliantúil ar an gComhshaol i gCiarraí de chuid Chumann Oidhreachta Ráth Túrach | Ciarraí | 1 |
| 2ú – 3ú Márta 2012 | Na Meáin 2012 - Seimineár Oiliúna agus Cumarsáide do Chomhairleoirí | An Clár | 1 |
| 2ú – 4ú Márta 2012 | Seimineár Oiliúna do Chomhaltaí Tofa: Ag déileáil le Docmhainneacht Phearsanta | Maigh Eo | 1 |
| 6ú – 7ú Márta 2012 | Brandáil Ceann Scríbe: Comhdháil ar an smaointeoireacht agus ar an gcleachtas a ghabhann le Déanamh Áite agus Brandáil Áite | Baile Átha Cliath | 9 |
| 9ú Márta 2012 | Ullmhacht agus Seasmhacht Phobail a Fhorbairt: Dearcach Idirnáisiúnta, Náisiúnta agus Áitiúil | Ciarraí | 2 |
| 23ú – 25ú Márta 2012 | Na Meáin, Na Meáin Shóisialta agus Am a Bhainistiú go hÉifeachtach | Corcaigh Thiar | 1 |
| 13ú – 14ú Aibreán 2012 | Seimineár Earraigh CCÚÁ 2012: Ról na nÚdarás Áitiúil i ndáil le Forbairt Eacnamaíoch agus Athchóiriú an Rialtais Áitiúil a chumasú | Port Láirge | 2 |
| 20ú Aibreán 2012 | Seimineár: Údaráis Áitiúla na hÉireann Saor ó Fhorbairtí Núicléacha - Forbairtí Núicléacha ar an taobh eile de Mhuir Éireann agus Pobail an Fhuinnimh Inmharthana in Éirinn | Lú | 1 |
| 30ú Aibreán 2012 | Comhdháil Bhliantúil Thionól Réigiúnach na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair 2012 | Maigh Eo | 1 |
| 4ú – 5ú Bealtaine 2012 | Seimineár Oiliúna do Chomhaltaí Tofa: Muirir agus fíneálacha Rialtais Áitiúil gan íoc agus a iarmhairtí sin | Cathair na Gaillimhe | 1 |
| 10ú – 11ú Bealtaine 2012 | Comhdháil Bhliantúil CCCC 2012 | Cill Chainnigh | 6 |
| 11ú – 13ú Bealtaine 2012 | Comhdháil ar Thurasóireacht Phobail: Turasóireacht Áitiúil Inmharthana a bhrú chun cinn fad is atá an Geilleagar Domhanda marbhánta | Corcaigh Thiar | 1 |
| 18ú – 19ú Bealtaine 2012 | Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí: An Comhairleoir agus Athchóiriú an Rialtais Áitiúil | Dún na nGall | 1 |

| Dáta | Sonraí Comhdhála | Láthair | Líon Comhairleoirí dlr a d'fhreastail |
|---|---|---|---|
| $24^{ú}$ Bealtaine 2012 | Tionól Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir: 'Dúshlán na Fostaíochta – an réiteach Áitiúil agus Réigiúnach' | Cill Chainnigh | 2 |
| $1^{ú}$ – $3^{ú}$ Meitheamh 2012 | An Ghéarchéim Tithíochta sa Tír - Ráiteas Beartais 2011 | Dún na nGall | 1 |
| $22^{ú}$- $24^{ú}$ Meitheamh 2012 | An Teicneolaíocht á cur chun cinn i measc an Mhóraimh san Oideachas ar fud an Domhain | Corcaigh Thiar | 1 |
| $6^{ú}$ – $8^{ú}$ Iúil 2012 | Seimineár Rialtais Áitiúil do Chomhairleoirí: Athchóiriú an Rialtais Áitiúil – Impleachtaí agus iarmhairtí do chomhairleoirí, do sholáthar seirbhísí agus do phobail | An Clár | 1 |
| $22^{ú}$ – $27^{ú}$ Iúil 2012 | $32^{ú}$ Scoil Samhraidh Mhac an Ghoill agus Seachtain na nEalaíon | Dún na nGall | 1 |
| $15^{ú}$ – $19^{ú}$ Lúnasa 2012 | Scoil Samhraidh Chumann Merriman 2012: 'Ag Bisiú ag na Crosbhealaí? An tuath in Éirinn i Saol Domhandaithe' | An Clár | 1 |
| $17^{ú}$ – $18^{ú}$ Lúnasa 2012 | Seimineár Oiliúna do Chomhaltaí Tofa: Saoráil Faisnéise | Cathair na Gaillimhe | 1 |
| $6^{ú}$ – $8^{ú}$ Meán Fómhair 2012 | Scoil Samhraidh Kennedy: Féile Staire, Chultúir agus Polaitíochta na nGael-Mheiriceánach | Loch Garman | 4 |
| $13^{ú}$ – $15^{ú}$ Meán Fómhair 2012 | Comhdháil Bhliantúil Chomóradh Céad Bliain CÚBÉ | Gaillimh | 2 |
| $24^{ú}$ – $26^{ú}$ Meán Fómhair 2012 | Ag úsáid do Theidlíochtaí agus d'Fhaoisimh Chánach | Corcaigh Thiar | 2 |
| $26^{ú}$ Meán Fómhair 2012 | Focus Ireland: Ceachtanna Idirnáisiúnta chun Easpa Dídine a Chosc – 'Gan an áit arb é do bhaile é a ligean uait' | Baile Átha Cliath | 2 |
| $28^{ú}$ – $29^{ú}$ Meán Fómhair 2012 | Seimineár an Fhómhair CCÚÁ: An Dúshlán atá roimh na hÚdaráis Áitiúla – An féidir linn tabhairt faoi mhórán le beagán | Dún na nGall | 5 |
| $12^{ú}$ Deireadh Fómhair 2012 | Seimineár: Údaráis Áitiúla Saor ó Fhorbairtí Núicléacha: Príomhshaincheisteanna sna beartais fuinnimh agus forbairtí núicléacha a dhéanfadh difear d'Éirinn – ar cheart gurbh údar imní di an tógáil núicléach nua sa Ríocht Aontaithe agus cé mar a d'fhéadfadh sí buntáiste a bhaint as fuinneamh in-athnuaite | An Dún | 2 |
| $13^{ú}$ Deireadh Fómhair 2012 | Cearta an Duine a Chur Chun Cinn agus a Chosaint in Éirinn - Ról Bhunreacht na hÉireann agus Dhlí na hEorpa | Baile Átha Cliath | 1 |
| $25^{ú}$ Deireadh Fómhair 2012 | Freagair! A Bheith Níos Folláine: An Fholláine a chur chun cinn i bPobail | Corcaigh | 3 |
| $26^{ú}$ – $27^{ú}$ Deireadh Fómhair 2012 | Seimineár Oiliúna do Chomhaltaí Tofa: Leasuithe ar na hAchtanna Leasa Shóisialaigh – An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2012 | Cathair na Gaillimhe | 1 |
| $3^{ú}$ Samhain 2012 | Comhdháil: Mná ina gCinn Feadhna 2012 | An Mhí | 1 |
| $15^{ú}$ Samhain 2012 | Treochtaí: Daoine os cionn an leathchéid agus an Tithíocht | Londain | 1 |
| $16^{ú}$ – $18^{ú}$ Samhain 2012 | Comhlachais Tráchtála – Ag Forbairt Gnó | Corcaigh Thiar | 3 |
| $21^{ú}$ – $24^{ú}$ Samhain 2012 | Les Rencontres – Campas Eorpach na nÚdarás Áitiúil agus Réigiúnach don Chultúr | Páras | 1 |
| $30^{ú}$ Samhain – $1^{ú}$ Nollaig 2012 | Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí - Buiséad an Rialtais Áitiúil 2013 | Loch Garman | 1 |
| $14^{ú}$ – $16^{ú}$ Nollaig 2012 | Seimineár ar Bhuiséad 2013 | Corcaigh Thiar | 4 |

# Iniúchadh ar Rúin curtha i láthair ag Comhairleoirí agus Aontaithe ag Cruinnithe Comhairle in 2012

| Uimh. | Dáta | Uimh. na Miontuairisce | Rúin |
|---|---|---|---|
| 1. | 9/01/2012 | C/73/12 | Go n-aithníonn an Chomhairle seo an gá atá leis an tseirbhís timpistí agus éigeandála 24 uair an chloig atá in Ospidéal Naomh Colm Cille i mBaile Uí Lachnáin a choinneáil agus iarrann sí ar an Rialtas agus ar FSS an tseirbhís seo a bhfuil fíorghá léi a choinneáil slán. Chomh maith leis sin tá an Chomhairle seo ag cur in aghaidh an phlean atá beartaithe formhór na n-othar a bheidh le dul chuig an ionad T agus É a chur go dtí Ospidéal Naomh Uinseann mar go ndéanfaidh sé sin níos mó dochair do shláinte agus do shábháilteacht an 21,000 othar a thagann chuig Ospidéal Naomh Colm Cille in aghaidh na bliana – **Molta ag an gComhairleoir H. Lewis agus cuidithe ag an gComhairleoir M. Halpin** |
| 2. | 9/01/2012 | C/81/12 | Go gcuirfidh an Bainisteoir botháin eolais do thurasóirí/do mhuintir na háite isteach i nDún Droma agus i nDún Laoghaire chun muintir na háite agus turasóirí a chur ar an eolas i dtaobh a mbíonn ag tarlú san áit, ó dhrámaíocht go háineas i Sléibhte Chill Mhantáin – **Molta ag an gComhairleoir T. Murphy agus cuidithe ag an gComhairleoir P. Hand** |
| 3. | 10/04/2012 | C/270/12 | Go n-aontóidh an Chomhairle seo feachtas a ghlacadh chun fógraíocht (agus tabhairt faoi bholscaireacht) agus poiblíocht a dhéanamh chun tabhairt le fios gurb é Halla seo an Bhaile i nDún Laoghaire an t-ionad is inmhianaithe le haghaidh bainise agus go ndéanfaidh an Chomhairle machnamh ar dhul i gcomhpháirtíocht le cuideachta (nó cuideachtaí) lónadóireachta chun béile agus/nó bricfeasta bainise, b'fhéidir, a ullmhú i Halla an Bhaile seo, i nDún Laoghaire – **Molta ag an gComhairleoir J. Dillon Byrne agus cuidithe ag an gComhairleoir S. Fitzpatrick** |
| 4. | 16/04/2012 | C/280/12 | Go dtabharfaidh an Bainisteoir faoi ghníomh níos treise i bhfianaise sháruithe leanúnacha ar alt 71 d'Acht na mBóithre 1993 i ndáil le láithreacha ardiomrá sa Chontae go háirithe ar an N11 in aice le hÓstán Montrose, mar a bhíodh, agus i bhfianaise mhí-éifeacht na gcéimeanna a ghlac an Bainisteoir go dtí seo de réir mar a bhí sa chuntas ón mBainisteoir i bhfreagra ar cheist ag cruinniú mhí na Nollag 2011, ordaíonn an Chomhairle don Bhainisteoir tabhairt faoi ghníomh níos treise i dtaca leis an láthair seo agus freisin a mheas an bhféadfaí teorainn mheáchain a thabhairt isteach ag an láthair seo – **Molta ag an gComhairleoir R. Humphreys agus cuidithe ag an gComhairleoir L. McCarthy** |
| 5. | 16/04/2012 | C/287/12 | Go n-ordóidh an Bainisteoir anois don oifig Ealaíon, ó tharla lear mór saothar atá i spásanna oscailte a bheith á ndíchoimisiúnú, an beartas a dhíriú ar ais ar shaothair ealaíon a choimisiúnú agus iad a chur isteach i spásanna oscailte ionas go bhféadfaí an chuid atá ar fáil a choinneáil le cur ar taispeáint don phobal i gcoitinne – **Molta ag an gComhairleoir J. Dillon Byrne agus cuidithe ag an gComhairleoir S. Fitzpatrick** |
| 6. | 16/04/2012 | C/288/12 | Go n-aontóidh an Chomhairle seo Oíche Chultúir a bheith ann ar aon dul leis na cinn a bhí á reáchtáil i gCathair Bhaile Átha Cliath sna bliana beaga seo caite – **Molta ag an gComhairleoir M. Halpin agus cuidithe ag an gComhairleoir L. McCarthy** |
| 7. | 16/04/2012 | C/289/12 | Go dtabharfaidh an Bainisteoir córas isteach láithreach trína bhféadfaidh saoránaigh an Chontae seo tuairim/agóid phleanála a dhéanamh ar líne agus an íocaíocht a dhéanamh le cárta creidmheasa – **Molta ag an gComhairleoir L. McCarthy agus cuidithe ag an gComhairleoir T. Joyce** |
| 8. | 16/04/2012 | C/290/12 | Go ndeimhneoidh an Bainisteoir nach mbeidh an córas ceadúnúcháin atá beartaithe i ndáil le cláir fógraíochta/cairtchláir shrathaithe chomh tromaí leis an gcóras ceadúnúcháin i ndáil le troscán sráide a tugadh isteach le deireanas – **Molta ag an gComhairleoir C. Smyth agus cuidithe ag an gComhairleoir N. Bhreathnach** |

| Uimh. | Dáta | Uimh. na Miontuairisce | Rúin |
|---|---|---|---|
| 9. | 16/04/2012 | C/290/12 | Go gcuirfidh an Bainisteoir an fhoirm iarratais maidir leis an troscán sráide agus leis na cairtchláir shrathaithe ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus an fhoirm sin a chur faoi "troscán sráide" agus "cairtchláir shrathaithe" san innéacs ar an suíomh gréasáin faoi mar a gealladh i bhfreagra ar cheist a cuireadh ag cruinniú mhí Dheireadh Fómhair 2011, ionas gurbh fhéidir dul ar aghaidh leis an bpróiseas foirmiúil maidir le cairtchláir shrathaithe agus a leithéidí a choinneáil nó a chur in airde – **Molta ag an gComhairleoir R. Humphreys agus cuidithe ag an gComhairleoir L. McCarthy** |
| 10. | 16/04/2012 | C/294/12 | Go bpléifidh an Chomhairle seo beartas na Comhairle maidir le cumainn peile a bheith ag úsáid spáis phoiblí – Molta ag an gComhairleoir N. Bhreathnach agus cuidithe ag an gComhairleoir C. Smyth |
| 11. | 16/04/2012 | C/296/12 | Go dtacóidh an Chomhairle seo leis an achomharc ó Scoil Chuimsitheach na Páirce Nua chuig an Roinn Oideachais athmhachnamh a dhéanamh ar a gcinneadh moill a choinneáil ar an tionscadal scoil nua a thógáil tríd an dáta a bhí socraithe don samhradh seo a athrú go dtí 2015/2016 – Molta ag an gComhairleoir H. Lewis agus cuidithe ag an gComhairleoir M. Halpin |
| 12. | 16/04/2012 | C/297/12 | **Rún ón Urlár:** An rún seo a chur ar aghaidh go dtí CBS don Chomhshaol, Cultúr agus Pobal faoi Bhuanordú 49(xii) – Molta ag an gComhairleoir R. Humphreys agus cuidithe ag an gComhairleoir L. McCarthy *(**An Bunrún:** Go gcuirfidh an Chomhairle seo in iúl don Bhainisteoir nach mian linn aon reachtaíocht a bheith i bhfeidhm nach gcloíonn go hiomlán le reachtaíocht na tíre ar an tsaincheist chéanna agus go leasófar na Fodhlíthe Trá chun an seasamh seo a léiriú – Molta ag an gComhairleoir J. Dillon Byrne agus cuidithe ag an gComhairleoir C Smyth)* |
| 13. | 16/04/2012 | C/298/12 | **Rún ón Urlár:** An rún seo a chur ar aghaidh go dtí an CBS don Tithíocht faoi Bhuanordú 49(xii) – **Molta ag an gComhairleoir S. Fitzpatrick agus cuidithe ag an gComhairleoir D. O' Callaghan** *(**An Bunrún** – go bhfuil sé á mheas ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire- Ráth an Dúin Cumann Tithíochta a bhunú – Molta ag an gComhairleoir S. F itzpatrick agus cuidithe ag an gComhairleoir D. O'Callaghan)* |
| 14. | 14/05/2012 | C/368/12 | Go leagfaidh an Bainisteoir amach na costais atá tabhaithe go dáta ag an gComhairle ar thogra Thionscadal na Lárleabharlainne do Pháirc Uí Mhóráin, Dún Laoghaire – **Molta ag an gComhairleoir V. Boyhan agus cuidithe ag an gComhairleoir C. Devlin** |
| 15. | 14/05/2012 | C/369/12 | Go bhfáiltíonn an Chomhairle seo, go dtugann sí dá haire agus go nglacann sí leis gur dul chun chinn suntasach maidir le caimiléireacht, cleachtais mhíchuí agus pleanáil mhíchuí sa saol poiblí in Éirinn iad na torthaí a tháinig as Tuarascáil Bhinse Mahon agus go gcuidíonn sí le haon ghníomhartha atá á nglacadh ag an Rialtas chun an tuarascáil a chur i ngníomh – **Molta ag an gComhairleoir D. O' Callaghan agus cuidithe ag na Comhairleoirí L. McCarthy, R. Humphreys, G. Tallon, S. Fitzpatrick, J. Dillon Byrne, C. Smyth agus N. Bhreathnach** |
| 16. | 14/05/2012 | C/371/12 | Go dtacóidh an Chomhairle seo leis an smaoineamh gur cheart pearsanra póilíneachta a bheith scaipthe go cothrom ar fud an Chontae a mhéid is a cheadóidh beartas feidhmiúcháin é sin, agus gur cheart go bhfaigheadh gach limistéar Gardaí leithdháileadh cóir agus cothrom d'acmhainní, de phearsanra Gardaí agus, go háirithe, de Ghardaí pobail, i gcomhréir lena ndaonraí agus le gá soiléirithe – **Molta ag an gComhairleoir B. Ward agus cuidithe ag an gComhairleoir T. Joyce** |
| 17. | 14/05/2012 | C/376/12 | **Rún ón Urlár:** Rún foirmiúil faoi Bhuanordú 49 (xii) – Rún 24 a chur faoi bhráid fhochoiste na mbuanorduithe – **Molta ag an gComhairleoir R. Humphreys agus cuidithe ag na Comhairleoirí M Baker, D O' Callaghan** *(**Bunrún:** Go dtabharfaidh an Chomhairle seo aghaidh ar an easnamh daonlathach atá i bhfeidhm faoi láthair triúr ionadaithe ó na páirtithe polaitiúla go léir agus ionadaí neamhspleách a chur ar an gCoiste Iniúchta agus ar an nGrúpa ar Bheartas Corparáideach – Molta ag an gComhairleoir H. Lewis agus cuidithe ag an gComhairleoir M. Halpin)* |
| 18. | 14/05/2012 | C/378/12 | Go gcíorfaidh an Bainisteoir na féidearthachtaí a bhainfeadh le scéim oiliúna/taithí oibre sa ghairneoireacht agus/nó scéim socrúcháin a fhorbairt i ndáil leis an tseirbhís páirceanna agus tírdhreacha – **Molta ag an gComhairleoir V. Boyhan agus cuidithe ag an gComhairleoir H. Lewis** |

| Uimh. | Dáta | Uimh. na Miontuairisce | Rúin |
|---|---|---|---|
| 19. | 14/05/2012 | C/379/12 | Go n-aontóidh na Comhaltaí go scríobhfadh an Chomhairle seo chuig Bus Átha Cliath á iarraidh an smaoineofaí ar mhúnla níos saoire de Scáthlán Bus a sholáthar seachas na cinn atá in úsáid acu cheana féin féachaint an bhféadfaí níos mó scáthlán a sholáthar ar fud an Chontae agus ag féachaint le luach níos fearr a fháil ar airgead – **Molta ag an gComhairleoir L. McCarthy agus cuidithe ag an gComhairleoir T. Joyce** |
| 20. | 11/06/2012 | C/434/12 | **Rún ón Urlár:** Cúirt Rollins agus Teach Bhaile an Róistigh a chur san áireamh sa litir chuig an Aire Stáit ar a bhfuil freagracht maidir le Tithíocht agus Pleanáil – **Molta ag an gComhairleoir J. Bailey agus cuidithe ag an gComhairleoir M. Bailey, an Comhairleoir S. Fitzpatrick, an Comhairleoir P. Stewart agus an Comhairleoir J. Dillon Byrne** *(**Bunrún:** Go scríobhfaidh an Chomhairle seo chuig an Aire Stáit ar a bhfuil freagracht maidir le Tithíocht agus Pleanáil á iarraidh go mbunófaí sainchiste caipitiúil trína ndéanfaí foráil d'uasghrádú na cóiríochta teaghaisín uile go náisiúnta, agus go ndíreofaí ar a dhearbhú go gcuirfí deireadh sa deireadh thiar le cóiríocht teaghaisíní an údaráis áitiúil – Molta ag an gComhairleoir S. F itzpatrick agus cuidithe ag an gComhairleoir V. Boyhan)* |
| 21. | 02/07/2012 | C/785/12 | Go n-iarrfaidh an Chomhairle seo, i bhfianaise scála an chriosaithe atá beartaithe i gCoill na Silíní, go n-ullmhófaí múnla "táscach" feiceálach ionas go bhféadfaidh an pobal a bhreith a thabhairt faoi scála na forbartha, a hairde, an sciar de spás oscailte, na linnte agus an leagan amach beartaithe mar a bheidh faoi dheireadh – **Molta ag an gComhairleoir N. Bhreathnach agus cuidithe ag an gComhairleoir L. McCarthy** |
| 22. | 10/09/2012 | C/854/12 | Go molfaidh an Bainisteoir, toisc gurb údar imní iad do mhuintir Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, go gcuirfeadh an Rialtas freagraí éifeachtacha agus iomchuí reachtacha le chéile, chun déileáil le striapachas agus le gáinneáil ar mhaithe le teacht i dtír gnéasach. Iarraimid ar an Rialtas dlíthe a thabhairt isteach ionas gur chion coiriúil é gnéas a cheannach in Éirinn d'fhonn srian a chur le cleachtas an striapachais agus na gáinneála – **Molta ag an gComhairleoir J. Dillon Byrne agus cuidithe ag an gComhairleoir S. Fitzpatrick** |
| 23. | 08/10/2012 | C/912/12 | **Rún ón Urlár:** "Go n-iarrfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil machnamh a dhéanamh ar chead a thabhairt do gach údarás áitiúil an t-airgead as aon luacháil suímh/Cáin Mhaoine a bailíodh ina limistéar údaráis áitiúil féin a choinneáil ar mhaithe le seirbhísí áitiúla a sholáthar." - **Molta ag an gComhairleoir S. Fitzpatrick agus cuidithe ag an gComhairleoir N. Bhreathnach** *(**Bunrún:** Go n-iarrfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil machnamh a dhéanamh ar chead a thabhairt do gach údarás áitiúil an t-airgead go léir as an gCáin Mhaoine a bailíodh ina limistéar údaráis áitiúil féin a choinneáil ar mhaithe le seirbhísí áitiúla a sholáthar. Maidir le haon easnaimh i gcistiú aon údaráis áitiúil áirithe, féadfar fóirdheontas a chur ar fáil tríd an gCáin Mhaoine, arna chinneadh ag an rialtas láir – Molta ag an gComhairleoir S. F itzpatrick agus cuidithe ag an gComhairleoir N. Bhreathnach)* |
| 24. | 12/11/2012 | C/970/12 | **Rún ón Urlár:** Na focail ó "the failure" go dtí deireadh an rúin a scriosadh – **Molta ag an gComhairleoir R. Humphreys agus cuidithe ag an gComhairleoir D. O'Callaghan** *(**Bunrún:** That this Council calls on the government to undertake an immediate review of the new Housing regulations, recognising the deteriorating rate of allocations, the failure to construct new social housing in the County and the waste of taxpayers money that is resulting from these regulations?)* |
| 25. | 12/11/2012 | C/972/12 | Go gcuirfidh an Chomhairle seo tús le próiseas comhairliúcháin le Bord Cuain Dhún Laoghaire, Comhlachas Tráchtála Dhún Laoghaire, an Cumann Gnó, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Na Clubanna Luaimh Áitiúla (Club an Royal Irish, Club an National, Club an Royal St. George agus Fáilte Ireland) chun fáil amach an bhféadfaí Rás na Luamh Volvo a rith i nDún Laoghaire i 2014-2016 – **Molta ag an gComhairleoir J. Bailey agus cuidithe ag an gComhairleoir M. Bailey** |
| 26. | 12/11/2012 | C/973/12 | Go dtacaíonn an Chomhairle le comhrochtain ar an bpósadh a bheith ag gach duine, gan aird ar ghnéas – **Molta ag an gComhairleoir B. Ward agus cuidithe ag an gComhairleoir P. Stewart** |
| 27. | 12/11/2012 | C/973/12 | Go dtacaíonn an Chomhairle seo leis na cearta agus na teidlíochtaí céanna ar phóstaí sibhialta a bheith ag saoránaigh uile limistéar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin gan aird ar a ngnéaschlaonadh – **Molta ag an gComhairleoir R. Humphreys agus cuidithe ag na Comhairleoirí O' Callaghan, Smyth, McCarthy agus Tallon** |

| Uimh. | Dáta | Uimh. na Miontuairisce | Rúin |
|---|---|---|---|
| 28. | 12/11/2012 | C/973/12 | Go dtacaíonn an Chomhairle seo leis na cearta agus na teidlíochtaí céanna ar phóstaí sibhialta a bheith ag na saoránaigh uile gan aird ar chine, creideamh ná gnéas agus freisin iarrann sí ar an rialtas reachtaíocht a rith chuige seo – **Molta ag an gComhairleoir H. Lewis agus cuidithe ag an gComhairleoir M. Halpin** |
| 29 | 10/12/2012 | C/1056/12 | Tugann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tugann dá haire, agus a fhios aici nach bhfuil aon ról ná údarás ag an gComhairle maidir le deonú aon cheadúnas chun acmhainní nádúrtha a thaiscéaladh nó a asbhaint i gCuan Bhaile Átha Cliath ná sna limistéir máguaird, gur fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil fógra ar an 3ú Samhain 2012, i ndiaidh di a bheith i gcomhairle leis na gnáthchomhlachtaí forordaithe lena n-áirítear Foras na Mara, Oifig na Suirbhéireachta Muirí, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, Iascaigh Intíre na hÉireann agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra chomh maith leis an iarratas ar cheadúnas imill trá a bheith ina ábhar tionchair timpeallachta (ag comhairleoirí eolaíochta agus teicniúla choiste ghrinnfhiosrúcháin an cheadúnais mhuirí) faoi cheadúnais imill trá a dheonú do Providence Resources maidir le hoibreacha chun tabhairt faoi iniúchtaí láithreáin agus faoi thobar aonair taiscéalaíochta a dhruileáil amach ó chósta Dheilginse.<br><br>Ina theannta sin, tugann an Chomhairle seo tuarascáil Choiste Ghrinnfhiosrúcháin an Cheadúnais Mhuirí http://www.environ.ie/en/Foreshore/ApplicationsandDeterminations/ProvidenceResourcesPLC/Reports/FileDownload,31214,en.pdf dá haire inar tugadh an méid seo síos "Tá CGCM sásta, faoi réir na gcoinníollacha sonracha a mholtar thíos a chomhlíonadh, nach mbeidh aon drochthionchair shuntasacha ag na hoibreacha ar an imeall trá ar shláinte ná ar shábháilteacht an duine, ar an gcomhshaol muirí ná ar na Cuspóirí Caomhantais a bhaineann le láithreáin ainmnithe Natura 2000 atá sa limistéar agus nach ann d'aon fhorais shubstainteacha do dhiúltú, bunaithe ar chúrsaí comhshaoil de.<br><br>Ina theannta sin, tugann an Chomhairle seo dá haire i gcás iarratas a bheith ann sa todhchaí ar shaothrú tráchtála an láithreáin le haghaidh ola nó gáis, go mbeidh iarratas den sórt faoi réir iarratais fhoirmiúla eile ar thoiliú ón Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, ón gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh maidir le sábháilteacht, ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil dá mba ghá Ceadúnas um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú, agus léas nó ceadúnas iomlán faoi na hAchtanna Imeall Trá, ar ceangal é faoi gach ceann díobh go ndéanfaí Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus Measúnacht Tionchair Timpeallachta.<br><br>Fáiltíonn an Chomhairle seo freisin roimh dheimhniú an Rialtais comhairliúchán poiblí a chur ar bun lena n-áirítear fiosrúchán poiblí má chuireann Providence Resources iarratas ar cheadúnas ar shaothrú tráchtála isteach agus tugann sí rún a rith an Chomhairle seo cheana dá haire, ar glacadh d'aonghuth leis, ag iarraidh fiosrúcháin phoiblí den sórt.<br><br>Fáiltíonn an Chomhairle seo freisin roimh chinneadh na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960 agus an lear mór reachtaíochta náisiúnta agus AE a bhfuiltear tar éis é a achtú á chur san áireamh freisin a bhfuil baint dhíreach aige le gníomhaíochtaí taiscéalta agus táirgthe peitriliaim lena n-áirítear reachtaíocht pleanála, sábháilteachta agus comhshaoil.<br><br>Tugann an Chomhairle seo dá haire freisin go bhfuil reachtaíocht bheartaithe nua a thiocfaidh an áit an Achta Imeall Trá 1933 á hullmhú faoi láthair ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus táthar ag súil leis go mbeidh athruithe san áireamh sa reachtaíocht nua ar cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a bhaineann le leordhóthanacht an chomhairliúcháin phoiblí maidir leis na hiarratais ar cheadúnas imill trá.<br><br>D'ainneoin na faisnéise seo, i bhfianaise ainmniú Chuan Bhaile Átha Cliath ina limistéar caomhantais speisialta le deireanas, creideann an Chomhairle seo go bhfuil soiléire riachtanach i dtaobh thionchar an ainmnithe seo ar aon ghníomhaíochtaí taiscéalta nó asbainte tráchtála peitriliaim/gáis istigh sa limistéar atá clúdaithe faoin LCS agus dá bhrí sin aontaíonn an Chomhairle seo scríobh chuig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus chuig an Aire Acmhainní Nádúrtha ag lorg litreach ar an ábhar, lena n-áirítear a iarraidh ar na hAirí athbhreithniú a dhéanamh láithreach ar an deonú atá ann maidir leis an gceadúnas imill trá agus leis an gceadúnas taiscéalaíochta agus an ghníomhaíocht go léir maidir leis seo a chur ar fionraí go dtí go mbeidh an t-athbhreithniú críochnaithe – Molta ag an gComhairleoir S. Fitzpatrick agus cuidithe ag na Comhairleoirí M. Baker, N. Richmond, R. Humphreys, B. Ward agus C. Smyth |
| 30 | 10/12/2012 | C/1069/12 | Go molann an Chomhairle Contae seo don Bhainisteoir Contae go bhféachfaidh sé le teagmháil a dhéanamh le CBÁCFA d'fhonn seisiúin a eagrú le traenálaí madraí chun cúrsa oiliúna le haghaidh peataí agus dea-iompar madraí a chur ar fáil do na húinéirí madraí atá inár gContae. - **Molta ag an gComhairleoir J Dillon Byrne agus cuidithe ag an gComhairleoir L. McCarthy** |

| Uimh. | Dáta | Uimh. na Miontuairisce | Rúin |
|---|---|---|---|
| 31 | 10/12/2012 | C/1073/12 | Go scríobhfaidh an Chomhairle seo chuig Bus Átha Cliath, Iarnród Éireann agus an Luas á iarraidh go n-ardóidís an teorainn aoise le haghaidh na táille do Leanbh/Leanbh Scoile/ Scoláire/Leanaí go dtí faoi 18 mbliana – **Molta ag an gComhairleoir C. Smyth agus cuidithe ag an gComhairleoir L. McCarthy** |
| 32 | 10/12/2012 | C/1078/12 | Go scríobhfaidh an Chomhairle seo chuig an Roinn Comhshaoil á iarraidh, ar mhaithe le forbairt inmharthana agus le comhshaol níos glaine go leanfaí den chabhair deontais don Ghrúpscéim Séarachais – **Molta ag an gComhairleoir L. McCarthy agus cuidithe ag an gComhairleoir J. Dillon Byrne** |
| 33 | 10/12/2012 | C/1080/12 | Go n-iarrann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin go scrúdófar an tuarascáil *'Ag dul i ngleic leis an Margadh Dubh agus leis an gCoireacht i gcúrsaí Miondíola'* ina léirítear an slad atá á dhéanamh ag gníomhaíocht neamhdhlíthiúil drongchoirpeachta ar mhiondíoltóirí dlisteanacha agus ar phoist san earnáil mhiondíola agus go n-iarrfaidh an Chomhairle ar an Rialtas tús áite a thabhairt d'fheachtas comhbheartaithe chun aghaidh a thabhairt go sonrach ar ghníomhaíocht drong coirpeach i ndáil le smuigléireacht toitíní, sciúradh breosla agus díol earraí góchumtha eile, a mheastar a chosnaíonn €861 milliún ar an gcáiníocóir de réir na tuarascála seo – **Molta ag an gComhairleoir G. Horkan agus cuidithe ag an gComhairleoir T. Murphy** |
| 34 | 10/12/2012 | C/1087/12 | Go scríobhfaidh an Chomhairle seo chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag iarraidh an eolais is déanaí ar an reachtaíocht phríomha chun reachtaíocht i ndáil le comharthaí reachtúla agus líniú reachtúil d'fheithiclí leictreacha a éascú – **Molta ag an gComhairleoir C. Smyth agus cuidithe ag an gComhairleoir R. Humphreys** |
| 35 | 10/12/2012 | C/1089/12 | Go mbunóidh an Chomhairle Contae seo "Na Seanbhróga", Tionscadal Éireannach chun bróga a Athchúrsáil, ag cuid dár n-iostaí bailiúcháin/athchúrsála – **Molta ag an gComhairleoir J. Dillon Byrne agus cuidithe ag an gComhairleoir D. O'Callaghan** |

# An Rannóg Ailtirí

*Soláthraíonn an Rannóg Ailtirí raon leathan seirbhísí a bhaineann le réimse na tógála sna catagóirí seo a leanas:*

*(a) Tithíocht*

*(b) Dearadh Uirbeach agus an Fearann Poiblí*

*(c) Foirgnimh Chathartha*

*(d) Caomhnú na hOidhreachta Tógtha*

*(e) Déanmhais/Áiteanna Contúirteacha*

*(f) Bainistíocht Fuinnimh*

*(g) Ilghnéitheach*

## Tithíocht

Leanadh den Chlár Tithíochta, i gcomhar leis an Rannóg Tithíochta in 2012. Áiríodh dearadh le haghaidh méaduithe agus líon áirithe d'oibreacha feabhsúcháin a bhain le Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) a rinneadh i dteaghaisí folmha a bhí tugtha ar ais le haghaidh athligin leis an obair a bhain leis an réimse tithíochta a rinne an Rannóg Ailtirí. Chríochnaigh an Rannán Mionoibreacha sa Rannóg Ailtirí an feabhsúchán freisin ar 35 sheomra folctha agus ar ocht méadú faoin Scéim Deontais do Dhaoine Míchumasaithe.

Leanadh den chlár oibre don Chothabháil Bheartaithe in 2012.

Cuireadh tús le hoibreacha athchóirithe suntasacha a bhain le fuinneamh ar bhloc árasán 28 n-aonad i dTeach Naithí chomh maith le gnáth-athchóiriú a dhéanamh ar an bhfoirgneamh. Rinneadh oibreacha i gCúirt Rollins, An Naigín, chun árasáin aonseomra a dhéanamh de theaghaisíní aonseomra. Rinneadh oibreacha feabhsúcháin a bhain le fuinneamh ar na haonaid freisin. Ina theannta sin rinneadh dul chun cinn ar an athchóiriú ar Theach Bhaile an Róistigh sa Naigín agus tosófar ar an obair ar an suíomh in 2013.

Leanadh den chlár cigireachta ar bhonn spotseiceála ar chóiríocht phríobháideach ar cíos i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Is é cuspóir an chláir seo a chinntiú go gcomhlíonann an chóiríocht phríobháideach go léir atá ligthe ar cíos na

Saoráid Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin. An Aghaidh Thoir le feiceáil.



caighdeáin chuí mar atá leagtha amach sna rialacháin reachtúla.

## Dearadh Uirbeach agus an Fearann Poiblí

Tá an Rannóg Ailtirí fós ag leanúint ar aghaidh leis an obair shuntasach ar an dearadh uirbeach agus ag tabhairt comhairle i dtaca le saincheisteanna bainteach leis an bhfearann poiblí agus le pleanáil i ngníomhaíochtaí na Comhairle.

Bhain mórthionscadal feabhsúcháin chathartha a rinneadh feadh 'Na Ráillí', Bhóthar na Mara agus Bhóthar Crofton an chéad áit amach don 'Spás Poiblí is Fearr' ag bronnadh gradam Institiúid Ríoga Ailtírí na hÉireann 2012. Tá an dearadh mionsonraithe á dhéanamh i gcomhair láthair na bhFolcadán, mar a bhíodh, i nDún Laoghaire. Feabhsóidh sé seo a cuma go mór agus cuirfidh sé le hathnuachan leanúnach an bhaile. Ullmhaíodh dearaí faoi Chuid 8 don fhoscadh snámha i gCuas an Ghainimh, agus beidh na hoibreacha suímh ag tosú ansin in 2013.

## Foirgnimh Chathartha

Osclaíodh an tIosta nua i mBaile Uí Ógáin in 2012 agus is saoráid chomhtháite í anois le haghaidh seirbhísí de chuid na Comhairle. Foirgneamh trí stór atá ann ina bhfuil oifigí mar aon le stór fóntais faoi sholas High Bay agus clóis choimhdeacha leis agus dá bharr tá an timpeallacht oibre atá ann thar cionn don fhoireann.

Leanadh den tseirbhís chomhairleach i ndáil le réimse leathan foirgneamh cathartha agus rinneadh líon áirithe tionscadal don Rannóg Comhshaoil, Cultúir agus Pobail sa bhliain 2012.

Áiríodh athchóiriú Leabharlann Dheilginse ar réitíodh gairdín nua lena hais leis na tionscadail leabharlainne agus rinneadh mionoibreacha eile i Leabharlanna Dhún Droma, Dhún Laoghaire agus Sheanchille. Cuireadh tús leis na hoibreacha suímh a bhain leis an athchóiriú mór ar leabharlann Ghráinseach an Déin agus críochnófar an obair faoi lár na bliana 2013.

Áirítear an obair ar an gcaifé i bPáirc Chill Iníon Léinín a bheith críochnaithe mar aon leis na saoráidí sláintíochta i bPáirc Chábán tSíle leis na tionscadail a rinneadh don Rannóg Páirceanna. Tosaíodh freisin ar an obair ar chaifé nua agus ar shaoráidí sláintíochta san fhoirgneamh a bhíodh ann d'fhoireann reilige Ghráinseach an Déin.

Críochnaíodh an méadú a bhí á ligean leis an mbialann i bPáirc Mharlaí. Críochnaíodh Cuid I de Chlós Chúirt Mharlaí agus ullmhaíodh dearaí faoi Chuid 8 le haghaidh Chuid II den Chlós agus beidh siad le cur i ngníomh in 2013/2014. Ligeadh an obair don Phailliún nua Gailf amach ar tairiscint agus táthar ag súil leis go mbeidh sé oscailte in 2013.

Críochnaíodh na hoibreacha ar an Túr Martello i Rinn na Mara nuair a feistíodh an gunna mór ann, tosaíodh ar Chuid I den athchóiriú ag Caisleán Dheilginse agus críochnaíodh an obair dheartha don athchóiriú ar an gclubtheach ag Plás Otranto, Cuas an Ghainimh.

Críochnaíodh Ionad Acmhainní Bhóthar Dhroichead na gCloch freisin in 2012.

## Caomhnú na hOidhreachta Tógtha

Cuireann an Rannán Caomhantais Cuid IV (Oidhreacht Ailtireachta) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 i ngníomh agus bíonn comhairle ar fáil uaidh ag an bpobal agus ag a ngníomhairí ar ghnéithe uile na hOidhreachta Tógtha.

Tá measúnacht ar na Limistéir Chaomhantais Ailtireachta is Iarrthóirí mar chúram ar an Rannán Caomhantais, mar chuid den Phlean Forbartha Contae 2010 – 2016. Glacadh le 11 athrú eile ar na Limistéir Chaomhantais Ailtireachta i gcaitheamh na bliana 2012 (Ardán Haigh, Bóthar Vico, Cuas an Ghainimh, Cearnóg Eaton, Cearnóg Belgrave, Gleann Brighton, Ardán an Longfoirt, Corrán Bhaile na Manach, Páirc na Banríona, Ascaill Rinn na Mara, An Cnoc) mar Athruithe ar an bPlean Forbartha Contae.

Bhí ról lárnach ag an Rannán Caomhantais sa dréachtú a rinneadh ar an Scéim Pleanála do Chrios Forbartha Straitéisí Choill na Silíní, ar ghlac an Chomhairle í an 10 Nollaig 2012.

Ionad Acmhainne Bhóthar Dhroichead na gCloch



Bhí baint aige freisin leis an mbailchríoch a cuireadh ar an tuarascáil inmheánach (i gcomhar le Leabharlanna) ar Leabharlanna Carnegie sa Chontae.

Chuir Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin aon (1) iarratas amháin faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Chiste na nDéanmhas i mBaol. Chinn an Roinn gurbh iarratas rathúil é.

## Déanmhais agus Áiteanna Contúirteacha

Cuireann an Rannóg an tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta) i ndáil le Déanmhais agus Áiteanna Contúirteacha i ngníomh. Ba 73 iomlán na gcásanna a bhain le Foirgnimh Chontúirteacha in 2012.

## Bainistíocht Fuinnimh

Is é an tAiltire Contae atá i gceannas ar Fhoireann Bainistíochta Fuinnimh na Comhairle agus tá tuarascáil ag gabháil leis na hAguisíní ina dtugtar breac-chuntas ar na gníomhartha a rinneadh an bhliain seo caite chun bheith níos tíosaí ar fhuinneamh sna réimsí as a bhfuil an Chomhairle freagrach.

## Ilghnéitheach

Lean an Rannóg Ailtirí uirthi sa bhliain 2012 ag soláthar seirbhíse comhairlí maidir le raon leathan gníomhaíochtaí amhail suirbhéireacht chainníochta, soláthar, comhairle theicniúil, tuarascálacha ar bhainistiú foirgneamh agus ar bhail foirgneamh, mar aon le comhairle a thabhairt i ndáil le gníomhaíochtaí bainteach leis na hEalaíona.

Ba í an Rannóg a chistigh an Teach Oscailte agus a ghníomhaigh mar chomhordaitheoir air do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar dheireadh seachtaine an Tí Oscailte i nDeireadh Fómhair 2012 mar a raibh deis ag an bpobal cuairt a thabhairt ar thithe príobháideacha a bhí deartha ag ailtirí, chomh maith le cuairt a thabhairt ar fhoirgnimh stairiúla agus ar fhoirgnimh nua is díol suntais.

Na Ráillí



# An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus TF

*Tá an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus TF freagrach as raon an-leathan seirbhísí, idir sheirbhísí inmheánacha agus seachtracha san eagraíocht, a sholáthar agus a bhainistiú.*

- *Áirítear iad seo a leanas leis na seirbhísí sin:*
- *Cruinnithe Comhairle*
- *Bainistíocht Saoráidí*
- *Deontais Ardoideachais*
- *Clár na dToghthóirí*
- *Bainistíocht Maoine*
- *Oifig Dhún Droma*
- *An Oifig Cumarsáide*
- *Teicneolaíocht na Faisnéise*

## An Chomhairle Contae

28 gComhairleoir Contae as na Toghcheantair seo a leanas atá ar an gComhairle féin: Dún Droma, Gleann Cuilinn/Áth an Ghainimh, Stigh Lorgan, An Charraig Dhubh, Dún Laoghaire agus An Baile Breac.




- Tionóladh na cruinnithe Comhairle Contae seo a leanas sa bhliain 2012:
- 13 chruinniú de chuid na Comhairle Contae, lena n-áirítear an Cruinniú Bliantúil, Cruinniú Buiséid agus 1 Chruinniú Speisialta. Bhain an cruinniú speisialta le Crios Forbartha Straitéisí Choill na Silíní
- 18 gcruinniú de chuid Choiste Limistéir Dhún Droma
- 18 gcruinniú de Choiste Limistéir Dhún Laoghaire
- 20 cruinniú de na Coistí ar Bheartas Straitéiseach
- 3 chruinniú den Chomhchoiste Póilíneachta
- 4 chruinniú den Choiste Eagrúcháin, Nósanna Imeachta agus Prótacail

## **Toscaireachtaí –** (fóram trína bhféadfaidh aon chumann nó comhlacht casadh le hoifigigh de chuid na Comhairle agus le Comhairleoirí chun saincheisteanna a bhaineann lena limistéir áirithe féin a phlé).

Tionóltar na toscaireachtaí uair sa mhí, seachas i mí Iúil, Lúnasa agus i mí na Nollag, i Halla an Chontae nó in Oifig Áitiúil Dhún Droma. Is ceathracha cúig nóiméad fad an phlé a tharlaíonn idir gach toscaireacht agus Comhaltaí agus oifigigh na Comhairle.

Tionóladh 11 chruinniú toscaireachta san iomlán i gcaitheamh na bliana, cruinnithe a bhí curtha ar bhonn foirmiúil.

## Bainistíocht Saoráidí

Tá an Rannán Bainistíochta Saoráidí freagrach as na Foirgnimh Chorparáideacha a bhainistiú (Halla an Chontae, Halla an Bhaile, Cearnóg an Chuain, Fo-Oifig Dhún Droma, Plás Sheoirse agus Bóthar na Leabharlainne). Tosaíocht is ea Luach a fháil ar Airgead agus rinneadh coigilteas ó thaobh ídiú Fuinnimh de.

Áirítear na Seirbhísí Riaracháin agus Cothabhála seo a leanas leis an obair a dhéanann an Rannán Bainistíochta Saoráidí:

- An Próiseas Ceannacháin / Soláthair / Tairisceana – d'fhág an úsáid a baineadh as conarthaí na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair le haghaidh Slándála, Fógraíochta, Stáiseanóireachta, Leictreachais, Gáis agus Creataí Bhord Cláir Líonraí an Rialtais, i gcomhar leis an Roinn Airgeadais, le haghaidh Fóin Shoghluaiste agus Seirbhísí Líne Talún go ndearna an Chomhairle coigilteas suntasach. Tugadh isteach Cártaí Ceannacháin ar Luach Íseal agus d'fhág sé sin freisin gur laghdaíodh na huaireanta daonchumhachta riaracháin.
- Tá an Grúpa Soláthair Réigiúnaigh (ar cuid de an Chomhairle seo) ag obair faoi láthair ar dheiseanna tairisceana comhoibritheacha a shainaithint i Réigiún Bhaile Átha Cliath.
- Cothabháil na nOifigí Corparáideacha
- Tugadh isteach Bainistiú Caidrimh le Custaiméirí agus tháinig feabhas ar bhainistiú conarthaí
- Bialann / Imeachtaí Cathartha
- Fruiliú Hallaí/Spás Taispeántais
- Searmanais Pósta Shibhialta
- An Córas Teileafóin / Teileafón Soghluaiste Corparáideach a bhainistiú – Agus costais mhéadaitheacha agus éifeachtúlachtaí ar intinn, rinneadh iniúchadh ar na línte teileafóin agus rinneadh coigilteas dá bharr sin freisin.
- An Deasc Eolais / Deasc an Phóirtéara
- Seirbhísí Lasc-chláir – Soláthraíonn an córas uathoibrithe seirbhís thapa do chustaiméirí mar tugtar sonraí na bpríomhrannóg seirbhíse do na glaoiteoirí

## An Oifig Cumarsáide

Is í an Oifig Cumarsáide atá freagrach as an gcumarsáid chorparáideach agus as an eolas corparáideach go léir a bhainistiú. Is í an oifig an lárphointe teagmhála don chaidreamh go léir leis na meáin agus tá ról leanúnach aici ó thaobh chlú na Comhairle a bhainistiú trí phleanáil straitéiseach na cumarsáide. Áirítear ar cheann de phríomhchuspóirí na foirne a chinntiú gur trí phróiseas soiléir a dhéantar an chumarsáid ar an dá bhealach san eagraíocht le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon.

### Áirítear iad seo a leanas le príomhghnóthachtálacha 2012:

- Caidreamh réamhghníomhach leis na meáin, lena n-áirítear seirbhísí, cláir agus tionscnaimh na Comhairle a chur chun cinn agus a mhíniú
- Saincheisteanna/Cumarsáid Ghéarchéime a Bhainistiú
- Ceisteanna preasa a bhainistiú (299 in 2012)
- Oifig an Chathaoirligh a Bhainistiú
- Bainistiú Imeachtaí Corparáideacha
- Forbairt Idirlín agus Inlín
- Príomhfhoilseacháin na Comhairle a fhoilsiú lena n-áirítear dlr times a thagann amach go ráithiúil agus an Tuarascáil Bhliantúil
- Iarrataí ón Ombudsman a chomhordú (déileáladh le 11 chás in 2012)

**Ó Chlé go Deas:** Martin Tobin, ERP Ireland, Tom Joyce, Cathaoirleach, CCDLR, Jan O'Sullivan, An tAire Stáit, RCPRÁ, Jim Ryan, CCDLR, Kathleen Holohan, An Leas-Bhainisteoir, CCDLR agus Ian Talbot, POF Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann



- Áirítear cur i ngníomh Scéim Teanga na Comhairle faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 le freagrachtaí breise na hOifige.

Ba é buaicphointe na bliana 2012 don Oifig Cumarsáide an pháirt a bhí aici i gcomhordú iarratais na Comhairle ar Ghradaim Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil. Cuireadh an Chomhairle ar an ngearrliosta do 10 gcatagóir éagsúla de na gradaim. Thuill sí an gradam 'Nuálaíocht sa Teicneolaíocht' agus ansin bronnadh an príomhghradam 'Údarás Áitiúil na Bliana' uirthi.

CHAMBERS IRELAND
COUNTY/CITY COUNCIL OF THE YEAR 2012

## Deontais Ardoideachais

Cheadaigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an Scéim Deontas Ardoideachais 2011/2012 ag a cruinniú i mí an Mheithimh 2011.

| | |
|---|---|
| Líon na nIarratas Nua | 820 |
| Líon na nDeontas Nua a bronnadh | 272 |
| Líon na nDeontas Athnuachana a bronnadh | 739 |

Bronnadh deontais ar 1011 mhac léinn faoin Scéim Deontas Ardoideachais 2011/2012 agus ba €3.85 mhilliún an caiteachas iomlán.

Bronnadh an gradam 'Nuálaíocht sa Teicneolaíocht' ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ag bronnadh na ngradam, Feabhas sa Rialtas Áitiúil 2012 - as an tionscadal 'Deontais Ardoideachais – Tairseach do Thodhchaí níos gléiní' a chuir ar chumas 13 Údarás Áitiúla éagsúla glacadh le hiarratais ar dheontas ar líne.

## Clár na dToghthóirí

Foilsíodh an Clár deiridh do Chlár na dToghthóirí 2012/2013 ar an 1 Feabhra 2012 agus cuireadh i bhfeidhm é ar an 15 Feabhra 2012.

Ba 153,774 líon iomlán na dtoghthóirí ar an gClár deiridh agus is é seo a leanas an briseadh síos ar na Toghcheantair:

| Toghcheantar | Líon Toghthóirí | Toghcheantar | Líon Toghthóirí |
|---|---|---|---|
| An Baile Breac | 26,368 | Dún Droma | 29,555 |
| An Charraig Dhubh | 22,672 | Gleann Cuilinn | 21,979 |
| Dún Laoghaire | 33,046 | Stigh Lorgan | 20,154 |

Foilsíodh Dréachtchlár na dToghthóirí don tréimhse 2013/2014 ar an 1 Samhain 2012. Bhí ardú go 156,565 duine le sonrú ar an líon iomlán daoine ar an Dréachtchlár.

## Saoráil Faisnéise

Fuair an Chomhairle 69 n-iarraidh ar Shaoráil Faisnéise, 7 n-iarraidh ar Chosaint Sonraí, agus 7 n-iarraidh ar Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol (RFC) sa bhliain 2012.

## Oifig Dhún Droma

Tionóladh na cruinnithe seo a leanas in Oifig Dhún Droma in 2012:

| | |
|---|---|
| Cruinnithe Coiste Limistéir Dhún Droma | 18 |
| Cruinniú CBS | 5 |

Comhaltaí Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin



| | |
|---|---|
| Toscaireachtaí | 3 |
| Cruinnithe eile Rannóige | 77 |
| Cruinnithe Tithíochta/Clárú/Agallaimh/An Scéim Cóiríochta ar Cíos | 34 |
| Taispeántais/Taispeántais Phoiblí | 35 |
| Cruinnithe Eolais don Phobal | 5 |
| Oiliúint | 0 |

## Scéimeanna na mBéilí Scoile

Baineann 10 mBunscoil i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin leas as an scéim.

## Bainistíocht Maoine

Déanann an rannán seo punann mhaoine na Comhairle agus Eastát Tionscail Áth an Ghainimh a bhainistiú. Déantar gach fáltas i gcomhair Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh tríd an rannán seo. Faoi láthair tá 45 Ligean Shealadacha/Léas Tráchtála ar a maoine i bhfeidhm ag an gComhairle chomh maith le 2 shiopa a ligean ar cíos. Tá an talamh seo cláraithe ar Chlár Leasa Maoine na Comhairle.

Déantar cigireacht agus cur i ngníomh faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990 de réir mar is cuí. Sa bhliain 2012 taifeadadh 17 maoin ar Chlár na Láithreán Tréigthe – ba mhaoine neamhthráchtála 15 díobh sin agus ba mhaoine tráchtála an 2 mhaoin eile.

Tá Seirbhís Thagartha ar fáil ón rannán seo agus is é an rannán seo freisin a ullmhaíonn na Leabhair Thagartha d'Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh.

# Teicneolaíocht na Faisnéise

Freastalaíonn rannán TF ar an raon fairsing agus méadaitheach de na riachtanais a bhíonn ag an eagraíocht ó thaobh theicneolaíocht na faisnéise de. Cuirtear seo i gcrích ar mhodh beartaithe agus i dtimpeallacht bhainistithe de réir na n-éileamh atá i bPlean Gnó na Rannóige agus sa Phlean Corparáideach agus de réir éileamh ad hoc ón taobh istigh agus go minic anois ó fhoinsí ón taobh amuigh.

## Roinnt de Bhuaicphointí na Bliana 2012:

- Oscailt Oifigí Bhaile Uí Ógáin ina bhfuil saoráidí comhaimseartha TF do na baill foirne go léir sin a oibríonn iontu
- Níos mó úsáide á baint as an Teicneolaíocht Fhíorúluithe chun costais a ísliú agus bainistiú níos fearr ar na córais TF
- GIS (Córais Faisnéise Geografaí) in úsáid chun Pleananna Limistéir Áitiúil a chur le chéile
- Leabharlanna – aonaid nua féinseirbhíse
- Córas nua Páirceanna curtha i bhfeidhm le haghaidh Bainistiú Crann
- Córas Nua chun ranníocaí Pleanála a bhainistiú ó thaobh airgeadais de
- Cineálacha éagsúla d'uasghrádú ar Chórais TF (An Córas Pleanála, córais Dearaidh Theicniúil etc.) chun éifeachtúlacht a fheabhsú
- Uasghrádú déanta ar an mBonneagar Líonra chun costais a ísliú
- An Bonneagar Leathanbhanda á chur i bhfeidhm go céimneach sa Chontae
- An tionscadal MapRoad curtha i gcrích chun sonraí uile an líonra bóithre a ghlacadh go digiteach
- Feabhas curtha ar ár Suíomh gréasáin agus ar na córais ar líne
- Bainistiú Caidrimh le Custaiméirí á fheidhmiú go céimneach fós
- Córas nua TF curtha i bhfeidhm chun conarthaí a bhainistiú.

Taispeántas Tinte Ealaíne Dhún Laoghaire (An Tóstal)



# An Rannóg Comhshaoil, Cultúir agus Pobail

*Tagann raon leathan seirbhísí do shaoránaigh agus do chuairteoirí faoi stiúir na Rannóige Comhshaoil, Cultúir agus Pobail agus ceapadh na seirbhísí sin chun fóntais d'ardchaighdeán a sholáthar agus a chothabháil; tacú le forbairt chomhtháite agus inmharthanachta na bpobal áitiúil; caighdeán maith d'fhearann poiblí a bheith ann agus cineálacha éagsúla de ghníomhaíochtaí cultúrtha a éascú.*

## Is iad seo a leanas na seirbhísí lárnacha:

### Seirbhísí Comhshaoil

Sa bhliain 2012, ghlac an Chomhairle lena Plean Bainistithe Bruscair 2012-2014 a mhairfidh ar feadh 3 bliana. Lean na Maoir Bruscair orthu ag cur na reachtaíochta iomchuí, lena n-áirítear na Fodhlíthe Bruscair, i ngníomh. Eisíodh 733 fhíneáil bhruscair sa bhliain 2012.

Caisleán agus Ionad Oidhreachta Dheilginse



Ghlac 42 Ghrúpa Cónaitheoirí, Coistí Bailte Slachtmhara agus Grúpaí Bainistíochta Eastát páirt i gComórtas na gCeantar Slachtmhar in 2012. Ba é Cábán tSíle an príomhbhuaiteoir.

Ghlac 34 scoil páirt i gcomórtas na Scoileanna Slachtmhara. Bhí clár na Scoileanna Glasa á bhainistiú freisin ag an Oifigeach Feasachta Comhshaoil agus tá 109 scoil cláraithe faoin gclár.

### Seirbhísí Glantacháin

Tá isteach agus amach le 60 ball foirne fostaithe sa Rannán Glantacháin agus áirítear idir innill ghlanta bóithre, beag-innill ghlanta sráide, taobh-lódairí, truiclíní agus meaisín glas leis an bhflít.

Mar chuid den athbhreithniú seasta ar oibríochtaí reatha, déantar athbhreithniú go leanúnach ar an sceideal glanta bóithre ionas go mbeidh seirbhís mhíosúil ag formhór na limistéar cónaithe sa Chontae. Sa bhliain 2012, bhí róta oibre in úsáid fós ag an gComhairle chun sráideanna a ghlanadh agus chun boscaí bruscair a fholmhú i limistéir mhóra an bhaile agus bíonn seirbhís ar fáil 7 lá na seachtaine ó 7.00 ar maidin go 6.30 tráthnóna gach lá. Faoin sceideal nua seo is féidir na limistéir i lár an bhaile a scuabadh gach lá agus na príomhbhóithre a scuabadh gach coicís.

Tá thart ar 500 bosca bruscair ar fud an Chontae faoi láthair a fholmhaítear go laethúil nó trí huaire sa tseachtain.

Tá 3 thrucail glantacháin silteán ag an Rannán Glantacháin a ghlanann thart ar 22,000 silteán go seasta ar fud an Chontae.

### Forbairt Pobail

Críochnaíodh an obair foirgníochta ar an ionad comharsanachta pobail i nDroichead na gCloch in 2012. Is saoráid phobail í atá sainthógtha agus ina bhfuil spás do raon leathan de ghníomhaíochtaí pobail lena n-áirítear cúram leanaí. Tugadh amach €105,807 i nDeontais Phobail chun cabhrú le grúpaí áitiúla trí Scéim Deontas Pobail na Comhairle agus caitheadh €22,500 eile ar Thionscadail Samhraidh agus caitheadh €27,740 ar Dheontais Rochtana ar na hEalaíona Pobail ar fud an Chontae. Sa bhliain 2012 arís, d'ardaigh an líon grúpaí a chuir isteach ar na Gradaim Phobail; 89 ngrúpa a ghlac páirt.

Lean an Chomhairle uirthi, trí chomhpháirtíocht na Bainistíochta Eastát, ag obair le 12 fhóram bainistíochta eastát agus ag forbairt acmhainne go háitiúil trí oiliúint, tacaíocht

agus cistiú. Ghlac Clós Bhaile na nGabhar páirt sa chlár Bainistíochta Eastát i mí Dheireadh Fómhair 2012. Bronnadh gradaim ar thrí fhóram Bainistíochta Eastát – Radharc an Chnoic, Páirc Áth an Ghainimh/Páirc Bhearna agus Baile Uí Ógáin – ag bronnadh gradam na gCeantar Slachtmhar 2012.

## Imeachtaí Dlr 2012

Lean Imeachtaí Dlr leis an gclár d'Imeachtaí Saor in Aisce in 2012 lenar bhain imeachtaí amhail Picnic na mBéiríní, Taechóisir na nDreoilíní agus Scannáin sa Pháirc.

Cuireadh 3 Cheolchoirm san iomlán ar siúl i bPáirc Mharlaí i mí Lúnasa na bliana seo agus áiríodh amhránaithe agus bannaí a bhfuil cáil dhomhanda orthu amhail Tom Jones, David Guetta agus Kasabian leo siúd a bhí ar stáitse. Ghlac slua mór páirt arís i Rás Bóthair 10k an Chuain 2012.

Áiríodh Fusion dlr a bhí ann i mí Iúil agus seoladh Sheó nua Tinte Ealaíne Oíche Chinn Bhliana ag an gcuan chomh maith le Margadh na Nollag leis na himeachtaí nua a bhí ar siúl.

Lean Margaí CoCo orthu ag méadú in 2012 agus bhí breis is 100 seastán i dtrí mhargadh na Comhairle agus tháinig an nuachtlitir mhíosúil faoi mhargaí Pháirc Mharlaí ar an bhfód.

Áirítear iad seo a leanas leis na himeachtaí Forbartha Pobail; Bealtaine, Laethanta Spraoi do Theaghlaigh, Tionscadail Samhraidh agus comórtas na nGradam Pobail – Feasacht ar Fhéinmharú as Baile Uí Lachnáin a thug leo príomhdhuais 2012.

## Forbairt Spóirt

Sa bhliain 2012, lean an Oifig Forbartha Spóirt dá clár spóirt ar fud an chontae.

Tá breis is 130 clár rite ag an Oifig Forbartha Spóirt i gcomhpháirtíocht leis an F.A.I., Cumann Rugbaí Laighean, C.P.C.O. BÁC agus Seirbhísí Fóillíochta dlr i gcomhair os cionn 20,000 rannpháirtí, lena n-áirítear campaí spóirt i gcaitheamh na laethanta saoire, traenáil spóirt sa samhradh, cláir traenála tar éis na scoile agus cumainn spóirt phobail sa tráthnóna/ar an deireadh seachtaine.

## Na hEalaíona

In 2012, lean Oifig Ealaíon dlr ar aghaidh le cur i ngníomh an bheartais ealaíon 'Ag Leanúint leis an gComhrá, Beartas Forbartha Ealaíon Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, 2011-14'.

Seoladh "Adhain an Splanc Arís" léargas ar an gcomhpháirtíocht rí-rathúil ealaíon agus sláinte a bhí idir FSS agus an Chomhairle. Is taifead atá sa doiciméad comhtháite Braille seo ar na chéad cheithre bliana d'obair na comhpháirtíochta i láithreacha cúraim sláinte, idir láithreacha cónaithe, cúraim lae agus míchumais ar fud an Chontae.

Chaith grúpaí pobail áitiúil iad féin leis an scannánaíocht i bhfómhar 2012 – mar ar fhreastail siad ar ranganna faoi thuiscint ar an scannánaíocht, ar fhoghlaim faoi stair agus faoi nósanna cainte na pictiúrlainne, agus mar a ndearna siad clár dá mionfhéile scannánaíochta féin sa Gharrán Cnó, sa

An Clr. Cian O'Callaghan, Comhairle Contae Fhine Gall agus An Cathaoirleach, An Clr. Tom Joyce ag an Seoladh Leabhair faoi na Túir Martello



Chéim agus i bPáirc Mharlaí. Ceapadh an clár seo i gcomhar leis an Rannán Forbartha Pobail.

Thacaigh Oifig Ealaíon Dlr freisin le healaíontóirí a oibríonn sna disciplíní go léir tríd an Scéim Deontas do na hEalaíona, trínar tugadh deontais i gcabhair d'imeachtaí ar fud an Chontae lena n-áirítear Féile Scannánaíochta Beochana na Carraige Duibhe, Féile Rince Óige na hÉireann agus An Fhéile Scannánaíochta Faoi Thalamh chomh maith le tionscadail ealaíon i scoileanna agus le healaíontóirí aonair. Tugadh tacaíocht d'ealaíontóirí freisin i bhfoirm dhá chónaitheacht; Ealaíontóir Cónaithe Amharclainne in Amharclann an Mhuilinn agus Scríbhneoir Cónaithe i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Leabharlainne dlr inar díríodh ar limistéir Bhaile an tSaoir, Dhún Droma agus Stigh Lorgan.

D'eagraigh an Oifig Ealaíon dhá thaispeántas mhóra; Source, taispeántas ceirde comhaimseartha ina raibh béim ar obair cheardaithe nuálacha a bhfuil ceangal acu leis an gContae agus Fieldworks portráid grianghrafadóireachta choimisiúnaithe de limistéar Ghleann Cuilinn/Thigh Bródáin i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Bhí cláir idirghabhála fhairsinge ag gabháil leis an dá thaispeántas a chuir leis an teacht a bhí ag an bpobal i gcoitinne ar na taispeántais.

Lean líonra Ealaíontóirí dlr air ag forbairt agus thug sé deiseanna forbartha gairmiúla d'ealaíontóirí an Chontae.

## Leabharlanna

Ba bhliain iomráiteach í an bhliain 2012 do Leabharlanna dlr ós gur cuireadh tús leis an obair ar an Lárleabharlann nua agus leis an Ionad Cultúir i bPáirc Uí Mhóráin. Tá an phleanáil ar siúl don oscailt a dhéanfar in 2014.

Rinneadh Leabharlann Dheilginse a uasghrádú go hiomlán agus osclaíodh Gairdín Léitheoireachta Maeve Binchy. Dúnadh Leabharlann Ghráinseach an Déin i samhradh na bliana 2012 chun uasghrádú a dhéanamh uirthi agus chun í a mhéadú. Creidtear go n-osclófar an leabharlann an athuair sa samhradh 2013. Tá na tógálaithe ar ais ar an láthair i Halla an Bhaile sa Charraig Dhubh, is tionscnamh an Choiste Gairmoideachais é seo ach beidh leabharlann nua phoiblí ann ag teannadh le deireadh 2013. Ceannaíodh an talamh ar chúl Leabharlann Dhún Droma ón FSS agus beidh an Chomhairle ábalta í a fhorbairt sa todhchaí. Bhí bratacha ar foluain agus bhí gleadhradh go leor ag an gcóisir gairdín a bhí ar thailte Leabharlann Chábán tSíle i mí na Bealtaine mar go rabhthas ag comóradh céad bliain Leabharlann Chábán tSíle, Dhún Laoghaire agus Sheanchille.

Cuireann an fhéinseirbhís a tugadh isteach sna leabharlanna brainse ar ár gcumas na leibhéil seirbhíse a choinneáil. Ghlac úsáideoirí na leabharlann go maith leis an tionscnamh nua seo.

Is í cúis na leabhar agus na léitheoireachta croílár obair na leabharlainne agus dá bhrí sin tacaíonn Leabharlanna dlr léi tríd an mbailiúchán a chur chun cinn, agus trí shraith d'imeachtaí a bhaineann le leabhair lena n-áirítear 12 imeacht den scoth faoin teideal Glórtha Leabharlanna dlr agus an clár for-rochtana.

D'éirigh leis an gcomórtas tairisceana don chiste leabhar sa bhliain 2012 agus chinntigh an comórtas go bhfuarthas luach ar airgead agus go leanfar le bailiúchán téagartha a chur le chéile don phobal. Ba í an Chomhairle a bhí i gceannas ar an tionscnamh seo agus d'oibrigh sí i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Fhine Gall agus le Comhairle Contae Átha Cliath Theas. Sa bhliain 2012 thóg an pobal thart ar 1.4 milliún ní ar iasacht, íoslódálacha digiteacha ba ea 14,000 ní díobh sin (ardú 25% in íoslódálacha i gcomparáid le 2011).

## Na hEalaíona agus na Leabharlanna

Áiríodh le buaicphointí na bliana an cónascadh an-rathúil a rinneadh idir an Fhéile Poetry Now agus an Fhéile Leabhar, Ó Bheanna go Muir dlr, a rabhthas tar éis í a chur isteach faoi chúram an rannáin Ealaíon agus Leabharlann le linn na bliana. Cuireadh an fhéile ar bun i mí Mheán Fómhair agus d'éirigh go han-mhaith léi agus d'fhreastail breis is 7,000 duine uirthi. Bhí léitheoireachtaí, ceardlanna agus imeachtaí le húdair agus filí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu ar chlár na féile. Áiríodh Chris Binchy agus Katy Hayes le Scríbhneoirí Cónaithe na Comhairle sa bhliain 2012. Is í Oifig Ealaíon dlr agus an tSeirbhís Leabharlann a eagraíonn an tionscnamh seo agus faightear deontais i gcabhair ón gComhairle Ealaíon.

## An tSeirbhís Páirceanna

### Forbairtí nua i bpáirceanna

Tugadh faoi raon leathan feabhsúchán ar an tírdhreach áitiúil sna spásanna oscailte ar fud an Chontae, lena n-áirítear suíocháin nua, cosáin, cur crann agus tor, glanadh/néatú fásra, agus saoráidí áineasa, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Méadú ar chlós súgartha na hEachraise, Baile na Lobhar
- Píosa nua leis an rotharbhealach i bPáirc Chluain Caoin
- Limistéar nua bollaí i bPáirc Mharlaí
- Crainn nua darach a chur le colbha an aibhinne i bPáirc Mharlaí
- Seomraí tae a oscailt i bPáirc Chnoc Chill Iníon Léinín
- Céim 1 de thionscadal athnuachana Chlós Ceardaíochta Mharlaí
- Grianáin nua curtha le Siopa Caife Uí Bheoláin i bPáirc Mharlaí

- Bloc nua leithreas i bPáirc Chábán tSíle
- Máistirphlean do Pháirc Ghleann Mhainistir Chorcaí curtha i gcrích agus tús curtha le líonra cosán.

### Cuireadh conláistí nua spóirt in áit sna láithreacha seo a leanas:

- Faiche cróice tógtha i gCábán tSíle
- Páirc imeartha shintéiseach sa Chéim
- Tús curtha leis an obair thógála ar shaoráidí uile-aimsire i bPáirc Mharlaí
- Páirc féaraigh nua leithdháilte don óige ar Fhraoch Stigh Lorgan, an dara ceann le leithdháileadh in 2013
- Clár d'oibreacha feabhsúcháin ar pháirceanna imeartha féaraigh ar fud an Chontae lena n-áirítear cóiriú le gaineamh, draenáil etc.

### Beartas

- Glacadh Straitéis Spásanna Oscailte Dlr.
- Córas leictreonach bainistíochta crann faighte de réir na Straitéise Crann atá glactha.
- Clár fairsing fadréimseach d'imeachtaí ar siúl i bpáirceanna agus spásanna oscailte dlr.

## An tSeirbhís Oidhreachta 2012

- Foilsíodh leabhar faoi Thúir Martello.
- Mheall clár Oidhreachta an tSamhraidh breis is 4,000 cuairteoir.
- An Rannán Oidhreachta agus an Rannán Maoine Oidhreachta cónasctha.
- Breis is 1200 duine tar éis freastal ar Imeachtaí Bithéagsúlachta.
- Tús curtha le Tionscadal an Iora Rua.
- Plean Oidhreachta Nua dréachtaithe.
- An chéad dá Leacht Cuimhneacháin de chuid na Comhairle curtha suas – ceann i gcuimhne ar Chaoimhín Ó hUiginn agus ceann eile i gcuimhne ar William Sealy Gosset.
- Oibreacha Caipitil déanta ar Chaisleán agus Ionad Oidhreachta Dheilginse.
- Aonach Seandachtaí i dTeach Chábán tSíle.
- Scagthástáil déanta faoi Mheasúnú Cuí i ndáil le tionscadail éagsúla.
- Treoirnótaí Éiceolaíocha d'Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath.
- Measúnuithe Éagsúla Éiceolaíocha.
- Teach Chábán tSíle – urlárach nua le haghaidh na seomraí ar an gcéad urlár.

## An tSeirbhís Reiligí, 2012

- Adhlacadh 576 chorp i Reilig Ghráinseach an Déin agus 550 corp i Reilig Sheangánaí.
- Díoladh 27 n-uaigh i Reilig Ghráinseach an Déin agus 233 uaigh i Reilig Sheangánaí in 2012.
- Cuireadh an t-athchóiriú ar na hoifigí mar a bhíodh i nGráinseach an Déin i gcrích agus osclaíodh na Seomraí nua Tae i mí an Mhárta 2012.
- Tá córas bainistíochta reiligí á thabhairt isteach agus cuireadh tús leis an bpróiseas tairisceana in 2012.
- Críochnaíodh an t-athdhromchlú ar chabhsáin agus ar chosáin i Reilig Sheangánaí agus i gcodanna de Reilig Ghráinseach an Déin.

Leabharlann Dheilginse tar éis caoi a bheith curtha uirthi agus Gairdín Léitheoireachta Maeve Binchy, grianghraf tógtha ag Seán Downes



# An Rannóg Airgeadais

*Is í an Rannóg Airgeadais atá freagrach as oibríochtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha na Comhairle, idir Ioncam agus Chaipiteal, a mhaoiniú.*

Áirítear iad seo a leanas leis an raon leathan seirbhísí a sholáthraíonn an Rannóg:

- Rialú Airgeadais, Sreabhadh Airgid agus Bainistíocht Cisteáin
- An Dréachtbhuiséad Bliantúil a ullmhú
- An Ráiteas Airgeadais Bliantúil a ullmhú
- Obair riaracháin a dhéanamh ar an Mórleabhar Ginearálta agus ar na Príomhchórais Airgeadais
- Riarachán Párolla
- Billeáil agus Bailiú Rátaí Tráchtála
- Bailiú Muirear Dramhaíola Comhshaoil
- Billeáil agus Bailiú Muirear Uisce Tráchtála
- Cuntais a Íoc
- Riarachán Árachais agus Éileamh
- Oifig Fáltais Íocaíochtaí
- Riarachán agus Bailiú an Mhuirir ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha
- Riarachán agus Bailiú an Mhuirir Teaghlaigh

Cinntíonn an Rannóg Airgeadais freisin go gcomhlíontar leis na prionsabail chuntasaíochta reachtúla agus airgeadais, a chuirtear i bhfeidhm ar an airgead go léir, a íocann an Chomhairle nó a íoctar leis an gComhairle.

Fusion DLR 2012



## Buiséad na Comhairle

Ullmhaíonn an Rannóg Airgeadais an Dréachtbhuiséad foriomlán i gcomhairle le gach rannóg sa Chomhairle. Ba €186,365,000 an Buiséad Ioncaim don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2012, arna ghlacadh ag an gComhairle.

## Rátaí

Bíonn rátaí iníoctha ar mhaoine tráchtála agus tionsclaíocha. Cinneann na Comhaltaí tofa, tar éis don Bhuiséad a bheith measta gach bliain, an Ráta Bliantúil Luachála (RBL) a thoibheofar an bhliain dár gcionn. Ba €0.17 an RBL don bhliain 2012.

## Comhthiomsú Staitisticí

| Bliain | Iomlán na Rátaí a Éilíodh | Iomlán na Rátaí a Bailíodh | % a Bailíodh |
|---|---|---|---|
| **2012** | €101,483,481* | €76,485,950 | 75.36% |
| **2011** | 101,326,260 | 77,289,648 | 76.28% |
| **2010** | €100,779,345 | €81,537,284 | 80.91% |

Folaíonn * riaráistí de €24,037,110 @ 1/1/2012. Ba €24,997,032 na Riaráistí Deiridh @ 31/12/2012.

Léiríonn an céatadán de 75.36% a bailíodh sa bhliain 2012 laghdú de níos lú ná 1% ar fheidhmíocht bailiúcháin na bliana 2011 agus tugann sé sin cobhsaíocht san fheidhmíocht bailiúcháin le fios.

## An tAcht Luachála, 2001

Leasaíodh san Acht Luachála, 2001 an dlí a bhaineann le luacháil inrátaithe maoine agus éascaíonn sé luacháil náisiúnta ar na luachálacha inrátaithe go léir.

## Athluacháil

Tá an athluacháil críochnaithe anois sa Chontae agus bhí éifeacht ag an liosta nua luachála chun críocha rátála ar an 1 Eanáir 2011. Tá an Oifig Luachála ag leanúint den chlár athluachála náisiúnta a chur i bhfeidhm go céimneach go náisiúnta.

## Tobhach na Chéad Bhliana

Tugadh an tobhach isteach faoin Acht Rialtais Áitiúil (Ceantair Feabhsúcháin Gnó), 2006 a achtaíodh ar an 24 Nollaig 2006.

Bíonn feidhm ag an tobhach maidir leis na maoine nuathógtha go léir ón dáta a ndéantar na maoine a luacháil

chun críocha luachála, ag feitheamh rátaí tráchtála a thobhach.

## Muirir Dramhaíola Comhshaoil

D'éirigh an Chomhairle as seirbhís dhíreach bhailithe dramhaíola a sholáthar ó thús Lúnasa 2010 d'fhormhór a custaiméirí agus ní chuireann sí seirbhís dhíreach ar fáil ach do líon beag teaghlach a mbíodh an dramhaíl á bailiú uathu i málaí agus do chónaitheoirí in ollionaid árasán de chuid na Comhairle. Tá an Chomhairle ag leanúint de bheith ag bailiú riaráistí gan íoc agus bailíodh €1,189,963 sa bhliain 2012. Ina theannta sin, tá an Chomhairle freisin fós ag glacadh agus ag próiseáil iarratas ar tharscaoileadh i leith an mhuirir agus próiseáladh 1,447 n-iarratas sa bhliain 2012. Deonaíodh 1,355 iarratas agus diúltaíodh 92 iarratas díobh.

## Bailiú Muirear Uisce Tráchtála

Cinntear na muirir don soláthar uisce tráchtála de réir úsáid mhéadraithe.

| Bliain | Iomlán na Muirear Uisce a Éilíodh | Iomlán na Muirear Uisce a Bailíodh | % a Bailíodh |
|---|---|---|---|
| **2012** | €12,505,868* | €6,215,476 | 49.70% |
| **2011** | €14,544,063* | €6,426,070 | 44.18% |
| **2010** | €14,774,936* | €6,086,457 | 41.19% |

*Eisítear billí i riaráiste. Áirítear an bille deiridh don bhliain leis an dochar bliantúil, cé go n-eisítear é ar chustaiméirí i ndiaidh dheireadh na bliana. Tabhair do d'aire freisin go bhfolaíonn an t-iomlán a éilíodh na riaráistí isteach de €8,117,993 mar a bhí an 1ú lá d'Eanáir. Ba €6,290,392 na riaráistí deiridh mar a bhí an 31 Nollaig 2012.

Ba léir feabhas leanúnach le ceithre bliana anuas sna rátaí bailiúcháin maidir le muirir uisce tráchtála agus nuair a ghlactar i gcuntas an méid a gearradh ón mbliain 2013 siar go dtí an bhliain 2012, sa chás sin ardaíonn an fheidhmíocht bailiúcháin don bhliain 2012 go 60%.

Nóta: Cuireadh deireadh le Muirir Uisce Teaghlaigh le héifeacht ón 1 Eanáir 1997.

## Muirear ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR)

Tugadh isteach muirear €200 ar Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha faoin Acht Rialtais Áitiúil (Muirir), 2009. Tá an muirear €200 iníoctha leis an údarás áitiúil ar ina limistéar atá an Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha suite. Is iad na húinéirí féin a mheasann an muirear agus ní mór dóibh an mhaoin a chlárú agus an muirear a íoc.

Déantar foráil sa reachtaíocht do ghearradh táillí as íoc déanach maidir le híocaíochtaí a íocadh tar éis an dáta dlite agus d'imeachtaí dlí a thionscnamh i gcoinne úinéirí atá faoi dhliteanas an muirear a íoc ach nach gcomhlíonann a ndliteanas.

Bhí 15,464 mhaoin faoi réir an mhuirir sa bhliain 2012 agus ba €3,861,460 an méid a bailíodh, lena n-áirítear táillí as íoc déanach, agus thabharfadh leibhéal íocaíochta den sórt sin le fios gur comhlíonadh iomlán, beagnach, a bhí i gceist sa Chontae maidir leis an muirear a íoc.

## Muirear Teaghlaigh

Rinneadh socrú san Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh, 2011 / sna Rialacháin Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh), 2012 maidir le muirear teaghlaigh €100 a bheidh iníoctha ag úinéirí maoine cónaithe áirithe a thabhairt isteach. Thug an Rialtas an muirear isteach mar ghníomh eatramhach faoin gClár AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn, go dtí go dtabharfar cáin maoin-bhunaithe chuimsitheach isteach a thiocfaidh in ionad an mhuirir teaghlaigh ó 2013 ar aghaidh. Níorbh ionann an Muirear Teaghlaigh agus foirm bhreise ioncaim d'Údaráis Áitiúla ach tháinig sé in ionad an ranníoca a dhéantaí roimhe sin leis an gCiste Rialtais Áitiúil as fáltais cánachais an rialtais láir.

Meastar gur 74,390 teaghlach an líon teaghlach sa Chontae seo a bhfuil sé dlite orthu an Muirear a íoc. Ba €6,394,600 (lena n-áirítear tarscaoileadh) an méid a bhí íoctha mar a bhí an 31 Nollaig 2012 agus thabharfadh sé sin ráta íocaíochta de 85.96% le fios – an ráta comhlíonta is airde sa Stát.

## Bainistíocht Airgeadais

Is tuairisciú tréan críochnúil an tuairisciú a dhéantar ar bhainistíocht airgeadais sa Chomhairle. Cinntíonn an dianchóras atá i bhfeidhm maidir le faireachán míosúil ar chúrsaí airgeadais go n-aithnítear aon athraitheas suntasach sa bhuiséad go luath agus go nglactar bearta cuí chun aon dochar a d'fhéadfaí a dhéanamh ó thaobh cúrsaí airgeadais de a laghdú. Áirítear iad seo a leanas leis an rialú sin - athbhreithniú rialta airgeadais, tuairiscí airgeadais míosúla agus ráithiúla a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais a thomhaistear i gcoinne bhuiséid an chaiteachais agus an ioncaim araon agus measúnú ar an anailís a dhéantar ar athraitheas.

## Tuarascálacha Ráithiúla

Tugadh isteach ceanglais tuairiscithe bhreise faoin gClár AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn lena gceanglaítear go soláthróidh na hÚdaráis Áitiúla go léir sonraí ráithiúla don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil taobh istigh de

60 lá ó dheireadh na ráithe. Is iad seo na tuarascálacha lena mbaineann na ceangail:

An Tuarascáil Ioncaim ina dtugtar sonraí caiteachais agus ioncaim an chuntais ioncaim don bhliain go dtí deireadh gach ráithe in aghaidh bhuiséad na bliana.

An Tuarascáil Chaipitil ina dtugtar sonraí iarmhéideanna tosaigh, caiteachais agus ioncaim agus iarmhéideanna deiridh an chuntais chaipitil don bhliain go dtí deireadh gach ráithe.

An Tuarascáil Féichiúnaithe ina dtugtar sonraí faoi ghluaiseachtaí i ngach aon chatagóir féichiúnaithe don bhliain go dtí deireadh gach ráithe.

An Tuarascáil Iasachtaí ina dtuartar go sonrach na haisíocaíochtaí úis agus bunairgid ar na hiasachtaí reatha agus ceadaithe uile.

An Tuarascáil Párolla/Aoisliúntas ina dtugtar sonraí faoi íocaíochtaí párolla agus íocaíochtaí a bhaineann le pinsean don tréimhse shonraithe.

Cuireadh na tuarascálacha seo go léir faoi bhráid RCPRÁ taobh istigh de na scálaí ama sonraithe do na 4 ráithe de 2012.

## Cuntais a Íoc

Íoctar soláthraithe tar éis dóibh doiciméid bhailí chánach a chur ar fáil. Déantar formhór na n-íocaíochtaí le Ríomhaistriú Airgid (RA) trína gcuirtear na híocaíochtaí isteach díreach i gcuntais bhainc na soláthraithe agus eisítear íocaíochtaí le seiceanna ar uairibh i gcás nach féidir RA a dhéanamh. Íoctar an fhoireann agus na Comhairleoirí le RA freisin.

Is é an banc seo a leanas Cisteoir na Comhairle: Banc na hÉireann, 101 Sráid Sheoirse Uachtarach, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

Tá sé d'oibleagáid ar an gComhairle, ón 1 Iúil 2011, soláthraithe a íoc taobh istigh de 15 lá chun déanamh de réir chinneadh Rialtais a rinneadh faoi bPlean Téarnaimh Náisiúnta agus faoin gClár AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn. Bhíodh feidhm ag an riail um íoc pras cuntas 15 lá maidir le Ranna an Rialtais Láir ach thug an cinneadh seo Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, na hÚdaráis Áitiúla, Gníomhaireachtaí Stáit agus na comhlachtaí eile go léir san earnáil phoiblí isteach faoina réim.

## CBL

Toisc athruithe a bheith déanta sa reachtaíocht a bhaineann le CBL le haghaidh comhlachtaí poiblí tugadh raon seirbhísí breise de chuid na n-údarás áitiúil faoi réir CBL le héifeacht ón 1 Iúil 2010. Rinneadh athbhreithniú iomlán ar sheirbhísí na Comhairle chun foinsí ioncaim a thiocfadh faoi réir na n-athruithe CBL a aithint agus cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun CBL ar ioncam ábhartha a chur i gcuntas agus chun caiteachas lena mbainfeadh CBL a aithint chun cinntiú go mbeadh na tuairisceáin a chuirfí faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim cruinn.

## Iniúchadh Inmheánach

Is é príomhról an iniúchta inmheánaigh a dhearbhú don Bhainisteoir Contae, don Bhainistíocht Shinsearach, don Chomhairle Thofa agus don Choiste Iniúchta gur aithníodh na rioscaí éagsúla a bhí roimh an gComhairle agus go bhfuil rialuithe inmheánacha iomchuí i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú. Déanann Iniúchadh Inmheánach meastóireacht agus tuairiscíonn sé ar chórais rialaithe inmheánacha na Comhairle agus déanann sé moltaí ar mhaithe le feabhsú más gá. Cuireann Iniúchadh Inmheánach feidhm athbhreithnithe neamhspleách ar fáil don bhainistíocht, chun dearbhú go mbíonn seirbhísí á soláthar go héifeachtúil, go héifeachtach agus go tíosach agus go mbíonn siad de réir na gceanglas dlíthiúil. Rinne an Rannán Iniúchta Inmheánaigh an méid seo in 2012:

- D'eisigh sé sé thuarascáil inar clúdaíodh raon leathan saincheisteanna.
- Chuidigh sé le hullmhú Chláir na Rioscaí Corparáideacha agus Rannóg.
- Chuaigh sé i dteagmháil le hIniúchóir an Rialtais Áitiúil.
- Chuaigh sé i dteagmháil le Coiste Iniúchta na Comhairle.
- Cheap sé an Plean Bliantúil don Iniúchadh Inmheánach don bhliain 2013 agus ceadaíodh é.

## Árachais

Is iad seo a leanas na príomhréimsí gníomhaíochta: Dliteanas Poiblí, Dliteanas Fostóirí, Árachas Dóiteáin (Stoc Tithíochta), Árachas Dóiteáin (Maoine Ginearálta) agus Árachas Mótair. Soláthraítear cumhdach iomlán.

## An Ráiteas Airgeadais Bliantúil

Ullmhaíodh an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain 2011, a críochnaíodh sa bhliain 2012, ar bhonn fabhraithe cuntasaíochta agus áiríodh ann Clár Comhardaithe iomlán inar léiríodh na sócmhainní a bhí in úinéireacht na Comhairle agus na dliteanais a bhí dlite ar an gComhairle, agus críochnaíodh é taobh istigh den tréimhse reachtúil ama. Is é nó í an tIniúchóir Rialtais Áitiúil a dhéanann iniúchadh ar na cuntais agus tuairiscíonn sé nó sí don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

# An Rannóg Tithíochta

*Déanann an Rannóg Tithíochta thart ar 4,300 maoin atá in úinéireacht na Comhairle a bhainistiú. Is í atá freagrach as an mBeartas Náisiúnta Tithíochta a chur i ngníomh agus áirítear leithdháileadh, cothabháil, athchóiriú agus díol teaghaisí, measúnú agus bailiú cíosa, iasachtaí ceannaigh tí agus deontais áirithe a bhronnadh, agus soláthar cóiríochta do theaghlaigh gan dídean lena feidhmeanna.*

Is í an Rannóg atá freagrach as caighdeáin a chur i bhfeidhm agus as leabhair chíosa a bhaineann le cóiríocht phríobháideach ar cíos a choinneáil cothrom le dáta agus as an Scéim Cóiríochta ar Cíos (SCarC) a riar. Is í an Rannóg atá freagrach freisin as maoine a fháil le haghaidh tithíocht shóisialta trí mhaoine príobháideacha a léasú, chomh maith le bainistiú agus cothabháil na nGrúpscéimeanna Tithíochta agus na Láithreán Stad agus as Clár Cóiríochta na Comhairle don Lucht Siúil a chur i ngníomh.

## An Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí

Sa bhliain 2012, fuair an Chomhairle 71 iarratas ar thithe a cheannach. Ceadaíodh 69 n-iarratas agus díoladh 35 theaghais.

## Tionscnamh Léasaithe Tithíochta Sóisialta

Fuarthas líon áirithe fiosrúchán faoin tionscnamh seo agus síníodh 5 léas in 2012. Tugadh an obair a bhain le dhá iarratas a rinneadh faoin scéim, Saoráid Iasachta i ndáil le hAirleacan Caipitil, (SIAC) chun críche agus díoladh 36 aonad. Leanfar ar aghaidh leis na scéimeanna seo in 2013. Cuireadh 27 n-aonad nár díoladh leis na haonaid don Tithíocht Shóisialta agus is mar sin a fhágfar iad ar feadh na tréimhse tosaigh 5 bliana.

## Athchóirithe

Rinneadh oibreacha a bhain le bheith tíosach ar fhuinneamh in 76 theaghais. Áiríodh leo sin 28 n-aonad i dTeach Naithí, Baile an Teampaill agus 12 aonad i gCúirt Rollins.

Cumann Náisiúnta na gComharchumann Tógála – Cois Abhann, Baile Uí Lachnáin



Maidir le teaghaisí a bhíonn ligthe ar cíos ag an gComhairle le tionóntaí faoi mhíchumas, méadaíodh ocht gcinn agus athchóiríodh 35 sheomra folctha.

## An Scéim 'Deontas D'Oiriúnú Tithe' do Dhaoine faoi Mhíchumas

Fuarthas 165 iarratas ar an scéim 'Deontas D'Oiriúnú Tithe' do Dhaoine Faoi Mhíchumas.

Eisíodh 108 gcead shealadacha arbh €922,893.00 a luach.

## Scéim Deontas Tithíochta i gcomhair áiseanna mar chabhair don tSoghluaisteacht

Fuarthas 7 n-iarratas ar an Deontas Tithíochta i gcomhair Áiseanna mar Chabhair don tSoghluaisteacht.

Eisíodh 9 gcead shealadacha arbh €36,564.00 a luach.

## Cabhair Tithíochta do Dhaoine Scothaosta

Fuarthas 41 iarratas ar Chabhair Tithíochta do Dhaoine Scothaosta.

Eisíodh 33 chead shealadacha arbh €160,573.63 a luach.

## Easpa dídine

Lean an Chomhairle leis na comhshocruithe a bhí idir í agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i ndáil le cóiríocht éigeandála a chur ar fáil do dhaoine gan dídean. Is é an Creatphlean Gníomhaíochta do Dhaoine Gan Dídean i Réigiún Bhaile Átha Cliath 2010 go 2013 an plean ar ghlac na ceithre Chomhairle atá i mBaile Átha Cliath leis.

Sa bhliain 2012, chuir an Chomhairle 10 dteaghlach a bhí gan dídean isteach i dtithíocht shóisialta mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Léasú Fadtéarmach: | 1 |
| Tithe nár díoladh ach a bhí Incheannaithe: | 5 |
| Cóiríocht ÚÁ: | 4 |

Ina theannta sin d'éirigh le 4 theaghlach gan dídean cóiríocht thacaithe fhadtéarmach a fháil i gcathair Bhaile Átha Cliath.

Cuidíodh le 42 theaghlach teacht ar chóiríocht in earnáil na dtithe príobháideacha ar cíos.

Sa bhliain 2012, thacaigh an Scéim TMN (Tacaíocht chun Maireachtáil go Neamhspleách) le 51 teaghlach a bhí tar éis bogadh amach as cóiríocht do dhaoine gan dídean.

Cuireadh tús le Seirbhís Tacaíochta ar Cuairt an Chumainn Tithíochta don Mhaireachtáil Imeasctha (HAIL) i mí Bealtaine 2012 agus fuair sé theaghlach tacaíocht uaithi in 2012.

Leanann Grúpa an Chomhchruinnithe dá chruinnithe chun Comhchruinniú na Seirbhísí agus saincheisteanna ar bith ar ábhar imní iad a mbítear á n-ardú a phlé. Tá ionadaithe ó na soláthraithe seirbhíse ar Ghrúpa an Chomhchruinnithe.

Cuireadh tús leis an tSeirbhís Cothabhála Tionóntachta a sholáthraíonn Focus Ireland, i mí Feabhra 2012. Is do theaghlaigh a bhfuil teaghaisí acu faoin Scéim Tithíochta Sóisialta agus a mbíonn deacrachtaí acu lena dtionóntachtaí a sholáthraítear an tseirbhís seo.

## Iompar Frithshóisialta ar Eastáit na Comhairle

Lean an Chomhairle dá beartas dul i ngleic go cuimsitheach le heachtraí iompair fhrithshóisialta ar a heastáit le linn 2012.

Imscrúdaíodh agus tugadh 105 chás san iomlán d'iompar frithshóisialta chun críche i gcaitheamh na bliana. Is ionann sin agus laghdú 22% ar na cásanna iompair fhrithshóisialta a tuairiscíodh i gcomparáid leis an líon a tuairiscíodh in 2011.

Tionscnaíodh caingean dlí nuair ba chuí agus seirbheáladh 1 Fógra Fágála i gcaitheamh na bliana.

Géilleadh 1 teaghais in ionad caingean dlí.

Eisíodh 23 litir rabhaidh agus tugadh 25 fhógra rabhaidh ó bhéal.

Tugadh faoi 1,052 measúnú réamhthionóntachta (seiceáil ar chúlra) – ardú 15% ar an mbliain roimhe sin. Diúltaíodh tithíocht do 32 iarratasóirí nó cuireadh siar a n-iarratais ar feadh tamaill toisc iad a bheith ag gabháil d'iompar frithshóisialta agus/nó ar mhaithe le dea-bainistiú eastáit.

## Cúrsaí Oiliúna Réamhthionóntachta

Rinne 33 iarratasóirí ar thithíocht cúrsa réamhthionóntachta in 2012.

## Liostaí Tithíochta agus Aistrithe

Faoin 31 Nollaig 2012, ba é toradh an mheasúnaithe a bhíothas tar éis a dhéanamh ar 4,319 iarratasóirí go raibh siad i gcall tacaíochta faoin scéim tithíochta sóisialta. Leithdháileadh teaghaisí ar 212 iarratasóirí ar thithíocht. Áiríodh iad seo a leanas leo sin- cuireadh cóiríocht ar fáil do 78 iarratasóirí i dteaghaisí a bhí in úinéireacht nó á mbainistiú ag Cumainn Tithíochta Deonaí, leithdháileadh 37 dteaghais faoin Scéim Cóiríochta ar Cíos agus cuireadh cóiríocht ar fáil do 8 iarratasóirí i maoine faoin Scéim Léasaithe Fhadtéarmaigh. Aistríodh 67 tionóntaí chuig cóiríocht eile. Áiríodh leo sin 20

duine a baineadh den Liosta Aistrithe Seasta faoi SCarC, 3 a bhí ar an liosta SCarC a aistríodh go cóiríocht faoin SCarC, 3 a fuair tionóntacht ó Chumann Tithíochta Deonaí agus duine amháin a aistríodh isteach i maoin lenar ghabh Léas Fadtéarmach.

## Cíosanna Tithíochta

De ghnáth, ríomhtar an cíos bunaithe ar ioncam reatha an teaghlaigh de réir Scéim Cíosa Difreálaigh na Comhairle. Tugadh faoi deara in 2012 go raibh na hioncaim teaghlaigh fós ag titim rud a d'fhág go raibh an meánchíos in aghaidh na seachtaine laghdaithe faoi 1.4%, tite go €57.63 ó €58.43 in 2011. Is 98% ráta bailithe na muirear reatha agus is feabhas é sin le hais mar a bhí le blianta beaga anuas, ach d'ainneoin sin léirigh an titim faoi 1.4% go €12.14 milliún sa ghlanioncam ó chíos an titim a tharla sna meánrátaí cíosa.

## Cuid V – Straitéis Tithíochta

Soláthraíodh seacht n-árasán déag faoi Chuid V de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 - 2010 le haghaidh Tithíocht Shóisialta. Ina theannta sin, chuathas faoi thrí chomhshocrú eile, trína ndearnadh foráil do Ranníocaí Airgeadais a íoc agus/nó d'aonaid a sholáthar ar an mbonn nach mbeadh iarmhairtí costais ann.

## An Scéim Tithíochta Incheannaithe

Ainneoin an tóin a bheith tite den chéad uair as an margadh tithíochta, díoladh ocht gcinn déag de theaghaisí incheannaithe in 2012 agus ba ar an margadh oscailte a díoladh cúig cinn díobh sin.

Tar éis meastóireacht a bheith déanta ar an gcaoi a raibh Scéim na Tithíochta Incheannaithe ag feidhmiú agus tar éis scrúdú a bheith déanta ar a dheacra is a bhí sé ar iarratasóirí morgáiste a fháil gan éarlais shuntasach a bheith acu, cinneadh, i ndiaidh a bheith i gcomhairle leis an CBS don Tithíocht agus leis an gComhairle, scéim Tóg ar Cíos lena Cheannach a thabhairt isteach. Seoladh an Scéim i mí na Samhna 2011 agus é de chuspóir léi cuidiú le hiarratasóirí a bhí i dteideal tithíocht incheannaithe ionas go bhféadfadh siad a dteach a cheannach. Faoin scéim seo, féadtar an teach incheannaithe a fháil ar cíos láithreach ón gComhairle ar feadh tréimhse suas go trí bliana. Bíonn sé de rogha ag an iarratasóir an teach sin a cheannach am ar bith sa tréimhse trí bliana seo ar phraghas socraithe a bhíonn comhaontaithe sula ndeonaítear an léas ar an maoin. Cuirfear 80% den chíos a bheidh íoctha in aghaidh cheannach an tí incheannaithe i gcás go gceannófar an t-aonad sa tréimhse trí bliana i.e. glacfar é mar éarlais ar an maoin. Tá iarratasóirí cáilithe tar éis suim thar na bearta a chur sa scéim seo agus bhí seasca aonad as na sé aonad is ceithre scór de na haonaid tithíochta incheannaithe a bhí fágtha gan díol áitithe ar an mbonn Tóg

Teach Bentley - Cóiríocht Tithíochta i gCás Éigeandála



ar Cíos lena Cheannach faoi dheireadh mhí na Nollag 2012 agus bhíothas tar éis éarlaisí a chur síos ar naoi gcinn déag eile de mhaoine.

## Scéim Iasachta chun Teach a Cheannach

Tá Scéim Iasachta chun Teach a Cheannach ar tairiscint ón gComhairle trína bhféadfaidh iarratasóirí cáilithe cáiliú le haghaidh cistiú morgáiste suas go 97% de chostas na maoine go huasmhéid suime dar luach €200,000. Sa bhliain 2012 tugadh amach cúig Iasacht chun Teach a Cheannach lena n-áirítear trí cinn chun maoine a cheannach faoin Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí, scéim de chuid na Comhairle.

## Scéimeanna Tithíochta Deonaí

Cuireadh cistiú ar fáil le linn 2012 tríd an Scéim Cúnaimh Deontais Chaipitiúil ar mhaithe le ceithre cinn déag d'aonaid a sholáthar do dhaoine a tháinig faoi chatagóirí sonracha de chall tithíochta (daoine gan dídean, daoine scothaosta agus daoine míchumasaithe).

## Cóiríocht do Phobal an Lucht Siúil 2012

Tháinig an Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil (CCÁCLS) le chéile cúig uaire sa bhliain 2012.

Cuireadh clár de mhionoibreacha cothabhála a bhí beartaithe i gcrích ar thithíocht shonrach don Lucht Siúil.

Rinneadh athchóiriú iomlán ar theach 2 sheomra codlata a raibh damáiste déanta ag tine dó ar láithreán stad Lána an Átha Mhóir.

Aistríodh taifeadadh iomlán na bhfiosrúchán faoi chothabháil an stoic tithíochta a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil isteach ar an gcóras ríomhaireachta OHMS.

Cuireadh tús leis na hoibreacha tógála a bhain le hathchóiriú iomlán ar láithreán stad 3 chuas i bPáirc na Saighdiúirí agus na Mairnéalach, Baile na Manach agus tá sé ceaptha dóibh a bheith críochnaithe i mí Feabhra 2013.

Bogadh ceithre theaghlach amach as cóiríocht shealadach agus cuireadh isteach i gcóiríocht bhuan iad.

Líonadh cúig fholúntas san iomlán a bhí sa stoc tithíochta sonraí don Lucht Siúil i gcaitheamh 2012.

Cothabháil Stoc Tithíochta an Údaráis Áitiúil

Mar atá 31 Nollaig 2012 tá thart ar 4,229 dteaghais sa stoc ar cíos atá ag an gComhairle. Fuarthas 4,569 n-iarraidh san iomlán ar chothabháil sa bhliain 2012.

Is i bhfeabhas atá an bhail atá ar stoc tithíochta na Comhairle ag dul de bharr i dtús báire mar gur sna 5 bliana seo caite a tógadh/athchóiríodh líon mór de na haonaid agus freisin de bharr an chláir chothabhála bheartaithe dár gcuid, atá ar bun fós. Tá líon áirithe creataí lena mbaineann conraitheoirí speisialaithe ceadaithe i bhfeidhm anois a chinntíonn, le cois an atheagraithe atá ar bun ar aonad saothair dhírigh na Comhairle, go bhfaightear an luach is fearr ar an airgead i gcónaí.

## An Scéim Cóiríochta ar Cíos

Cuireadh tús leis an Scéim Cóiríochta ar Cíos (SCarC) i gComhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin i Lúnasa 2006.

Líon tionóntaí tiarnaí talún príobháideacha, aistrithe chuig an Scéim an 31 Nollaig 2012 – 370

Líon tionóntaí deonacha, aistrithe chuig an Scéim an 31 Nollaig 2012 - 138

# An Rannóg Acmhainní Daonna agus An Bord Forbartha Contae

*Bíonn an Rannóg Acmhainní Daonna gafa le gnáthriarachán na bhforálacha reachtúla fostaíochta, na mbeartas, na nósanna imeachta agus na scéimeanna a bhíonn glactha ag an mbainistíocht. Is í an Rannóg freisin a bhíonn freagrach as Inrochtaineacht agus Comhpháirtíocht san Ionad Oibre.*

Déanann an Bord Forbartha Contae a chuid oibre go fairsing i gcomhar le comhpháirtithe na Comhairle lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí áitiúla eile san earnáil phoiblí, cuideachtaí forbartha áitiúla, an earnáil phobail agus dheonach agus gnóthais eagraithe.

## Foireann na Comhairle Contae

Ba 1,028 duine líon na foirne a bhí ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i ndeireadh na bliana 2012 agus áirítear leosan oibrithe cléireachais/riaracháin, oibrithe gairmiúla, teicniúla agus na hoibrithe ceirde agus ilsaothair a bhíonn lonnaithe in iostaí.

## Earcaíocht, Riarachán agus Caidreamh Tionsclaíoch

Tugann an Rannóg Acmhainní Daonna seirbhís chomhairleach don bhainistíocht áitiúil ar mhaithe le comhionannas agus comhsheasmhacht a chinntiú ar fud na heagraíochta.

Cuirtear leas na foirne chun cinn trí scéimeanna i ndáil le cothromaíocht idir an obair agus an saol a bheith i bhfeidhm .i. fleisc-am, saoire scoilbhliana, obair a roinnt.

Aithníonn an Comhairleoir Tacaíochta Foirne gábha neamhbhuana nó deacrachtaí pearsanta a bhíonn ag baill foirne más ag an obair nó sa bhaile é agus déileáiltear leo; soláthraítear seirbhís rúnda chomhairleoireachta, atreoraithe agus eolais.

## Comhionannas

Luach atá i gcroílár chultúr na Comhairle is ea an Comhionannas. Léirítear é sin sna beartais, sna cleachtais agus sna nósanna imeachta a ghabhtar nuair a bhíonn teagmháil againn le saoránaigh agus lena chéile. Déantar an bhainistíocht chomhionannais a chomhtháthú sa chlár oiliúna do chúram custaiméirí a d'fheidhmigh mar thaca chun teacht ar fhreagraí cuí i ndáil le raon leathan d'fhiosriúcháin, d'ábhair imní agus de riachtanais.

## Inrochtaineacht

Ní raibh aon mhaoiniú ar fáil ó Chiste na Straitéise Náisiúnta Míchumais sa bhliain 2012, ach mar sin féin tugadh isteach inrochtaineacht agus prionsabal an Dearaidh Uilíoch i ngach tionscadal caipitil nua, clár bonneagair agus sna gnáthoibríochtaí ag féachaint le rochtain ar an gcomhshaol tógtha, rochtain ar fhaisnéis agus rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú. Thacaigh an Chomhairle leis an tionscadal, Rochtain ag Daoine de gach Aois 2012, a bhí idir lámha ag daltaí Idirbhliana. Fuair 1,000 dalta Idirbhliana rochtain ar mhodúl

Ag Aclú agus ag Feabhsú 2012



r-fhoghlama de chuid an Údaráis Náisiúnta Míchumais, trí bhíthin an tionscadail agus ghlac siad páirt i gcomórtas náisiúnta póstaer. Ba chomhfhiontar idir an Roinn Oideachais, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Údaráis Áitiúla agus meánscoileanna é an tionscadal. Cuireadh an tionscadal i gcrích d'uireasa buiséid ach amháin go ndearnadh urraíocht phríobháideach ar dhuaiseanna.

Arís in 2012, sáraíodh an sprioc 3% dá dtagraítear san Acht um Míchumas, 2005 maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú. 4.2% an céatadán a baineadh amach.

## Forbairt agus Oiliúint Foirne

Cuireadh oiliúint go hinmheánach ar 949 ball foirne i réimsí lena n-áirítear na réimsí seo a leanas faoin gclár oiliúna i gcaitheamh na bliana: -

Forbairt Phearsanta, Sláinte agus Sábháilteacht, Scileanna sa Seomra Cúirte, Bainistíocht Fiach, Saoráil Faisnéise, Cúram do Chustaiméirí, Teicneolaíocht na Faisnéise

Críochnaigh 4 ball foirne an cúrsa Teastais i Staidéir Rialtais Áitiúil

Críochnaigh 4 ball foirne an Cúrsa Dioplóma i Staidéir Rialtais Áitiúil

Ceadaíodh 39 ball foirne faoin Scéim Cúnaimh le tabhairt faoi chúrsaí breisoideachais

## Comhpháirtíocht san Ionad Oibre

Bhí líon áirithe cruinnithe ag an gCoiste Comhpháirtíochta i gcaitheamh na bliana. Lean grúpaí gníomhaíochta comhpháirtíochta orthu ag cur roinnt mhaith cuspóirí/ gníomhaíochtaí chun cinn agus tugtar breac-chuntas ar roinnt díobh sin thíos: -

5K Phobal Dlr 2012




### Na cláir Fill ar an Oideachas & Fetac

Bhí 2 ghrúpa Fill ar an Oideachas ann i rith na bliana agus chríochnaigh grúpa eile an cúrsa Fetac i mí na Nollag.

### Uasghrádú Iostaí

D'oscail an Cathaoirleach Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin go hoifigiúil ar an Aoine an 14 Nollaig 2012.

### Treo Nua don Chomhpháirtíocht san Ionad Oibre

Aontaíodh an Treo Nua don Chomhpháirtíocht san Ionad Oibre in Earnáil na nÚdarás Áitiúil go náisiúnta in 2011. Áiríodh leis sin gur cuireadh 'Athrú Suntasach a Láimhseáil trí Chomhpháirtíocht' (A.S.L.T.C.) ar bun an athuair.

### Grúpa Cumarsáide na Comhpháirtíochta i ndáil le Cúrsaí Uisce

Aontaíodh téarmaí tagartha chun Grúpa Cumarsáide a bhunú. Is é an grúpa seo a dhéanann bainistiú ar an bhfaisnéis faoi thoibreacha uisce $H_2O$ agus faoi fhaisnéis eile a bhaineann le cúrsaí Uisce Éireann.

### Scéim Nuálaíochta na Foirne, 2012

Seoladh an tionscnamh seo chun scéim nuálaíochta a chur chun cinn – scéim trína bhféadfaidh Baill Foirne, Foirne nó Rannóga smaointe nuálacha a chur faoi bhráid Ghrúpa Gníomhaíochta Nuálaíochta na Comhpháirtíochta, smaointe chun an bealach ina n-oibríonn an Chomhairle a fheabhsú agus/nó airgead a shábháil.

Fuair an oifig comhpháirtíochta 69 n-iontráil san iomlán ó Bhaill Foirne. Leag an Bainisteoir Contae de chúram ar ghrúpaí scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe uile na 69 n-iontráil agus tuairisc a thabhairt don Fhoireann Bainistíochta.

## An Bord Forbartha Contae

Chomhordaigh agus d'éascaigh an Rannóg raon leathan d'fhóraim agus de shásraí comhoibrithe agus thug sí tacaíocht riarach//áin dóibh chun gníomhartha ilghníomhaireachtaí a chur i gcrích faoi mar atá i bPlean Forfheidhmithe Straitéiseach an Bhoird Forbartha Contae, 2009 – 2012. Rinneadh athchóiriú ó thaobh eagraíochta agus struchtúir de ar roinnt eagraíochtaí rannpháirteacha le linn na bliana agus bhí tionchar aige sin ar chur i ngníomh roinnt gníomhartha – d'fhéadfadh go mbeadh na gníomhartha seo nár cuireadh i gcrích san áireamh i bpleananna straitéiseacha sa todhchaí. Bhíothas chun an Bord Forbartha Contae a dhíscaoileadh mar chuid den Bheartas um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil – Tús Áite do na Daoine, ach ní raibh an reachtaíocht iomchuí a

bhaineann leis an díscaoileadh tionscanta mar atá 31 Nollaig 2012.

## Forbairt Eacnamaíoch

Leagann an Chomhairle béim ar thimpeallacht fabhrach do ghnó a fhorbairt ar na bealaí seo a leanas:

- An áit a bheith sa chaoi is go mbeadh aghaidh na ndaoine go mór uirthi le maireachtáil inti, a bheith ag obair inti agus teacht ar cuairt chuici.
- Seirbhísí éifeachtacha a bhíonn ríthábhachtach d'oibríochtaí gnó amhail bonneagar bóithre, soláthar uisce, diúscairt fuíolluisce a sholáthar agus timpeallacht thaitneamhach agus ghlan áitiúil a bhainistiú.
- Oibriú le grúpaí gnóthas eagraithe chun limistéir mhiondíola agus thráchtála sa chontae a chur chun cinn.

Nuair a oibríonn roinnt mhaith fachtóirí i dteannta a chéile – a bhformhór díobh nach mbíonn faoi rialú na Comhairle – is í an Fhorbairt Eacnamaíoch an toradh dearfach a bhíonn orthu. Dá bhrí sin bhí an Chomhairle rannpháirteach le páirtithe leasmhara eile nuair a bhíothas i mbun na ngníomhaíochtaí forbartha eacnamaíche seo a leanas sa bhliain 2012:

- Ag obair le húdaráis sa chomharsanacht chun forbairt eacnamaíoch sa réigiún a éascú taobh istigh de Chreatphlean um Fhorbairt Eacnamaíoch Réigiún Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Ag obair le Fáilte Ireland agus soláthraithe turasóireachta áitiúla chun margaíocht a dhéanamh ar tháirgí áitiúla turasóireachta agus ar nithe is díol suntais mar chuid de bhranda turasóireachta Bhaile Átha Cliath.
- Ag obair le gníomhaireachtaí tacaíochta na bhfiontar áitiúil, gníomhaireachtaí stáit agus grúpaí gnóthas chun gníomhartha arna gcomhaontú ag an mBord Forbartha Contae a chur i ngníomh.
- Ag obair mar chomhpháirtithe le cathracha agus Comhairlí eile ar mhaithe le cur i ngníomh tionscadal arna gcistiú ag an AE agus a bhfuil d'aidhm leo an contae a chur chun cinn ar leibhéil níos forleithne.

## Áirítear iad seo a leanas le gnóthachtálacha na bliana 2012:

### Comhoibriú réigiúnach

Gnéithe a bhain le ceathrú Féile Nuálaíochta Bhaile Átha Cliath a chomheagrú

### Turasóireacht

Díscaoileadh Turasóireacht Bhaile Átha Cliath i mí Eanáir 2012 agus corpraíodh an athuair í in Fáilte Ireland. Sheas Fáilte Ireland ar feadh 6 mhí eile leis an gComhaontú Leibhéil Seirbhíse idir Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Turasóireacht Bhaile Átha Cliath. Rinneadh é a fhoirceannadh le comhaontú frithpháirteach i mí Iúil 2012.

Chuidigh Fáilte Ireland le forbairt Straitéis Turasóireachta Breise Chathair Bhaile Átha Cliath. Is é aidhm na straitéise na nithe is díol suntais feadh Chuan Bhaile Átha Cliath agus i Sléibhte Chill Mhantáin a chur chun cinn, nithe a chuireann leis an táirge turasóireachta atá bunaithe ar lár na cathrach.

Cuireadh tús leis an Tionscadal Turasóireachta Allamuigh.

Is tionscadal trí bliana é arna chistiú ag Clár Interreg IVA na hÉireann-na Breataine Bige agus arb í Comhairle Contae Buirge Conwy, an príomhpháirtí agus cúig pháirtí eile léi lena n-áirítear Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Is seisiúin thrialacha iad na gníomhartha insoláthartha chun feasacht an phobail a mhéadú maidir le gníomhaíochtaí áitiúla turasóireachta allamuigh; clár forbartha gnó do ghnóthais áitiúla nua in earnáil na turasóireachta allamuigh; clár oiliúna agus printíseachta d'fhostaithe san earnáil; agus straitéis margaíochta agus plean gníomhaíochta chun turasóireacht áitiúil allamuigh a chur chun cinn. Chuir an Chomhairle amach tairiscint agus choimisiúnaigh sí Blue Sail chun taighde a dhéanamh ar an turasóireacht allamuigh a tharlódh a bheith i limistéir áirithe na gcomhpháirtithe tionscadail. Foilsíodh an tuarascáil agus na torthaí i mí na Samhna 2012.

### Limistéir Ghnó a chur chun cinn

Tionscadal BRAND a chur i ngníomh chun branda bhaile Dhún Laoghaire a fhorbairt lena n-áirítear:

- Grúpa Páirtithe Leasmhara BRAND ina bhfuil na príomhchinnteoirí sa Chomhairle, Cuideachta Cuain Dhún Laoghaire, Cumann Gnó Dhún Laoghaire, Fóram Pobail agus Deonach Dhún Laoghaire-Rath an Dúin, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, Ionad Siopadóireachta Dhún Laoghaire agus Cumann Lucht Tráchtála Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Rannpháirteach chun margaíocht a dhéanamh ar imeachtaí agus féilte sa bhaile.
- Aon cheardlann oiliúna amháin ambasadóra a chur ar bun do bhaill foirne líne tosaigh in óstáin, gnóthais agus seirbhísí eile (e.g. maoir tráchta agus tiománaithe tacsaithe).
- An suíomh gréasáin, dunlaoghaire.ie, a chothabháil lena n-áirítear liosta de bheagnach 5,000 gnó áitiúil.
- Leathanach Facebook Bhaile Dhún Laoghaire a chothabháil agus a fhorbairt.

- Gearrscannán a réiteach don bhaile agus úsáid a bhaint as téamaí sainaitheanta brandála an bhaile dar teideal 'Lá i Saol Mhuintir Dhún Laoghaire'.
- Comhdháil Thionscadal BRAND a eagrú i Meitheamh 2012 inar taispeánadh agus inar pléadh an dea-chleachtas a forbraíodh le linn an tionscadail.

I mí an Mhárta 2012 d'eagraigh an Chomhairle imeacht idirnáisiúnta dar teideal '*Comhdháil don Bhrandáil Ceann Scríbe*'. Ba é ba chuspóir leis an gcomhdháil saineolaithe agus cleachtóirí sa mhargaíocht agus san fhorbairt a dhéantar ar áiteanna (limistéir ghnó) a thabhairt le chéile. Baintear leas sna limistéir ghnó seo as ionchur na bpáirtithe leasmhara go léir agus tarraingíonn siad aird mhuintir na háite agus an phobail i gcoitinne orthu féin freisin. Tharraing an Chomhairle ar an saineolas agus ar an eolas a forbraíodh a fhad is a bhí an Chomhairle páirteach i dtionscadail AE amhail an Tionscadal BRAND agus an Tionscadal SURE. Féach www.destinationcreation2012.com.

Sa bhliain 2010 sheol an Chomhairle scéim deontas chun gnó a chur chun cinn. Tá de phríomhchuspóir léi tacú le grúpaí gnó chun bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí bolscaireachta a tharraingeoidh níos mó daoine isteach ina limistéir thráchtála/mhiondíola faoi seach. Fuarthas 20 iarratas san iomlán sa bhliain 2012. Áirítear iad seo a leanas leis na tionscadail a chomhchistigh an Chomhairle – Féile Ealaíon an Gharráin Chnó in Ionad Siopadóireachta an




Gharráin Chnó, Féile Beochana na Carraige Duibhe i mbaile na Carraige Duibhe, fógraíocht a dhéanamh ar thaitneamhachtaí Dheilginse agus Shléibhte Chill Mhantáin in irisí taistil chomh maith leis na himeachtaí do Lá Bloom i nDún Laoghaire, Cuas an Ghainimh agus Glas Tuathail agus sa Charraig Dhubh.

I mí Aibreáin 2011 bhunaigh an Chomhairle an chéad tobshiopa sa Chontae i dTeach na Páirce, Sráid Sheoirse, Dún Laoghaire. Is iad seo a leanas aidhmeanna Thionscnamh an Tobshiopa:

- Baint ó dhroch-chuma fheiceálach maoine folmha i Lár an Bhaile
- An líon daoine a thagann isteach go Lár an Bhaile a ardú agus tuilleadh cuairteoirí a mhealladh isteach
- Poiblíocht a chruthú do Lár an Bhaile
- Spás ar chostas íseal a thairiscint d'fhiontraithe agus d'fhiontair shóisialta chun smaointe nua a thabhairt chun cinn agus/nó margaí nua a fháil
- Maoine folmha a thaispeáint do thionóntaí féideartha

Bhain 51 tionónta tobshiopa san iomlán tairbhe as an deis i dTeach na Páirce in 2012. Tá Tionscnamh Tobshiopa Dhún Laoghaire curtha ar bun anois i ndlínsí go leor eile in Éirinn.

## Comhoibriú Idirghníomhaireachtaí

Coiste um Fhorbairt Eacnamaíoch an Bhoird Forbartha Contae a chomhordú, ar a bhfuil siad seo - bainistíocht shinsearach Bhord Fiontar Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, FÁS, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire, Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath, Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath, An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail, Fiontraíocht Éireann agus Cumann Lucht Tráchtála Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Forbraíodh Plean Gníomhaíochta Áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le forbairt eacnamaíoch áitiúil i mBaile Uí Lachnáin, Seangánach agus i mBaile Breac trí leas a bhaint as na hacmhainní a ghabhann le Tionscadal SURE. Tá 14 thionscadal sa Phlean ó oiliúint i scileanna, líonraí gnó a fhorbairt go fáil amach céard iad na riachtanais phoist a bhíonn á n-éileamh in earnálacha nua an gheilleagair. Teastaíonn comhoibriú idirghníomhaireachtaí agus rannpháirtíocht an phobail le haghaidh na ngníomhartha go léir.

## Cuimsiú Sóisialta agus Forbairt Shóisialta

### Forbairt Shóisialta

Bunaíodh líon áirithe de struchtúir idirghníomhaireachta chun tacú le comhoibriú, comhordú agus acmhainn a

fhorbairt sa Chontae. Soláthraíonn Foireann an Bhoird Forbartha Contae seirbhísí éascaithe agus riaracháin do na coistí seo. Áirítear leo sin An Coiste um Fhorbairt agus Cuimsiú Sóisialta, An Comhchoiste Póilíneachta, An Grúpa Stiúrtha Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil, An Grúpa Comhairleach um Míchumas agus Fóram Comhtháthaithe DLR.

## RAPID

Is i limistéir Bhaile Uí Lachnáin agus Sheangánaí / Ráth Salach atá an Clár RAPID bunaithe agus tá d'aidhm leis an caighdeán saoil agus na deiseanna atá ann do na daoine a chónaíonn iontu a fheabhsú trí na seirbhísí a sholáthraíonn na soláthraithe éagsúla a chomhordú.

Tá plean gníomhaíochta forbartha ag RAPID faoi ocht gcuspóir straitéiseacha lena n-áirítear: Oideachas agus Oiliúint, Sláinte, Sábháilteacht an Phobail, an Timpeallacht Fhisiceach, Forbairt Pobail agus Cuimsiú Sóisialta, Tacaíocht Teaghlaigh, an Óige.

In 2012 ghlac Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin páirt i dtionscadal AE faoin gclár URBACT II, ar a dtugtar SURE (Éagsúlú na ngeilleagar áitiúil a chothú trí leas a bhaint as modhanna socheacnamaíocha nuálacha den Athshlánú Uirbeach i limistéir uirbeacha atá díothaithe). Bhí Dún Laoghaire – Ráth an Dúin ar cheann d'ocht gcathair Eorpacha a bhí páirteach sa tionscadal. Ba é aidhm an tionscadail forbairt eacnamaíoch agus fostaíocht a fheabhsú i limistéir RAPID. Tháinig an tionscadal seo chun críche i mí na Nollag 2012.

Thacaigh an Clár RAPID leis na tionscnaimh seo a leanas in 2012:

Thacaigh RAPID leis an Nuachtlitir "Pobail ag Oibriú le Chéile" a fhorbairt mar thionscadal idirghníomhaireachtaí, chun cumarsáid le cónaitheoirí áitiúla an limistéir RAPID a fheabhsú.

Céim a dó de Thionscadal Ghairdín Pobail Sheangánaí a dhéanamh i gcomhar le CBS Sheangánaí.

Thionóil Tascghrúpa Tacaíochta Teaghlaigh RAPID sraith de thrí sheimineár i gcomhair cleachtóirí agus soláthraithe seirbhíse in 2012 ag leanúint ón tuarascáil taighde a rinneadh ar riachtanais teaghlach soghonta ina bhfuil leanaí.

Thacaigh RAPID freisin leis an gcéad tionscadal 'Seid na bhFear' a fhorbairt i nDún Laoghaire – Ráth an Dúin.

D'éascaigh RAPID agus an Garda Síochána an Fóram Póilíneachta Áitiúil in 2012 i gcomhair limistéir Bhaile Uí Lachnáin, Sheanchille agus An Bhaile Bhric. Is í aidhm an fhóraim seo deis a thabhairt do chónaitheoirí áitiúla i limistéar RAPID saincheisteanna a bhaineann le Sábháilteacht Phobail a phlé leis an nGarda Síochána agus le Comhairle Contae DLR.

## Cuimsiú Sóisialta

Tá an tAonad um Chuimsiú Sóisialta freagrach as cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus a lárshruthú sa Chomhairle Contae trí chláir, beartais, agus gníomhaíochtaí a phromhadh; agus as gach iarracht a dhéanamh nach bhfágfar grúpaí as an áireamh ná nach mbeidh siad faoi mhíbhuntáiste ó thaobh teacht ar sheirbhísí poiblí de. Más gá, cuireann an tAonad rannpháirtíocht ghníomhach ó ghrúpaí soghonta chun cinn maidir leis na gnéithe uile a bhaineann le soláthar seirbhísí poiblí.

## Áirítear iad seo a leanas le gnóthachtálacha na bliana 2012:

Ba í an tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta (13-20 Deireadh Fómhair) príomh-mhórimeacht na bliana 2012 ós gur cuireadh breis is 90 imeacht ar siúl ar fud an Chontae le linn na seachtaine agus chuir taispeántas i Halla an Chontae agus *Inclusion Fusion 4* in Amharclann an Mhuilinn le himeachtaí na seachtaine. Tharraing na himeachtaí aird ar thionscadail agus ar thionscnaimh a bhíonn idir lámha ag an bpobal áitiúil agus ag eagraíochtaí reachtúla agus deonacha chun cuimsiú sóisialta, rannpháirteachas agus comhionannas a chur chun cinn sa Chontae.

Chuir an tAonad mórimeacht nua ar bun freisin in 2012 – deireadh seachtaine *FUSION DLR* a bhí ar siúl an 28 agus an 29 Iúil, i bPáirc an Phobail, Dún Laoghaire. D'fhreastail 16,751 duine ar imeachtaí an deireadh seachtaine agus áiríodh ar na buaicphointí ceol agus damhsa ar stáitse, cúig limistéar ceardlainne, aonach bia, tobshiopa, Raidió Pobail, spás Taispeántais agus limistéar Spóirt.

Thug an tAonad um Chuimsiú Sóisialta gnáth-thacaíocht agus comhairle do líon mór d'eagraíochtaí seachtracha in 2012 faoi shaincheisteanna agus gníomhartha a bhaineann le cuimsiú sóisialta a fhorbairt istigh sa Chontae. Áiríodh an méid seo le roinnt díobh sin:

- Lá Domhanda na nDídeanaithe, Imeacht Sláinte agus Folláine, Oiliúint sa Chomhionannas agus i gCearta an Duine agus Gradaim d'Oibrithe Deonacha.

In 2012, ba é an tAonad um Chuimsiú Sóisialta freisin a thug faoin gcomhordú a bhain leis na Cláir Chomhtháthaithe sa Chontae lena n-áirítear:

- Faireachán a dhéanamh ar Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin ar Chomhtháthú, 2012 – 2015 agus iad a chur i ngníomh
- Tacú le riachtanais na mionlach eitneach agus iad a phléadáil trí Fhóram Comhtháthaithe dlr do Mhionlaigh Eitneacha agus tríd an suíomh gréasáin www.dlrintegration.ie

Tacú leis an Tionscadal um Chomhtháthú arna chistiú ag an AE 'Cur chun cinn Comhpháirtíochta Sibhialta i ndáil le Náisiúnaigh ó Thríú Tíortha'

- Comhoibriú leanúnach le heagraíochtaí reachtúla, pobail agus deonacha agus neamhrialtasacha chun beartais don Chuimsiú Sóisialta a chur isteach i mbeartais agus i gcleachtais.

## An Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt

Sa bhliain 2012 d'eagraigh agus sholáthair Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin raon leathan de chúrsaí oiliúna, de cheardlanna, agus de chláir a bhí dírithe ar ghníomhaíocht choirp ar fud an chontae d'óg agus aosta, ba chuma céard é a leibhéal cumais ná a gcineál spóirt. Príomhghné den obair seo is ea modhanna nua a shainaithint agus a chur chun cinn go leanúnach chun an rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú trí obair idirghníomhaireachtaí agus obair chomhoibritheach.

### 1. Oiliúint a chur i bhfeidhm go céimneach

- Buntús – i 9 mbunscoil eile agus i 25 Réamhscoil eile
- Cosaint Leanaí – Ceardlanna sa Bhunfheasacht lena n-áirítear 242 traenálaithe/oibrithe deonacha spóirt agus traenáil do 21 Oifigeach Leanaí do Chumainn
- An Clár Forbartha d'Oibrithe Deonacha Spóirt – 15 saorálaithe spóirt a cuireadh faoi oiliúint i raon leathan de thopaicí riaracháin
- Garchabhair sa Spórt – 27 oibrithe deonacha spóirt curtha faoi oiliúint
- Seimineár sna Meáin Shóisialta do Chumainn – ar ar fhreastail 120 oibrithe deonacha spóirt
- Ceardlann faoi Dheontais Chaipitiúla Spóirt – tionóladh seisiún chun eolas a thabhairt do chumainn agus comhairle a thabhairt dóibh faoin bpróiseas iarratais

### 2. Cláir agus Imeachtaí Rannpháirtíochta a Eagrú

- 5k Phobal dlr – an ceathrú bliain den imeacht rannpháirtíochta seo a cuireadh ar siúl i bPáirc Chill Bheagóige agus ghlac breis is 800 duine idir óg agus aosta agus ar chumais éagsúla páirt ann
- Laethanta Gníomhaíochta do Dhaoine Scothaosta – trí lá thrialacha ina raibh 320 duine rannpháirteach
- Siúlóid don chlár teilifíse Operation Transformation – leagadh ar an siúl thart ar Pháirc Mharlaí i mí Eanáir agus ghlac breis is 900 duine páirt san imeacht Náisiúnta
- Damhsa Gníomhach – clár do chailíní na hidirbhliana ina raibh an damhsa agus an t-oideachas fite ina chéile. 234 cailíní as 9 scoil sa bhliain 2012. Áiríodh lá trialach sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath UCD sa chlár.
- Rothaíocht Spraoi do Theaghlaigh – d'fhreastail 155 duine ar ócáid rothaíochta spraoi 6 chiliméadar ar an mbealach a réitíodh feadh Abhainn na Stéille le gairid
- An Clár Aclaíochta Gníomhaí – clár seachtainiúil do dhaoine scothaosta sa halla gleacaíochta; bíonn sé ar siúl i dtrí cinn de na hionaid atá ag Seirbhísí Fóillíochta dlr
- Dúshlán an Ionaid Oibre de chuid Chomhairle Spóirt na hÉireann – i mí na Bealtaine ghlac beagnach 70 ball foirne ón gComhairle Contae páirt i dtionscnamh chun gníomhaíocht a chur chun cinn
- Siúlóidí a chur chun cinn – cuireadh cláir siúlóide 5 seachtaine i bhfeidhm go céimneach ar fud an Chontae
- Cláir Thrialacha do Ghníomhaíocht Allamuigh – oibríodh i gcomhar leis an Tionscadal Turasóireachta Allamuigh chun seisiúin sa tseoltóireacht, i gcadhcáil agus i gcéaslóireacht chláir rotha ar na cosa a reáchtáil

### 3. Cláir agus Forbairt Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas

D'fhreastail breis is 1,000 duine ar roinnt gníomhaíochtaí a bhain le Daoine faoi Mhíchumas a Lánpháirtiú sa Spórt, cibé an páirt a ghlacadh iontu aon uair amháin nó páirt a ghlacadh i gclár seachtainiúil, i gcumann, i gcampa nó in oiliúint i dtraenáil nó in oiliúint d'oibrithe deonacha a bhí i gceist.

- Cláir Lánpháirtithe Spóirt – lenar áiríodh na cumainn ó Surf 2 Heal, Seoltóireacht Lánpháirteach, Boccia agus cumainn pheile Cathaoireacha Cumhachtaithe, Seachtainí SportsABILITY, Rugbaí Leaiste do dhaoine le Riachtanas Speisialta
- Acmhainn a Fhorbairt – 60 seirbhís inar ghlac daoine faoi mhíchumas agus daoine eile páirt mar rannpháirtithe nó páirtithe in oiliúint agus i gcláir
- Rochtain ar Spórt – Ghlac daoine ag a bhfuil raon leathan de mhíchumais an deis páirt a ghlacadh i spórt – ba í sin an chéad uair ag cuid acu a leithéid a dhéanamh
- Oiliúint i bhFeasacht a Mhéadú / i Lánpháirtiú Daoine faoi Mhíchumas – scoileanna, ionaid fóillíochta, cumainn, mic léinn 3ú Leibhéal, múinteoirí agus daoine aonair

### 4. Deontais Forbartha do Chumainn

Tugadh deontais do 11 chumann chun cuidiú leo le cláir rannpháirtíochta agus lena gcumainn a fhorbairt. Ba €8,000 leithroinnt iomlán na ndeontas.

### 5. Soláthar Eolais

Is í an Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt an pointe teagmhála agus an fhoinse óna bhfuil an t-eolas le fáil faoi chúrsaí spóirt sa Chontae – cumainn agus bunachar sonraí saoráidí, oiliúint,

deontais, forbairt cumainn, cláir agus imeachtaí. Áirítear iad seo a leanas leis na modhanna cumarsáide- an suíomh gréasáin atá ag an gComhpháirtíocht Áitiúil Spóirt, na meáin shóisialta, ríomh-nuachtlitreacha agus preaseisiúintí.

## Fóram Pobail agus Deonach an Chontae

Cuireann Fóram Pobail agus Deonach Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin roimhe a chinntiú go gcloistear tuairimí an phobail agus na hearnála deonaí agus go gcuirtear san áireamh iad i bhforbairt leanúnach an chontae. Tá breis is 400 eagraíocht de bhallraíocht aige a fheidhmíonn thar ceann raon leathan de ghrúpaí sainleasa amhail grúpaí pobail áitiúil, grúpaí comhshaoil agus oidhreachta, grúpaí seirbhísí sóisialta agus fiontair, grúpaí spóirt agus go leor eile nach iad.

Oibríonn an Fóram mar bhealach faisnéise idir an Chomhairle Contae agus comhlachtaí eile, má bhíonn i ndán is go mbainfidh an earnáil Pobail agus Dheonach tairbhe as an sruth faisnéise.

## Áirítear iad seo a leanas le gnóthachtálacha an Fhóraim in 2012:

Glacadh páirt ghníomhach i Lá Fiontair an Chontae, Féile na Bealtaine, Gradaim Phobail, an Fhéile *Fusion dlr* agus an tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta.

Leanadh ag tacú go gníomhach le Coiste Éagsúlachta an Gharda Síochána de chuid Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, chun comhpháirtíochtaí nuálacha, promóisin agus cumarsáid a spreagadh idir na grúpaí sóisialta agus eitneacha agus An Garda Síochána.

Tacaíodh leis an gComhairle Contae chun aird a tharraingt ar na 'Deontais Phobail do Thóstal Éireann 2013'.

## Thug an Fóram tacaíocht ghníomhach dóibh seo a leanas in 2012:

Rannpháirtíocht leanúnach ár nIonadaithe Pobail ar an mBord Forbartha Contae, ar an gComhchoiste Póilíneachta, ar 5 Choiste ar Bheartas Straitéiseach agus ar chomhlachtaí eile an rialachais áitiúil.

## Comhairle na nÓg

Is comhairlí don óige áitiúil atá i gceist le Comhairle na nÓg agus tugann siad deis do leanaí agus do dhaoine óga a bheith rannpháirteach i bhforbairt seirbhísí áitiúla agus beartas áitiúil. Fóram do leanaí agus do dhaoine óga is ea Comhairle na nÓg chun saincheisteanna áitiúla agus náisiúnta atá ábhartha dóibhsean a phlé. Is í Comhairle na nÓg an struchtúr oifigiúil a dtugtar aitheantas di maidir le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i bhforbairt beartas agus seirbhísí.

## Áirítear iad seo a leanas le gnóthachtálacha Chomhairle na nÓg Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin in 2012:

Leanúint de bhéim a leagan ar na saincheisteanna tosaíochta a d'aithin na daoine óga i gCruinniú Cinn Bliana Chomhairle na nÓg (Na Blianta Caillte agus Imeachtaí do Dhaoine Óga).

Tacaíodh le rannpháirtíocht daoine óga as cúlraí éagsúla chun páirt iomlán a ghlacadh i bhFéile *Fusion dlr* agus sa tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta.

Comhoibríodh go gníomhach le Roinn Eolaíochta an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath UCD chun Seachtain Eolaíochta an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath a chur chun cinn.

Oibríodh i gcomhar le hAmbasáid na Fraince chun an chuairt a thug daoine óga ar an soitheach taighde "TARA" a chomhordú.

Comhoibríodh leis an gComhairle Contae, leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath UCD, Ambasáid na Fraince agus Tionscadal BRAND Dhún Laoghaire, chun an Chéad Léiriú Éireannach den Scannán 'Planet Ocean' a thaispeáint chun na tionchair atá ag an athrú aeráide ar ár bhfarraigí a léiriú.

Eagraíodh ócáid chun fáilte a chur roimh na daoine óga ó Chomórtas an 62 Náisiún, a ghlac páirt sa Chraobhchomórtas Seoltóireachta Domhanda don Óige de chuid ISAF.

Cuireadh forbairt Chaifé don Óige i nDún Laoghaire chun cinn.

Gníomhach cibé Aois 2012



# An Rannóg Seirbhísí Dlí

*Soláthraíonn an Rannóg Seirbhísí Dlí seirbhís ghníomhach agus riachtanach inmheánach do rannóga uile na Comhairle agus do chleamhnaithe na Comhairle. Tá stór mór saineolais ag an Rannóg i ngach aon réimse de dhlí, cleachtas agus riarachán an rialtais áitiúil.*

Áirítear iad seo a leanas leis na seirbhísí iomadúla agus éagsúla atá ar fáil ón Rannóg Seirbhísí Dlí:

- Comhchomhairle le bainistíocht agus foireann na Comhairle
- Rannpháirtíocht agus ról gníomhach i bhforbairt mórthionscnamh de chuid na Comhairle, i gcur i ngníomh beartas agus i soláthar seirbhísí
- Forghníomhú cód agus bainistiú saincheisteanna dlíthíochta
- Imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh
- Fiosruithe Poiblí
- Saincheisteanna bainteach le Rialachas Corparáideach
- Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh
- Tíolacadh agus bainistiú maoine
- Gnáthchomhairlí

Bíonn foireann na Rannóige, i mbun a cuid oibre di, i dteagmháil go rialta thar ceann na Comhairle le ranna Rialtais, leis An tSeirbhís Chúirteanna, leis An Údarás Clárúcháin Maoine agus le haturnaetha, abhcóidí agus sainchomhairleoirí iomadúla eile.

Ag féachaint go cuí do na tosaíochtaí straitéiseacha atá leagtha amach i bPlean Corparáideach na Comhairle, tugann an fhoireann faoi ghairmoiliúint agus faoin oiliúint san fhorbairt ghairmiúil, bíonn cruinnithe ar siúl go rialta le rannóga is cliaint agus déantar athbhreithniú go rialta ar ár nósanna imeachta agus ar ár gcórais, agus is cuid iad na nithe sin go léir den mheastóireacht agus den fheabhsú leanúnach ar an tseirbhís a thugtar dár gcliaint.

Úsáidtear an Córas Bainistíochta Cáis atá cothrom le dáta i dteannta an Deachtaithe Dhigitigh le linn próiseáil agus bainistiú na gcomhad rud a chinntíonn go soláthraíonn an Rannóg seirbhís éifeachtach agus fhorásach dá rannóga uile is cliaint. Uirlis éifeachtach atá sa Chóras Bainistíochta Cáis mar go gcuidíonn sé leis an soláthar seirbhíse i ndáil le ról na rannóige cóid a fhorghníomhú, rátaí tráchtála a aisghabháil agus i ndáil leis na gnáthábhair dhlíthíochta i gcoitinne.

Thit líon na n-idirbheart tíolactha mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta, ach tháinig ardú suntasach ar líon na n-éileamh dlíthíochta agus cointinneach agus is mar sin atá go fóill. Déanann na Seirbhísí Dlí athbhreithniú agus faireachán go leanúnach ar na córais chun cinntiú go mbíonn an bainistiú a dhéantar ar chásanna agus ar éilimh éifeachtach.



Tionscadal Caomhnaithe an Iora Rua ar Chnoc Chill Iníon Léinín

# An Rannóg Pleanála

*Is í an Rannóg Pleanála atá freagrach as forálacha an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), na Rialacháin um Pleanáil & Forbairt, 2001 (arna leasú) agus an reachtaíocht um Rialú Foirgníochta a chur i ngníomh.*

Áirítear leis an obair sin athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Contae atá i bhfeidhm faoi láthair agus Plean nua Forbartha a dhéanamh gach sé bliana, Pleananna Limistéir Áitiúil a dhéanamh agus a chur i ngníomh, iarratais ar chead pleanála a mheas, forbairt leanúnach a rialú, reachtaíocht phleanála a chur i ngníomh, agus comhairle a thabhairt maidir le saincheisteanna pleanála maille leis an reachtaíocht um Rialú Foirgníochta a chur i ngníomh.

## Táscairí Seirbhíse um Rialú Forbairtí

Ba 939 an líon iarratas pleanála a fuarthas in 2012 agus b'ionann sin agus laghdú 7.9% ar fhigiúr na bliana 2011.

Ba 704 an líon iarratas pleanála bailí a ndearnadh cinneadh maidir leo.

Ba 86 an líon iomlán cinntí a d'eisigh An Bord Pleanála in 2012 i ndáil le hachomhairc. D'athraigh/sheas An Bord Pleanála le cinneadh an Údaráis Phleanála i gcás 65 cinneadh (75.6%) den líon sin agus mhalartaigh an Bord cinneadh an Údaráis Phleanála i gcás 21 chinneadh (24.4%) den líon sin.

Sa bhliain 2012 bhí 8 dtogra de chuid na Comhairle Contae maidir le tabhairt faoi fhorbairt faoi réir ag próiseas comhairliúcháin phoiblí dá bhforáiltear faoi Chuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil & Forbairt, 2001.

## Forfheidhmiú

Osclaíodh 209 gcomhad nua san iomlán in 2012.

Réitíodh 159 gcomhad san iomlán i gcaitheamh na bliana trí idirbheartaíocht.

Eisíodh 215 litir rabhaidh.

Eisíodh 22 Fhógra Forfheidhmithe.

Tionscnaíodh 14 ionchúiseamh.

## Alt 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000

Sa bhliain 2012 fuarthas 140 iarratas ar Dhearbhú nó ar Tharchur, faoi Alt 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). Cuireadh cúig iarratas ar aghaidh chuig an mBord Pleanála le haghaidh athbhreithnithe.

## An Plean Forbartha Contae

Ráiteas scríofa agus sraith de 14 léarscáil atá sa Phlean Forbartha. Leagtar amach gnáthbheartas na Comhairle d'fhorbairt an chontae sa ráiteas scríofa. Áirítear leis caighdeáin mhionsonraithe maidir le forbairt a rialú agus cuspóirí sonracha do limistéir éagsúla.

Léirítear ar na léarscáileanna na forálacha criosúcháin atá sa Phlean i ndáil le húsáid talún, cláir na mbóithre agus cuspóirí eile amhail caomhnú crann agus caomhnú déanmhas is díol suntais ó thaobh na seandálaíochta de. Féachtar sa Phlean le soláthar do leas chónaitheoirí an Chontae sa todhchaí trí chuidiú le fás na fostaíochta trína chinntiú go mbeidh dóthain talún criosaithe ar fáil faoi chomhair riachtanas réamh-mheasta, trí mhianach an chomhshaoil a chosaint agus trína chinntiú go soláthrófar an bonneagar is gá.

Téama seasta sa Phlean is ea an fhorbairt inmharthana a chur chun cinn. Aithnítear sa Phlean freisin an gá atá le comhoibriú leis an Údarás Réigiúnach, leis an Údarás Náisiúnta Iompair

Craobh an Domhain sa tSeoltóireacht don Óige 2012



agus le gníomhaireachtaí eile ar mhaithe le freastal ar riachtanais Réigiún Bhaile Átha Cliath.

## Athruithe

There were 6 variations Sa bhliain 2012, moladh 6 athrú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Contae 2010-2016 mar a leanas:-

- thrú Uimh. 6.1 L.C.A. Chuas an Ghainimh
- Athrú Uimh. 7 – L.C.A. Bhaile na Manach
- Athrú Uimh. 8 – Carrchlós an DART agus forbairt ar spás oscailte sa tSeanchill
- Athrú Uimh. 9 - Bóthar Thigh an Chnoic Cuspóir Áitiúil Sonrach Uimh. 97 - Ní dhearnadh an tAthrú seo
- Athrú Uimh. 10 - Ardán Haigh go dtí L.C.A. Bhóthar na Páirce
- Athrú Uimh. 11 – L.C.A. Bhóthar Vico.

Rinneadh 5 athrú ach ní dhearnadh Athrú Uimh. 9.

## Pleananna Limistéir Áitiúil

Tá cuspóirí sa Phlean Forbartha Contae 2010-2016 i dtaobh líon áirithe de Phleananna Limistéir Áitiúil, Pleananna do Chriosanna Forbartha Straitéisí agus Creatphleananna Uirbeacha a ullmhú.

Sa bhliain 2012, glacadh Creatphlean Uirbeach Áth an Ghainimh agus PLÁ Bhaile na nGabhar araon, agus tugadh fad saoil go dtí 2017 do PLÁ Stigh Lorgan.

Leanadh den obair a bhain leis na Pleananna Áitiúla seo a leanas in 2012:

- Crios Forbartha Straitéisí Choill na Silíní
- Plean Limistéir Áitiúil Dhún Laoghaire agus na bPurlán
- Plean Limistéir Áitiúil na Carraige Duibhe
- Plean Limistéir Áitiúil Chill Tiarnáin/Ghleann na Muc (Leasaithe)

Ceaptar go mb'fhéidir go ndéanfar dul chun cinn éigin, sna blianta atá fágtha den Phlean Forbartha Contae 2010-2016, i dtaca le Pleananna Áitiúla eile do limistéar An Naigín a bhrostú agus nóid forbartha a bheith aitheanta sa chuid theas den Chontae.

## Limistéir Chaomhantais Ailtireachta

Glacadh trí Limistéar Chaomhantais Ailtireachta i gcaitheamh 2012, mar seo a leanas:-

- Pointe Chuas an Ghainimh, Cuas an Ghainimh
- Baile na Manach
- Ardán Haigh go Bóthar na Páirce, Dún Laoghaire

Leanadh ar aghaidh leis an measúnú ar na trí Limistéar Chaomhantais Ailtireachta seo a leanas:-

- An Bóthar Trasna, An Charraig Dhubh
- Plás Montpelier, Cnoc an Teampaill, An Charraig Dhubh
- Bailtíní an Bhaile Nua, An Charraig Dhubh

Láthair CFS Choill na Silíní



## Scéim Ranníocaí Forbartha (Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000)

Ghlac an Chomhairle an Scéim Ranníocaí Forbartha 2010 – 2017 faoi Alt 48 an 14 Nollaig 2009. Ba €170.5 milliún iomlán na bhfáltas faoi na Scéimeanna Ranníocaí Forbartha 2004-2009 agus 2010-2017 faoi Alt 48 agus fuarthas €11.3 milliún sa bhliain 2012.

## Scéim Ranníocaí Forbartha Forlíontacha (Alt 49 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000)

Ghlac an Chomhairle Scéim Ranníocaí Forbartha Forlíontacha faoi Alt 49 an 13 Eanáir 2003. Ceanglaítear leis go n-íocfaí ranníoc airgeadais i leith an chostais a bhaineann le síneadh a chur le Líne B den Luas ó Iosta Áth an Ghainimh go Coill na Silíní ar a nglaoitear Líne B1 den Luas.

Ba €23.4 milliún iomlán na bhfáltas a fuarthas ó 2003 go 2012 maidir leis an Scéim Ranníocaí Forbartha Forlíontacha. Fuarthas thart ar €346,000 san iomlán in 2012.

## Scéim Ranníocaí Forbartha Forlíontacha (Alt 49 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000-2006)

Ghlac an Chomhairle an Scéim Ranníocaí Forbartha Forlíontacha faoi Alt 49 an 10 Samhain 2008 ar mhaithe leis an bhforbairt ar Scéim Bhóthar Dáileacháin Cheantar Ghleann na Muc agus ar an Scéim Linnte, Tanúchán Uisce Dromchla, a mhaoiniú.

## An Rannán Rialaithe Foirgníochta

Is é Rannán Rialaithe Foirgníochta na Rannóige Pleanála atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, 1990 agus 2007 mar aon leis na Rialacháin arna ndéanamh faoi na hAchtanna sin.

Déanann an Rannán Rialaithe Foirgníochta faireachán ar thart ar 15% de na hoibreacha nua foirgníochta go léir a gcuirtear tús leo sa Chontae gach bliain maidir le comhlíonadh na Rialachán Foirgníochta, ach is ar na húinéirí agus na tógálaithe go príomha, áfach, a thiteann an fhreagracht maidir lena gcomhlíonadh.

Comhordaíonn an Rannán Rialaithe Foirgníochta an próiseas reachtúil a bhaineann le bóithre i bhforbairtí nua a ghlacadh faoina chúram. Áirítear leis an bpróiseas faireachán a dhéanamh ar chríochnú bóithre, seirbhísí, soilsiú poiblí agus spásanna oscailte i bhforbairtí nua fad is a bhíonn na hoibreacha forbartha ag dul ar aghaidh. Nuair a bhíonn an fhorbairt críochnaithe déantar cigireacht eile chun cinntiú go gcomhlíonann na hoibreacha suímh caighdeáin na Comhairle i ndáil leis an nglacadh faoi chúram mar atá leagtha amach in "Oibreacha Forbartha i Limistéir Chónaithe agus Thionsclaíocha" (Treoirdhoiciméad).

Ghlac an Chomhairle 2 eastát san iomlán faoina cúram in 2012.

CFS Choill na Silíní – Na Príomhúsáidí Talún



## Na Rialacháin Foirgníochta

Tháinig líon áirithe de cheanglais reachtúla sa bhreis i bhfeidhm leis na Rialacháin um Rialú Foirgníochta, (Leasú), 2009 faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta.

Bhí éifeacht leis na Rialacháin i nDeireadh Fómhair 2009 agus forordaítear iontu na nósanna imeachta maidir leis na bearta deimhniúcháin nua i leith:

- Fógra Seacht Lá
- Deimhniú um thabhairt chun rialtachta
- Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán, leasaithe.

Bhí éifeacht leis na Deimhnithe Rochtana Míchumais agus Deimhnithe Athbhreithnithe Rochtana Míchumais i mí Eanáir 2010.

## Deimhnithe Rátála Fuinnimh Foirgnimh

Tá an Chomhairle freagrach as an bhfaireachán ar na Rátálacha Fuinnimh Foirgneamh faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2006 (IR Uimh. 666 de 2006). Déanann Rialú Foirgníochta faireachán ar fhoirgnimh nua chun cinntiú go mbíonn RFF faighte ag an bhfoirgneamh sula n-áitítear é. Is nós leis an gComhairle cuairt a thabhairt ar ghníomhairí eastáit/ceantálaithe sa Chontae, a ghníomhaíonn ar son díoltóirí. Ní mór d'fhoirgneamh nua cónaithe nó tráchtála, nó d'fhoirgneamh atá ann cheana atá le ligean nó le díol RFF a bheith aige sula n-áitítear é. Tá an Chomhairle sásta lena mhéid is a chomhlíontar an reachtaíocht maidir leis an Deimhniú Rátála Fuinnimh Foirgnimh i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Níor thionscain an Chomhairle imeachtaí forghníomhaithe, go dtí seo, as mainneachtain deimhnithe RFF a chur isteach ach tá sí gníomhach i mbun faireacháin ar an gcás agus i gcás go mbeidh an Chomhairle sásta nach bhfuiltear ag comhlíonadh na Rialachán, tionscnóidh sí imeachtaí forghníomhaithe.

## Suirbhé Náisiúnta ar Fhorbairtí Tithíochta atá ar siúl

IFoilsíodh "Réiteach a fháil ar Fhorbairtí Tithíochta nach bhfuil Críochnaithe" i mí Iúil 2012. Is tuarascáil ar dhul chun cinn í ar ghníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar cheist na bhforbairtí tithíochta nár críochnaíodh.

D'ullmhaigh An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an Ghníomhaireacht do Thithe an tuarascáil tar éis suirbhé a rinneadh i samhradh na bliana 2012.

Tugtar breac-chuntas sa Tuarascáil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáirire agus ar an dul chun cinn is gá a dhéanamh agus atá dírithe go háirithe ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais na gcónaitheoirí atá ina gcónaí sna forbairtí sin.

Tá an Chomhairle sásta ó tharla go ndearnadh cigireacht ar na mórláithreáin sa Chontae nach ann do shaincheisteanna suntasacha maidir le hoibreacha fóntais áitiúil (.i. bóithre, soilsiú, uisce agus draenáil, etc.) ar na láithreáin seo.

Tá an Rannán Rialaithe Foirgníochta fós gníomhach i mbun faireacháin ar na heastáit atá inár ndlínse agus bíonn comhráite againn go leanúnach leis na forbróirí faoi seach, nó lena ngníomhairí chun cinntiú go ndéantar cothabháil shásúil ar na heastáit seo.

## Meastóireacht Leanúnach agus Feabhsú Seirbhísí

- Tá tús curtha le tuairimí a fháil le ríomhphost agus le híocaíocht le cárta creidmheasa/léasair.
- Táthar tar éis córas nua T.F. a thabhairt isteach i gcomhair na Ranníocaí Forbartha rud a chuireann go mór le héifeachtúlacht, go háirithe i gcás fiacha a bhailiú.

Tá an Rannóg Pleanála fós ag spreagadh an phobail páirt níos mó a ghlacadh inár bpróisis, go háirithe sna próisis reachtúla, trí sheisiúin faisnéise a fhógraítear go forleathan a bheith ann agus trí shuíomh gréasáin na Comhairle a úsáid ionas go mbeidh sé níos éasca aighneachtaí bainteach leis an bPlean Forbartha a dhéanamh ar líne. Neartaíonn bearta den sórt an daonlathas áitiúil agus rannpháirtíocht an phobail i mórphróisis chinnteoireachta agus lena chois sin cuireann siad leis an gcumarsáid leis an bpobal agus treisíonn siad a rannpháirtíocht.

# An Rannóg Iompair

*Áirítear na gníomhaíochtaí seo a leanas le príomhghníomhaíochtaí na Rannóige Iompair:*

- bóithre agus mótarbhealaí a dhearadh, a thógáil agus a chothabháil
- acomhail a fheabhsú agus trácht a bhainistiú
- bearta tosaíochta do bhusanna a sholáthar
- áiseanna do choisithe agus áiseanna rothaíochta a chothabháil agus a fheabhsú;
- soilsiú poiblí a sholáthar agus a chothabháil
- áiseanna a fheabhsú do dhaoine maolghluaiste agus d'úsáideoirí faoi mhíchumas a bhíonn ar bóthar
- páirceáil agus rialú páirceála a bhainistiú
- bóithre a phleanáil
- iompar inmharthana a chur chun cinn
- bearta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a thabhairt isteach maille le scéim um Iniúchadh agus um Chosc Timpistí
- an tseirbhís maor scoile a fheidhmiú

## An Rannán Cothabhála Bóithre

### Clár Athchóirithe na mBóithre

Atógadh/Cuireadh athdhromchla ar 22 bhóthar in 2012 trí chabhair deontais **€2,293,641** ón Roinn Iompair – Deontas Feabhsúcháin Athchóirithe Bóithre.

Tháinig scair den chistiú ba ghá i ndáil leis na hoibreacha ar na bóithre atá ar an liosta thíos as an deontas breise **€878,000** a fuarthas ón Roinn Iompair - Deontas Cothabhála Athchóirithe Bóithre.

#### Áirítear iad seo a leanas leis na scéimeanna a bhí idir lámha in 2012 le cabhair na ndeontas sin:

- Páirc Assumpta
- Bóthar Chnoc na Feá
- Buaile an Araltaigh
- Bóthar Brighton (Cuid de)
- Ardán Ghort an tSrutháin
- Bóthar an Teampaill, An Baile Breac
- Cluain Liath
- An tSráid Mhór, Dún Droma
- Bóthar Ghleann na gCaorach Íochtarach
- Páirc na Gráinsí (Cuid de)
- Ardán ó Dróna (arna chistiú i bpáirt ag an ÚNI)
- Garrán Eileastair
- Bóthar Nerano
- An Ascaill Thuaidh (Cuid de)
- Ascaill Sheanchonach (Cuid de)
- Sráid an Phiarsaigh (Cuid de)
- An Timpeallán ar Bhóthar an Ghoirt Ghlais
- Ascaill Theach Naithí/Páirc Chnoc na Buaile
- Bóthar Theach Naithí
- An tArd (Cuid de)
- An tArd (oibreacha breise)
- Bóthar Thigh an Chnoic

### Clár Athchóirithe na gCosán

Rinneadh Oibreacha ar Conradh ar 10 láthair sa bhliain 2012 le €380,000 de chistiú a tháinig as foinsí na Comhairle féin.

#### Is iad seo a leanas na láithreacha ina ndearnadh athchóiriú ar na Cosáin in 2012:

- Garrán an Chrainn Chnó Capaill
- Garrán Radharc an Chnoic
- Arda Bhaile na Lobhar
- Ascaill Mharlaí
- Radharc an tSléibhe
- Cnoc Mhuirfean
- Sráid an Phiarsaigh, An Naigín
- Páirc Chnoc an Fhuaráin, Carraig an tSionnaigh
- Bóthar Chnoc na Sceiche
- Plásóga Wesley

Rinneadh deisiúcháin agus athchóiriú ar chosáin freisin trí Obair Dhíreach.

### Mórscéimeanna eile faoi bhainistiú an Rannáin Cothabhála Bóithre.

- Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Braemor : - ag céim an dearaidh
- Droichead Classon:- Réamhchigireacht ar an Suíomh

## An Rannóg Rialaithe Bóithre

Baineann BSL, Bord Gáis agus Cuideachtaí Cumarsáide (Eircom & UPC) úsáid anois as an gcóras iarratais ar líne Roadmap. Leanadh ag cur leis an gcóras seo sa bhliain 2012 d'fhonn é a chumasú chun na hiarratais go léir ar Cheadúnais chun bóithre poiblí agus cosáin a thochailt a ghlacadh. Táthar á mheas seo in éineacht leis an bhforbairt ar an gcóras nuashonraithe "Rialú Oibreacha Bóithre Ar Líne" ar a dtugtar "Licence It".

Thug **Bord Gáis** tionscadal sé bliana a bhain le hathnuachan an phríomhlíonra chun críche sa Chontae sa bhliain 2010 – "Tionscadal Luathaithe um Athnuachan Príomhlíonra". Sa bhliain 2011, críochnaíodh an chigireacht agus an tseiceáil ar na fabhtanna a bhain leis na hoibreacha athdhúnta a rinneadh ar na "Bloic" seo.

Lean **UPC-NTL** orthu i mbun uasghrádaithe ar a seirbhísí féin i limistéar an Chontae in 2012 agus chríochnaigh siad líon áirithe "Fáinní". 25 ceann san iomlán de na "Fáinní" atá críochnaithe anois.

Chuir **Eircom Ltd.** tús le clár chun a líonra a uasghrádú, lena n-áirítear líon áirithe Caibinéad a shuiteáil ar fud an Chontae, ag féachaint le hacmhainneacht a mBanda Leathain a fheabhsú.

**Seirbhísí Dramhaíola & Uisce:**- Caitheadh an tsuim **€330,000** ar oscailtí a dhúnadh go buan; oscailtí ba ea iad seo a rinneadh chun deisiúcháin a dhéanamh ar líonra an tsoláthair uisce.

Sa bhliain 2012, leanadh ar aghaidh i líon áirithe limistéar sa Chontae leis an uasghrádú ar "Thionscadal Athshlánaithe Phríomhlíonra Uisce Réigiún Bhaile Átha Cliath", tionscadal ar cuireadh tús leis in 2010 chun an príomhlíonra uisce a uasghrádú go céimneach.

### Soilsiú Poiblí

Sa bhliain 2012 leanadh den chlár atá fós ar siúl agus a bhaineann le lóchrainn agus colúin a athsholáthar. Tá 23,000 éigin lóchrann sa Chontae.

## An Rannán Rialaithe Páirceála

Tá an Scéim Rialaithe Páirceála 'Íoc & Taispeáin' i bhfeidhm ag an gComhairle ar líon áirithe bóithre/carrchlós poiblí ina limistéar riaracháin. Cuirtear an Scéim i bhfeidhm faoi na Fodhlíthe um Rialú Loctha, 2007 go 2011 de chuid na Comhairle.

Tugadh isteach an Scéim Rialaithe Páirceála 'Íoc & Taispeáin' sna háiteanna seo a leanas in 2012:

- San Maighréad, den Bhóthar Trasna, An Charraig Dhubh

Rith Comhaltaí Tofa na Comhairle rún chun rialuithe páirceála a chur i bhfeidhm i líon sonraithe de láithreacha ar fud an Chontae in 2013:

- Bóithre ag dul amach de Thimpeallán Choill na Silíní
- Carrchlós Stáisiún DART Chill Iníon Léinín
- Bóthar Stigh Lorgan [Óstán Montrose]
- An Cnoc, Stigh Lorgan

Ligeadh an conradh do Chur i nGníomh na Rialachán Páirceála agus an conradh do Chothabháil Méadar amach ar tairiscint.

Eisíodh 33,054 fhíneáil sa bhliain 2012 de bharr coireanna a bhain le páirceáil agus trácht ar bhóithre. Íocadh 23,096 fhíneál páirceála bailí in 2012.

Ciontaíodh 1,166 duine sa Chúirt Dúiche i gcaitheamh 2012 de bharr nár íocadh fíneálacha páirceála.

### Oifig na dTionscadal Bóithre

Is iad seo a leanas na scéimeanna móra caipitil atá á ndearadh/á dtógáil nó a chríochnaigh an Chomhairle le deireanas agus a chistigh An Roinn Iompair.

Scéimeanna a bhfuiltear i mbun obair thógála orthu / atá críochnaithe:

- Bealach Bhaile Uí Mhurchú
- Oibreacha acomhail ar Bhóthar Ghleann na gCaorach Uachtarach agus Ascaill na Cille/Bhaile an Chnoic Íochtarach
- Comharthaíocht ar thimpeallán Acomhal 14 ar an M50
- Comharthaí do choisithe ar Thimpeallán Bhóthar Bhaile na Lobhar/Bhóthar na Grúdlainne
- Bealach Coisithe agus Rotharbhealach idir Bóthar Bhaile na Lobhar agus Bóthar na Grúdlainne (feadh sheanlíne Shráid Fhearchair)

Scéimeanna ag Céim an Dearaidh:

- Méadú Bhóthar Halla an Bhurtúnaigh

- Bóthar na Potaireachta
- Bóthar Ceangail Bhaile na Lobhar
- Athchumrú Thimpeallán Bhóthar Bhaile na Lobhar
- Droichead Coisithe agus Rothar ar an M50
- Carrchlós an DART, Seanchill
- Rotharbhealaí Bhóthar Braemor
- Rotharbhealach agus Cosán idir Gleann Bhríde agus Seanchill
- Lánaí Dhún Laoghaire

## An Rannán Pleanála Iompair

- Tuairisc tugtha ar 639 n-iarratas pleanála
- Tuairisc tugtha ar 4 iarratas faoi Chuid 8
- Tuairisc tugtha ar 2 achomharc chuig an mBord Pleanála
- Os cionn 80 comhairliúcháin réamhphleanála le hailtirí, innealtóirí agus pleanálaithe ar mhaithe le dul chun cinn na n-iarratas pleanála a éascú
- Ionchur ón rannán Iompair i Scéim Pleanála Chrios Forbartha Straitéisí Choill na Silíní, i bPlean Limistéir Áitiúil Chill Tiarnáin/Ghleann na Muc Leasaithe agus i bPlean Limistéir Áitiúil na Carraige Duibhe

## An Rannán Taistil Inmharthana

Tionscnaimh don taisteal inmharthana sa Chontae curtha chun cinn i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RTTS), leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le gníomhaireachtaí eile agus an méid seo a leanas déanta:

- Líonra don Phlean Bainistíochta don Réthaisteal ar fud Limistéar Áth an Ghainimh seolta, a rinnne an Chomhairle agus gnóthais i Limistéar Gnó Áth an Ghainimh i gcomhar lena chéile, agus 4 chruinniú líonra tionólta
- Imeachtaí poiblí rite i gcaitheamh Sheachtain na Rothar agus Sheachtain Réthaistil na hEorpa lena n-áirítear Rothaíocht don Teaghlach feadh Abhainn na Stéille (Dún Droma go Marlaigh) agus Siúlóid don Phobal i Seanchill. Ghlac an Chomhairle páirt freisin i nDúshlán an Pheidiméadair de chuid an ÚNI agus sa Dúshlán Rothaíochta
- Foilsíodh dhá bhileog rothaíochta le haghaidh dhá bhealach sa Chontae; Bealach Rothaíochta Fhéarbhealach Abhainn na Stéille agus Bealach Rothaíochta Áth an Ghainimh
- Taisteal inmharthana curtha chun cinn i scoileanna ar fud an Chontae trí chomórtas ealaíne agus trí fheachtais phóstaer a eagrú
- Oibríodh go dlúth leis an gColáiste Ollscoile Baile Átha Cliath UCD, i gcomhar leis an ÚNI chun cláir taistil níos cliste a bhunú ar fud an champais
- Eagraíodh oiliúint i ndearadh rothar d'innealtóirí i réigiún Bhaile Átha Cliath i gcomhar leis an RTTS
- Leanadh den chlár feistithe seastán rothar i láithreacha poiblí agus in áiteanna a stopann córais iompair phoiblí agus ullmhaíodh léarscáil de na láithreacha páirceála do rothair sa Chontae
- Tháinig Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin sa dara háit sna Gradaim don Taisteal Glas faoin gcatagóir "Iompar" agus cuireadh tionscadal dar teideal *'Pleanáil do Bhainistiú an Réthaistil i gCeantar Gnó Áth an Ghainimh'* ar an ngearrliosta le haghaidh na nGradam um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil faoin gcatagóir 'Taisteal Níos Cliste'

# An Rannóg Tráchta

Rinneadh dul chun cinn ar na scéimeanna seo a leanas in 2012 faoi chreat infheistíochta an Údaráis Náisiúnta Iompair sa réimse beartas i dtaca le hIompar inmharthana:

## Bóthar Chill Iníon Léinín/Bóthar Bhaile an tSléibhe

Rinneadh ath-ailíniú ar an acomhal mar chuid de na bearta sábháilteachta chun an tosaíocht ag an acomhal a shainiú níos fearr agus chun deireadh a chur le coimhlintí a bhain le hiompú.

## Timpeallán Thúir Chill Iníon Léinín (Baile na Manach go Ceangal Dheilginse)

Rinneadh athruithe ar an Timpeallán ar mhaithe le cúrsaí sábháilteachta do rothaithe agus do choisithe.

## Féarbhealach Abhainn na Stéille

Osclaíodh bealach rothaíochta d'ardchaighdeán idir Dún Droma agus Páirc Mharlaí agus is bealach é idir limistéir chónaithe, áineasa, fostaíochta agus ionaid siopadóireachta miondíola.

## Áiritheoirí Rothar

Tionscadal é seo chun níos mó eolais a fháil i dtaobh líonta na gcoisithe agus na rothaithe chomh maith le faisnéis a fháil faoi amanna úsáide etc. Cabhróidh na sonraí seo chun an phleanáil faoi chomhair na gcoisithe agus na rothaithe a fheabhsú.

## Lána Rothaíochta Bhóthar Ghleann na gCaorach Uachtarach

Osclaíodh lána rothaíochta ar Bhóthar Ghleann na gCaorach mar chuid den líonra rothaíochta a shíneann ar fud Chontae DLR.

## Feabhsúchán ar Bhealach Siúlóide agus Rothaíochta feadh an N11

Rinneadh feabhsúcháin ar na háiseanna rothaíochta feadh an N11 (An tArd/Ascaill Foster, os comhair Bhóthar Ghort na Mara, Crois an Fhaoitigh agus stad an bhus os comhair Fhaiche na Rás).

## An LUAS go dtí an DART via An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Dearadh Scéim Rothaíochta an LUAS go dtí an Dart via An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

## Cosc ar Charranna ag UCD

Dearadh an spáis don Chosc ar Charranna ag UCD.

## Acomhail Áth an Ghainimh

Tugadh faoi oibreacha chun an bealach do choisithe isteach ó stad an LUAS go dtí Páirc Gnó Áth an Ghainimh a fheabhsú.

## Acomhail Chnoc an Teampaill

Rogha de dhearaí soláthartha chun leagan amach na n-acomhal a fheabhsú.

## Trasnú an N11 ag an Silver Tassie

Trasrian soilsithe do choisithe soláthartha agus dromchlú frithsciorrtha leagtha.

**Leithdháileadh €178,000 faoin gClár de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta chun Sábháilteacht a Fheabhsú ar Chostas Íseal chun oibreacha a dhéanamh ar Bhóithre Náisiúnta ag na láithreacha seo a leanas:**

## Ar an N11 ag an Ard, Cnoc Mhuirfean

Dromchlú Frithsciorrtha leagtha ar an N11 ag an Ard, Cnoc Mhuirfean

## Ar an N11 ag Crois an Fhaoitigh

Dromchlú Frithsciorrtha leagtha ar an N11 ag Crois an Fhaoitigh

## Ar an N11 ag Timpeallán Bhaile Uí Lachnáin

Marcanna bóthair bíseacha marcáilte ag an slí amach ó Sheanchill, barra buí marcáilte an athuair ar an mbóthar isteach ón taobh ó dheas agus treochomharthaí agus comharthaí idirdhealaithe lánaí ar na bóithre isteach go dtí an timpeallán.

## Ar an N11 ag Bóthar Choill na Silíní

Trasrian soilsithe do choisithe soláthartha maille le dromchlú frithsciorrtha ar an N11 ag Bóthar Choill na Silíní.

## Ar an N31 ag Ionad Siopadóireachta Frascati, An Charraig Dhubh

Dromchlú frithsciorrtha leagtha agus an trasrian coisithe leathnaithe.

Cuaillí starrmhaide le haghaidh comharthaí tráchta curtha in airde agus na cuaillí a bhí ann bogtha go láthair eile.

**Leithdháileadh €134,000 faoin gClár de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta chun Sábháilteacht a Fheabhsú ar Chostas Íseal chun oibreacha a dhéanamh ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla ag na láithreacha seo a leanas:**

Bóthar Bhaile an tSaoir (LT-9169) idir an timpeallán ar Bhóthar Bhartúin Thoir agus an timpeallán ar Bhealach Wyckham. Dromchlú frithsciorrtha agus cosán leagtha le haghaidh stad an bhus

Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath, Seanchill (R119) Comharthaí agus línte marcáilte ag acomhail agus pointí tosaíochta sainithe ag acomhail. Deireadh curtha le cosc ar charranna.

Bóthar Sheangánaí, An Baile Breac (LP-1066-1) Comharthaí agus línte marcáilte chun rabhadh a thabhairt d'úsáideoirí bóthair i dtaobh na láithreacha ag a bhfuil na hacomhail.

Cnoc na Carraige, An Charraig Dhubh Rampa rialaithe luais curtha síos ag an acomhal le Bóthar na Carraige. Tearmann tráchta agus lána chun iompú isteach go dtí an t-ionad siopadóireachta curtha isteach ionas nach féidir U-chasadh a dhéanamh. Trasrian neamhrialaithe do choisithe curtha síos taobh amuigh den ionad siopadóireachta.

Bóthar Ceangail Wyattville, Coill na Silíní (R118) Comharthaí agus línte marcáilte ag acomhail agus pointí tosaíochta sainithe ag acomhail. Deireadh curtha le cosc ar charranna.

### Tuilleadh oibre eile a rinneadh:

- Dhéileáil an Rannán Tráchta le 308 n-iarraidh ar mharcanna agus ar chomharthaí nua bóthair mar chuid den phróiseas a bhí ar siúl ag an nGrúpa Comhairleach Tráchta i gcomhairle le rannán Tráchta an Gharda

Síochána a scrúdaíonn gach iarraidh ar chomharthaí agus línte reachtúla bóthair;

- Cuireadh tús le hAthbhreithniú ar Shábháilteacht na nAcomhal ar an N11 in 2012
- Cuireadh an córas ceadúnaithe i ndáil le troscán sráide agus cláir fógraíochta ar bhonn foirmiúil agus tugadh isteach é
- Críochnaíodh an obair ar an Athbhreithniú ar an Líonra Rothaíochta ar fud an Chontae inar aimsíodh na háiseanna rothaíochta atá ann, na constaicí a chuirfeadh as don rothaíocht, limistéir ina dtabharfaí tús áite d'fheabhsúcháin bunaithe ar éileamh agus ar an gcaighdeán seirbhíse agus scrúdaíodh roghanna i dtaobh comharthaí bealaí agus léarscáileanna
- Suiteáladh na treochomharthaí don R118 ón M50 go Dún Laoghaire in 2012
- Rinneadh oibreacha uasghrádaithe ar shé cinn de na hacomhail shoilsithe
- Osclaíodh dhá thrasrian shoilsithe nua do choisithe agus uasghrádaíodh ceann amháin de na trasrianta coisithe atá ann
- Tugadh acomhail eile sa Chontae isteach faoi SCATS, an riailchóras oiriúnaitheach tráchta
- Suiteáladh comharthaí an chórais Faisnéise Fíor-Ama do Phaisinéirí (RTPI) i gcomhar le Bus Átha Cliath agus cuireadh ag obair iad in 32 láthair eile ar fud an Chontae rud a fhágann go bhfuil siad in 46 láthair san iomlán anois
- Rinneadh dul chun cinn freisin ar an obair ar an tionscadal don Chontae, an Léarscáiliú Torainn, a rinneadh faoi threoir ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Is ceanglas é seo a bhíonn le cur i gcrích gach 5 bliana faoi Rialacháin an AE
- Is féidir teagmháil a dhéanamh go díreach leis an Rannóg Iompair ar Transportation@dlrcoco.ie Teil 2054375, Facs 2802494. Tá seoladh ríomhphoist ar leith ann freisin le haghaidh an tráchta (traffic@dlrcoco.ie) más gá teagmháil a dhéanamh go díreach leis an Rannán Tráchta agus tá uimhir theileafóin ar leith ann chun fabhtanna a thuairisciú – 2302041
- Coinníonn na feasacháin sheachtainiúla na páirtithe leasmhara éagsúla agus an pobal ar an eolas faoi chúrsaí tráchta.

## An Rannán um Shábháilteacht ar Bhóithre

Feidhmíonn an Rannán um Shábháilteacht ar Bhóithre seirbhís Maor Scoile a fhreastalaíonn ar na mílte leanbh a bhíonn ag freastal na scoile i gcaitheamh na dtéarmaí scoile agus is 75 maor a chuireann an tseirbhís ar fáil ar 69 láthair ar fud an Chontae. Is é an Rannán um Shábháilteacht ar Bhóithre a fhostaíonn na maoir, a chuireann faoi oiliúint iad agus a dhéanann iad a bhainistiú.

Cuireadh cúrsa oiliúna agus tástála rothaíochta ar fáil do na bunscoileanna go léir sa Chontae. Cuireadh tús leis an oiliúint in 27 scoil in 2012 agus bronnadh teastais i gcumas rothaíochta ar 1,666 dalta.

Rinne an Rannán um Shábháilteacht ar Bhóithre oibreacha innealtóireachta le hais 16 scoil sa Chontae.

Suiteáladh trasrianta agus áiseanna feabhsaithe do choisithe dá ngabhann mallachar amhairc agus gluaiseachta. Suiteáladh comharthaí foláirimh luais i limistéir inar saincheist aitheanta é an luas. Feabhsaíodh an bonneagar i limistéir arb eol timpistí a bheith ag tarlú iontu.

Bhí páirt ghníomhach ag an gComhairle i bPleananna Forfheidhmithe an Gharda Síochána chun an líon Taismí a ísliú; bhí na feachtais ar siúl san Aibreán/Bealtaine agus i nDeireadh Fómhair/Samhain. Díríodh aird ar choisithe agus ar rothaithe le linn na bhfeachtas sin.

D'fhreastail tuairim is 1,600 dalta ar an Seó Bóthair de chuid DLR/AXA, Bí Sábháilte ar Bóthar, a bhí ar siúl in Óstán Royal Marine ar an 26 & 27 Samhain 2012. Ba é cuspóir an seó bóthair spreagadh a thabhairt do thiománaithe óga agus do dhaoine a raibh sé i gceist acu tosú ag tiomáint a bheith níos freagraí ó thaobh a n-iompair féin de agus iad ag tiomaint. Cuireadh na hiarmhairtí faoi mar a d'fhéadfadh siad a bheith dá dteipfeadh orthu sin a dhéanamh goríshoiléir agus in íomhánna os a gcomhair sa chur i láthair a rinneadh le linn an tseó bóthair. B'fhacthas go ndeachaigh an seó i gcion go mór ar na daltaí agus mhol gach duine a d'fhreastail air go hard é.

Meastar gur éirigh go maith leis na feachtais seo mar gur thit líon na mbásanna ar na bóithre i mBaile Átha Cliath ó 32 in 2009 go líon measta de 12 sa bhliain 2012. Tá figiúirí Dhún Laoghaire san áireamh i bhfigiúirí Bhaile Átha Cliath. Bhásaigh beirt ar na bóithre i nDún Laoghaire in 2012.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha:

Áirítear iad seo le feabhsúcháin a rinneadh in 2012:

Cuireadh le Bainistiú an Chaidrimh le Custaiméirí agus tosaíodh ar fheistiú céimneach na meaisíní íocaíochtaí páirceála ina n-íoctar le cárta creidmheasa.

Ba í Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an phríomhghníomhaireacht a bhí i gceannas ar an bpróiseas tairisceana thar ceann Chomhairlí Átha Cliath Theas agus Fhine Gall maidir le cothabháil na méadar íocaíochtaí páirceála agus maidir le painéal de chonraitheoirí innealtóireachta sibhialta a bhunú.

# Seirbhísí Uisce agus Dramhaíola

*Soláthraíonn an Rannóg Seirbhísí Uisce agus Dramhaíola raon seirbhísí riachtanacha agus is í atá freagrach as soláthar, cothabháil agus bainistiú an tsoláthair uisce phoiblí agus na gcóras draenála ar fud an Chontae agus is í atá freagrach freisin as bainistiú agus cur i ngníomh na bhforálacha dramhaíola.*

## Seirbhísí Uisce

Tá soláthar uisce atá leordhóthanach, go maith agus ar féidir brath air ar cheann de na seirbhísí is tábhachtaí a sholáthraíonn údarás áitiúil. Gabhann os cionn 1,000 km de phríomhlíonra, mar aon le taiscumair, stáisiúin chaidéalúcháin agus oibreacha cóireála leis an gcóras soláthar uisce atá i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Cumhdaítear ceann de na líonraí is sine in Éirinn i limistéar feidhme na Comhairle: seanlíonra is ea go leor den líonra – leagadh 8% de roimh 1900 agus 40% roimh 1960. Fágann sin go mbíonn ardleibhéal cothabhála agus deisiúcháin le déanamh air a ardaíonn an costas oibre. San am céanna, is ar éigean a gheofaí uisce dá cháilíocht in aon áit sa tír agus seoltar torthaí na dtástálacha a dhéantar ar cháilíocht an uisce go rialta ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

Bailítear an t-uisce bréan i líonra píopaí agus cóireáiltear é sna hIonaid Chóireála Fuíolluisce i Seangánach agus sa Rinn. Bailítear an t-uisce dromchla agus scaoiltear isteach sna haibhneacha sa chomharsanacht nó san fharraige é.

## Tionscadail

Coinníodh an sceitheadh uisce measta ag an ráta 26% sa Chontae in 2012. Leanadh d'athshlánú na bpríomhlíonraí uisce faoi thionscadal Athshlánaithe Phríomhlíonra Uisce Réigiún Bhaile Átha Cliath ar a ndéanann an RCPRÁ páirtchistiú. Rinneadh dul chun cinn san obair athshlánaithe sna limistéir seo – An Charraig Dhubh, Cnoc Mhuirfean, an tÁth Leathan, Ardach, Gráinseach an Déin, Carraig Bhraonáin, An Naigín, Baile na Manach, Gleann na gCaorach agus Ascaill Foster – ó tosaíodh ar an tionscadal sa bhliain 2008. De réir an chláir beidh an obair críochnaithe sna limistéir go léir in 2013.

Cuireann an Rannán um Rialú ar Thruailliú Uisce an tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 (arna leasú 1990) i ngníomh, agus déanann sé faireachán ar an gcáilíocht uisce in aibhneacha an Chontae tríd an gcóras forleathan samplála agus anailísithe atá aige. Tá an Clár Beart maidir le Ceantar Abhantraí an Oirthir glactha ag an gComhairle. Ceapadh na bearta seo chun an cháilíocht uisce a chosaint agus a fheabhsú go dtí an stádas comhshaoil 'maith' arna shainmhíniú faoin gCreat-treoir Uisce. Go dtí seo táthar tar éis os cionn 360 ceadúnas chun eisilteach a scardadh i gCóras

Príomhscéim Draenála Sheangánaí - Bhré



séarach na Comhairle a eisiúint chuig gnóthais sa Chontae. Is ceadúnais maidir le Saillte, Olaí agus Bealadh (SOB) a scardadh iad 300 ceadúnas de na ceadúnais sin a eisíodh chuig Bunachais Seirbhíse Bia.

Tá bailchríoch curtha anois ar an staidéar ar fho-dhobharcheantar Áth an Ghainimh/Stigh Lorgan agus táthar ag dul chun cinn leis an obair dhearaidh agus thógála a bhaineann le go leor de na bearta tábhachtacha feabhsúcháin a moladh.

### Scéim Phríomhchóras Draenála Sheangánaí/Bhré

Críochnaíodh na hoibreacha uasghrádaithe ar Ionad Cóireála Uisce Sheangánaí in 2012 chomh maith leis an obair ar phíblíne nua chun na sreabha a thabhairt ó abhantrach Bhré go dtí an t-ionad uasghrádaithe. Lá Bealtaine 2012, tháinig Ionad Cóireála Fuíolluisce Sheangánaí isteach ar chuid an fheidhmithe den chonradh Dear, Tóg agus Feidhmigh le SDD Shanganagh (Water Treatment) Ltd. Tá cóireáil thánaisteach iomlán á soláthar ag an ionad anois i gcomhréir leis an gceadúnas scardaidh a d'eisigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. I mí Dheireadh Fómhair 2012, tar éis don phíblíne chun an tAistriú a thógáil ó Bhré go Seangánach a bheith críochnaithe, thosaigh sreabha ag teacht isteach chuig na hoibreacha ó cheirtleán Bhré arb é is údar dá cheadúnas scardaidh féin. I láthair na huaire tá Comhairle Contae Chill Mhantáin agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin araon i mbun iarratais a chur isteach chuig an GCC ar athbhreithniú ar a gceadúnais aonair féin. Ceadúnas scardaidh nua do cheirtleáin Bhré agus Sheangánaí araon an toradh a bheidh ar an bpróiseas seo.

### Scéim Feabhsúcháin Shruth Dhún Carúin/Maretimo

Faoi dheireadh 2012, bhí an obair thógála ar an scéim maolaithe tuilte seo chun cinntiú go mbeidh an cumas sa sruth uasghrádaithe déileáil le sreabha uisce de bharr titim báistí a tharlódh 1 bhliain as gach 100 bliain.

## Bainistiú Dramhaíola

### An tAonad Forfheidhmithe

Tháinig réimsí na ngníomhartha tosaíochta do 2012 de chuid an Aonaid Fhorfheidhmithe, a dhéanann faireachán ar na réimsí reachtacha Truaillí ó Dhramhaíl, Aerthruailliú agus Truailliú ó Thorann, faoi thionchar an bhreithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ECJ C0474/01 agus faoi thionchar Chreat-Treoracha Dramhaíola na hEorpa. Díríodh go príomha sna réimsí gníomhartha ar a fhiorú gur comhlíonadh na Rialacháin i ndáil le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite agus na Rialacháin i ndáil le Dramhbhia chomh maith le caighdeán an aeir a chosaint trí úsáid thuaslagóirí orgánacha/chomhdhúl orgánach soghalaithe a rialú.

Tugadh rialacháin nua leasaitheacha isteach i rith na bliana a rialaíonn úsáid an ghuail bhiotúmanaigh agus na dtuaslagóirí orgánacha/na gcomhdhúl orgánach soghalaithe agus

Plean Fóirithinte na Dothra – An tAire Brian Hayes, Frank Austin, CCDLR, An Cathaoirleach, An Clr. John Bailey (Meitheamh 2011 – Meitheamh 2012), Kathleen Holohan, CCDLR






dá bhrí sin ba ghá oiriúnú éigin a dhéanamh ar na réimsí príomhghníomhartha.

Déantar Cláir Phoiblí a chothabháil maidir le Ceadanna Saoráidí Dramhaíola, Ionaid Tirimghlantacháin, Ionaid Deisithe Feithiclí Tuairte, díoltóirí Cadhnraí agus Taisc-Chadhnraí mar aon le Táirgeoirí Pacáistithe a chomhlíonann na rialacháin ar an mbonn iad féin a rialú, Stáisiúin Peitril agus Díoltóirí Bonn. Tionscnaíonn an tAonad Forfheidhmithe gníomh forfheidhmiúcháin más gá lena n-áirítear Fógraí Reachtúla a sheirbheáil agus imeachtaí ionchúisimh a thionscnamh nuair a sháraítear na Rialacháin.

## Gnó Glas

Ba iad An Cathaoirleach, an Comhairleoir Tom Joyce, agus an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, An tUas. Phil Hogan, T.D., i bpáirt, a bhronn **Gradaim EnviroCom 2012**. Tá bronnadh na ngradam ar an bhfód anois le sé bliana agus tá cáil bainte amach ag na Gradaim a bhíonn á gcur i láthair ag Cumann Tráchtála Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i dteannta a chéile as an bhfeabhas i gcúrsaí comhshaoil agus nuálaíochta in eagraíochtaí atá ag feidhmiú sa Chontae a thabhairt le fios don saol mór. Ba í an tOifigeach Gnó Glas ionadaí na Comhairle ar phainéal moltóirí agus ar choiste eagraithe na nGradam. Bhí earnálacha chomh héagsúil leis na hearnálacha miondíola, aíochta, cógaisíochta, airgeadais agus comhairleachta i measc na mbuaiteoirí mar aon le hearnálacha nach bhfostaíonn ach an beagán go corparáidí a fhostaíonn na sluaite. Ba í an Chomhairle príomhurra na nGradam agus bhí siad seo a leanas i mbun urraíochta freisin- WEEE Ireland, Fáilte Ireland, Fuinneamh Inmharthana Éireann, An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Carranna Leictreacha BSL agus Innealtóirí Comhairleacha RPS. Ba iad an Grúpa Nuachtán, The Dublin People, an comhpháirtí ó na meáin.

Clár tacaíochta comhshaoil agus deimhnithe trí bliana é an **Clár Ecocert** a seoladh sa bhliain 2011 ar mhaithe leis na gnóthais ionas go bhféadfaí spáráil a dhéanamh i mbainistíocht dramhaíola, uisce agus fuinnimh. Comhpháirtíocht idir an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Econcertive agus cúig údarás áitiúla lena n-áirítear Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin is ea an Clár Ecocert. Tá ocht n-eagraíocht deimhnithe go dáta.

Scéim Feabhsúcháin Shruth Dhún Carúin/ Maretimo – aonad de lintéar coincréite réamhtheilgthe á ardú lena shocrú i bPáirc Stigh Lorgan oíche amháin ag teannadh le deireadh 2012.



Áirítear cuideachtaí sna hearnálacha miondíola, cógaisíochta, airgeadais agus oideachais leis na rannpháirtithe a bhfuil leas á bhaint ag roinnt díobh as an gClár Ecocert chun a slabhra soláthair a ghlasú freisin.

Eagraíodh **7 Lá Bailithe Dramhthrealaimh Leictrigh agus Leictreonaigh (WEEE)** sa Chontae in 2012 i gcomhar le WEEE Ireland ar mhaithe le dramhaíl WEEE a athchúrsáil. Tharla na bailiúcháin seo i gcarrchlóis ionad miondíola agus tógadh 62 thonna d'ábhar WEEE san iomlán. Bhí Tionscnamh Athchúrsála Phobal Chluain Dolcáin fostaithe ag Bainistíocht Eastát chun dul ó dhoras go doras chun ábhar a bhailiú ó thionóntaí de réir mar ba ghá. D'fhág na bailiúcháin seo a rinneadh ó dhoras go doras gur athchúrsáladh 8.9 tonna eile d'ábhar WEEE sa chontae le cois gach ar thug cónaitheoirí chomh fada le Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin.

## Ionaid Athchúrsála

### Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin

Ba 8,450 tonna an tonnáiste d'ábhar in-athchúrsáilte a tarraingíodh chuig Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin in 2012.

Is féidir le daoine araidí múirín agus bairillí uisce a cheannach i bPáirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin. Díoladh 141 Araid Mhúirín agus 223 Bhairille in 2012.

### Ionad Athchúrsála Pháirc Éidin

Tarraingíodh 393 thonna d'ábhair in-athchúrsáilte chuig Ionad Athchúrsála Pháirc Éidin in 2012.

### Ionad Athchúrsála Sheangánaí

Tarraingíodh 233 thonna d'ábhair in-athchúrsáilte chuig Ionad Athchúrsála Sheangánaí in 2012.

### Ionaid 'Fág Anseo'

38 n-ionad atá ag an gComhairle. Tugadh 2,075 thonna san iomlán d'ábhar in-athchúrsáilte chuig na hionaid le linn na bliana.

**SCEIDEAL 1 - 2012**

| | |
|---|---|
| **Saoráidí Cláraithe/Ceadanna Eisithe** | |
| Cur i ngníomh Forálacha Dramhaíola | 469 |
| Ceadúnais Fuíolluisce | 331 |
| **Cigireacht** | |
| Cur i nGníomh Forálacha Dramhaíola | 603 |
| Uisce agus Fuíolluisce | 11,500 |
| **Gearáin a fuarthas** | |
| Cur i nGníomh Forálacha Dramhaíola | 187 |
| Uisce agus Fuíolluisce | 2,117 |
| **Gníomhartha Curtha i nGníomh** | |
| Cur i nGníomh Forálacha Dramhaíola | 86 |
| Uisce agus Fuíolluisce | 21 |

# Ráitis Bhliantúla Airgeadais 2012

# Clár Comhardaithe na Bliana Dar Críoch 31 Nollaig 2012

| | €'000 |
|---|---:|
| Sócmhainní Seasta | 3,415,475,967 |
| Obair idir Lámha | 179,011,379 |
| Fiachóirí Fadtéarmacha | 142,727,957 |
| Glansócmhainní Reatha | 124,860,604 |
| Creidiúnaithe Fadtéarmacha | -220,537,365 |
| **Glansócmhainní** | **3,641,538,542** |

**Maoinithe ag:**

| | |
|---|---:|
| Cuntas Caipitlithe | 3,415,475,967 |
| Obair idir Lámha | 154,916,365 |
| Cúlchiste Ioncaim Shonraigh | 18,452,967 |
| Comhardú cúlchiste ginearálta | 9,601,934 |
| Iarmhéideanna eile | 43,091,309 |
| **Iomlán** | **3,641,538,542** |

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais na Bliana Dar Críoch 31 Nollaig 2012

| | Oll-chaiteachas 2012 € | Ioncam 2012 € | Glan-chostas 2012 € |
|---|---|---|---|
| Tithíocht Agus Tógáil | 25,699,416 | 23,599,278 | 2,100,138 |
| Iompar Ar Bhóithre & Sábháilteacht | 27,011,817 | 11,992,052 | 15,019,764 |
| Soláthar Uisce & Séarachas | 31,447,488 | 8,543,866 | 22,903,622 |
| Dreasachtaí & Rialú Forbartha | 11,616,091 | 1,673,987 | 9,942,104 |
| Cosaint An Chomhshaoil | 28,176,644 | 7,283,152 | 20,893,492 |
| Caitheamh Aimsire & Conláiste | 23,576,591 | 4,088,398 | 19,488,192 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Sábháilteacht | 3,752,652 | 2,968,416 | 784,235 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 19,893,500 | 6,156,501 | 13,736,999 |
| **Caiteachas / Ioncam Iomlán** | **171,174,198** | **66,305,651** | 104,868,547 |
| Costas glan na gclár le cistiú as: | | | |
| Ioncam Rátaí | | | 86,392,172 |
| Asbhaint Bainteach le Pinsean | | | 2,813,189 |
| Ciste an Rialtais Áitiúil | | | 25,311,824 |
| Barrachas / (Easnamh) don bhliain | | | **9,648,638** |
| Aistriú ó / (go) cúlchistí | | | -9,547,168 |
| Barrachas foriomlán / (easnamh) don bhliain | | | **101,470** |
| Cúlchiste ginearálta @ 1 Eanáir | | | 9,500,464 |
| **Cúlchiste ginearálta @ 31 Nollaig** | | | **9,601,934** |

# Táscairí Seirbhíse 2012

| Comhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin | |
|---|---|
| **F:** SEIRBHÍS DÓITEÁIN | |
| **F1: FEIDHMIÚ NA SEIRBHÍSE DÓITEÁIN** | |
| **A.** An t-achar, ar an meán, i nóiméid, a thóg sé ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiúin Lánaimseartha a bheith réitithe i gcomhair dóiteáin | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **B.** An t-achar, ar an meán, i nóiméid, a thóg sé ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís choinnithe dóiteáin) a bheith réitithe i gcomhair dóiteáin | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **C.** An t-achar, ar an meán, i nóiméid, a thóg sé ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiúin Lánaimseartha a bheith réitithe i gcomhair gach teagmhas éigeandála eile | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **D.** An t-achar, ar an meán, i nóiméid, a thóg sé ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís choinnithe dóiteáin) a bheith réitithe i gcomhair gach teagmhas éigeandála eile | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **F.2:CÉATADÁN DEN AM A THÓG SÉ AR BHRIOGÁID A BHEITH I LÁTHAIR AR LÁITHREACHA** | |
| **A.** Céatadán cásanna dóiteáin ina raibh an chéad bhriogáid ar an láthair taobh istigh de 10 nóiméad | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **B.** Céatadán cásanna dóiteáin ina raibh an chéad bhriogáid ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach taobh istigh de 20 nóiméad | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **C.** Céatadán cásanna dóiteáin ina raibh an chéad bhriogáid ar an láthair tar éis 20 nóiméad | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **D.** Céatadán cásanna i ndáil le gach teagmhas éigeandála eile a raibh an chéad bhriogáid ar an láthair taobh istigh de 10 nóiméad | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **E.** Céatadán cásanna i ndáil le gach teagmhas éigeandála eile a raibh an chéad bhriogáid ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach taobh istigh de 20 nóiméad | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **F.** Céatadán cásanna i ndáil le gach teagmhas éigeandála eile a raibh an chéad bhriogáid ar an láthair tar éis 20 nóiméad | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **F.3: COSC DÓITEÁIN** | |
| **A.** Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú ar shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas | 161 |
| **B.** Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú ar shábháilteacht ó dhóiteán a próiseáladh (lena n-áirítear cásanna a measadh nár chásanna bailí iad) | 159 |
| **C.** Líon iomlán na n-iarratas a measadh nár chásanna bailí iad | 18 |

## CP: RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

| | |
|---|---|
| **CP.1 RANNPHÁIRTÍOCHT I SCÉIM ÁITIÚIL CHOMHAIRLE NA NÓG** | |
| Céatadán scoileanna áitiúla agus grúpaí óige páirteach i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg | 54.17 |
| Líon iomlán scoileanna áitiúla agus grúpaí óige | 72 |
| Líon scoileanna áitiúla agus grúpaí óige páirteach i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg | 39 |
| **CP.2 GRÚPAÍ CLÁRAITHE LEIS AN BHFÓRAM POBAIL AGUS DEONACH** | |
| Líon grúpaí cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach | 412 |

## C: SAINCHEISTEANNA CORPARÁIDEACHA

| | |
|---|---|
| **C.1 LAETHANTA OIBRE CAILLTE DE BHARR BREOITEACHTA** | |
| **A.** Céatadán de laethanta oibre caillte de bharr breoiteachta le teastas | 4.2 |
| **B.** Céatadán de laethanta oibre caillte de bharr breoiteachta gan teastas | 1 |
| An líon laethanta oibre caillte de bharr breoiteachta le teastas | 9804.5 |
| An líon laethanta oibre caillte de bharr breoiteachta gan teastas | 2332 |
| An líon iomlán foirne (Coibhéis Lánaimseartha) i ndeireadh mhí na Nollag 2012 (de réir thuairisceán foirne na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil do dheireadh 2012) | 1028.3 |
| **C.2 OILIÚINT AGUS FORBAIRT NA FOIRNE** | |
| Caiteachas ar Oiliúint agus ar Fhorbairt mar chéatadán de na costais iomlána phárolla: | 3.54 |

## E: SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

### UISCE

| | | |
|---|---|---|
| **E.1 UISCE GAN CHUNTAS** | | |
| Uisce gan chuntas (UFW) mar chéatadán den toilleadh iomlán uisce arna sholáthar faoi na scéimeanna soláthair uisce as a bhfuil an t-údarás áitiúil freagrach | 25.26 | |
| An toilleadh iomlán uisce soláthartha (m3/sa lá) faoi na scéimeanna soláthair uisce as a bhfuil an t-údarás áitiúil freagrach | 59319 | |
| An toilleadh uisce gan chuntas (m3/sa lá) faoi na scéimeanna soláthair uisce as a bhfuil an t-údarás áitiúil freagrach | 14984 | |

### BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA

| | | |
|---|---|---|
| **E.3 LEITHSCARADH DRAMHAÍOLA** | | |
| **A.** Céatadán de theaghlaigh a bhaineann úsáid as seirbhís bhailithe dramhaíola agus a gcuirtear bailiú leithscartha dramhaíola ar fáil dóibh i gcomhair ábhair thirime in-athchúrsáilte | 99.83 | |
| **B.** Céatadán de theaghlaigh a bhaineann úsáid as seirbhís bhailithe dramhaíola agus a gcuirtear bailiú leithscartha dramhaíola ar fáil dóibh i gcomhair ábhair orgánacha | 42.92 | |
| An líon iomlán teaghlach ar cuireadh seirbhís bhailithe dramhaíola ar fáil dóibh | 73742 | |
| An líon teaghlach ar cuireadh seirbhís bhailithe scagtha dramhaíola i gcomhair ábhair in-athchúrsáilte ar fáil dóibh | 73613 | |
| An líon teaghlach ar cuireadh seirbhís bhailithe scagtha dramhaíola i gcomhair ábhair orgánacha ar fáil dóibh | 31653 | |

| E4: DRAMHAÍL TÍ BAILITHE AGUS SEOLTA AR AGHAIDH LE HAGHAIDH ATHCHÚRSÁLA | | |
|---|---|---|
| **A.** Céatadán den dramhail tí bailithe den cholbha agus seolta ar aghaidh le haghaidh athchúrsála | 45.64 | |
| **B.** Tonnáiste den dramhaíl tí bailithe den cholbha agus seolta ar aghaidh le haghaidh athchúrsála | 25530 | |
| **C.** Tonnáiste den dramhaíl tí athchúrsáilte a tháinig as dramhaíl a bailíodh as saoráidí athchúrsála (.i. bainc beir leat, ionaid fóntais chathartha, ionaid aistrithe agus saoráidí eile athchúrsála) | 10748.14 | |
| Tonnáiste iomlán den dramhaíl tí bailithe den cholbha | 55933 | Tuairiscithe ag ONCBD |
| Tonnáiste den dramhaíl tí bailithe den cholbha agus seolta ar aghaidh le haghaidh athchúrsála | 25530 | |
| Tonnáiste den dramhaíl tí bailithe den cholbha agus seolta ar aghaidh le haghaidh líonadh talún | 30399 | |
| Tonnáiste den dramhaíl tí athchúrsáilte a tháinig as dramhaíl a bailíodh as saoráidí athchúrsála (.i. bainc beir leat, ionaid fóntais chathartha, ionaid aistrithe agus saoráidí eile athchúrsála) | 10748.14 | |

| E5: DRAMHAÍL TÍ SEOLTA AR AGHAIDH CHUIG LÍONADH TALÚN | |
|---|---|
| **A.** Céatadán den dramhaíl tí bailithe a seoladh ar aghaidh chuig líonadh talún | 54.35 |
| **B.** Tonnáiste den dramhaíl tí bailithe a seoladh ar aghaidh chuig líonadh talún | 30399 |
| Tonnáiste iomlán den dramhaíl tí a bailíodh | 55933 |
| Tonnáiste den dramhaíl tí a seoladh ar aghaidh chuig líonadh talún | 30399 |

| E6: SAORÁIDÍ ATHCHÚRSÁLA | |
|---|---|
| Líon iomlán láithreacha Beir Leat i limistéar an údaráis áitiúil | 38 |
| Líon iomlán Ionaid Fóntais Chathartha i limistéar an údaráis áitiúil | 3 |
| **Gloine** | |
| **A.** Líon na láithreacha Beir Leat don athchúrsáil | 36 |
| **B.** Líon Ionaid Fóntais Chathartha don athchúrsáil | 3 |
| **C.** Líon iomlán na saoráidí don athchúrsáil | 39 |
| **D.** An líon láithreacha don athchúrsáil in aghaidh gach 5,000 duine | 0.95 |
| **Cannaí** | |
| **E.** Líon na láithreacha Beir Leat don athchúrsáil | 30 |
| **F.** Líon Ionaid Fóntais Chathartha don athchúrsáil | 3 |
| **G.** Líon iomlán na saoráidí don athchúrsáil | 33 |
| **H.** An líon láithreacha don athchúrsáil in aghaidh gach 5,000 duine | 0.8 |
| **Teicstílí** | |
| **I.** Líon na láithreacha Beir Leat don athchúrsáil | 28 |
| **J.** Líon Ionaid Fóntais Chathartha don athchúrsáil | 3 |
| **K.** Líon iomlán na saoráidí don athchúrsáil | 31 |
| **L.** An líon láithreacha don athchúrsáil in aghaidh gach 5,000 duine | 0.75 |
| **Cadhnraí** | |
| **M.** Líon na láithreacha Beir Leat don athchúrsáil | 0 |
| **N.** Líon Ionaid Fóntais Chathartha don athchúrsáil | 3 |
| **O.** Líon iomlán na saoráidí don athchúrsáil | 3 |
| **P.** An líon láithreacha don athchúrsáil in aghaidh gach 5,000 duine | 0.07 |
| **Olaí** | |
| **Q.** Líon na láithreacha Beir Leat don athchúrsáil | 0 |
| **R.** Líon Ionaid Fóntais Chathartha don athchúrsáil | 1 |

| | | |
|---|---|---|
| **S.** Líon iomlán na saoráidí don athchúrsáil | 1 | |
| **T.** An líon láithreacha don athchúrsáil in aghaidh gach 5,000 duine | 0.02 | |
| **Ábhair eile** | | |
| **U.** Líon na láithreacha Beir Leat don athchúrsáil | 0 | |
| **V.** Líon Ionaid Fóntais Chathartha don athchúrsáil | 3 | |
| **W.** Líon iomlán na saoráidí don athchúrsáil | 3 | |
| **X.** An líon láithreacha don athchúrsáil in aghaidh gach 5,000 duine | 0.07 | |
| **Bruscar** | | |
| **E7: COSC AR BHRUSCAR AGUS FORFHEIDHMIÚ** | | |
| **A.** Líon na maor bruscair lánaimseartha | 6 | |
| **B.** Líon na maor bruscair páirtaimseartha | 2 | |
| **C.** Líon na maor bruscair (lánaimseartha agus páirtaimseartha araon) in aghaidh gach 5,000 duine | 0.19 | |
| **D.** Líon fíneálacha ar an láthair a eisíodh | 733 | An líon fíneálacha tite mar go raibh 1 maor bruscair ar saoire bhreoiteachta fhadtéarmach i rith na bliana |
| **E.** Líon fíneálacha ar an láthair a íocadh | 525 | |
| **F.** Líon na gcásanna ionchúisimh a tionscnaíodh de bharr nár íocadh fíneálacha ar an láthair | 77 | |
| **G.** Líon na gcásanna ionchúisimh a daingníodh i gcásanna a tógadh de bharr nár íocadh fíneálacha ar an láthair | 8 | |
| **H.** Líon na bhfógraí a eisíodh (faoi alt 9, 15, 16, 17 agus 20 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997) | 0 | |
| **I.** Líon iomlán na n-ionchúiseamh a glacadh (tagann na hionchúisimh go léir faoi na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 go 2003) | 78 | |
| **J.** Líon iomlán na n-ionchúiseamh a daingníodh (tagann na hionchúisimh go léir faoi na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 go 2003) | 9 | |
| **K.** Céatadán limistéar an údaráis áitiúil nach raibh truaillithe (.i. saor ó bhruscar) | 18 | |
| **L.** Céatadán limistéar an údaráis áitiúil gur bheag an truailliú ó bhruscar a bhí iontu | 37 | |
| **M.** Céatadán limistéar an údaráis áitiúil a bhí sách truaillithe ó bhruscar | 45 | |
| **N.** Céatadán limistéar an údaráis áitiúil a bhí truaillithe go dona ó bhruscar | 1 | |
| **O.** Céatadán limistéar an údaráis áitiúil a bhí truaillithe go han-dona ó bhruscar | 0 | |
| **E8: GEARÁIN FAOIN GCOMHSHAOL AGUS FORFHEIDHMIÚ** | | |
